







# Comhairle Chontae na Mí • Tuarascáil Bhliantúil 2005





meath county council
comhairle chontae na mí

# CLÁR


3 **Réamhrá**

4 **Brollach**

5 **Daonlathas Áitiúil**

9 Pobal, Fiontar, Áineas, Cultúr agus Oidhreacht

29 Seirbhísí Corparáideacha

39 Seirbhísí Comhshaoil

44 Seirbhísí Tithíochta

48 Acmhainní Daonna

56 Teicneolaíocht na Faisnéise

59 Seirbhísí Infreastruchtúir

65 Pleanáil & Forbairt Eacnamaíochta

71 Comhairlí Baile

71 **Ceanannas**

73 **An Uaimh**

74 **Baile Átha Troim**

75 **AGUISÍN I - Ráiteas Airgeadais Bliantúil 200**

76 **AGUISÍN II - Briseadh síos na n-iarratas i 2005**














## I 2005 CHOMHAONTAIGH COMHAIRLE CHONTAE NA MÍ PLEAN CORPARÁIDEACH NUA

De réir na dtreoirlínte le Pleananna Corparáideacha a ullmhú, a d'fhoilsigh an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, tá dualgas ar Chomhairle Contae na Mí plean oibriúcháin bliantúil a ullmhú do gach bliain de fhráma ama an Phlean Chorparáidigh.

Sonraíodh go mionn i bPlean Oibriúcháin Chomhairle Contae na Mí 2005 na gníomhaíochtaí a bhfuil na réimsí éagsúla seirbhíse le tabhairt faoi le cuspóirí an Phlean Chorparáidigh a bhaint amach.

Tá an Tuarascáil Bhliantúil 2005 seo, an chéad cheann foilsithe ó comhaontaíodh an Plean Corparáideach, bunaithe ar Phlean Oibriúcháin 2005 agus ar thuairiscí ar ghníomhaíochtaí ar leith, ina leathnaítear amach ar na gnáthdhualgais a bhfuil bainteach le riarachán sna réimsí seirbhíse cuí laistigh de Chomhairle Chontae na Mí.









# RÁITEAS ÓN gCATHAOIRLEACH AGUS Ó BHAINISTEOIR AN CHONTAE

Is cúis áthais dúinn Tuarascáil Bhliantúil 2005 Chomhairle Contae na Mí a chur faoi do bhráid.

Gach bliain cuireann an chomhairle Tuarascáil Bhliantúil le chéile ina sonraítear a cuid torthaí agus an dul chun cinn atá déanta ar thionscnaimh a bhí ar siúl le linn na bliana ag an gcomhairle thar ceann mhuintir na Mí. San áireamh tá gníomhaíochtaí ar leith a dtug an chomhairle faoi agus san áireamh chomh maith i dTuarascáil Bhliantúil 2005 tá an chéad tuarascáil bhliantúil ar dhul chun cinn an Phlean Chorparáidigh 2004 – 2009.

Le linn 2005 lean an chomhairle ag tabhairt faoi na dúshláin a bhfuil os comhair an chontae, lena n-áirítear aghaidh a thabhairt ar na riachtanais atá ann maidir le daonra a bhfuil ag dul i méid. Rinneamar infheistíocht de níos mó ná €209 milliún ar thionscnaimh Caipitil, agus cuireadh an chuid is mó díobh i gcrích le linn na bliana agus tá an chuid eile anois ag na céimeanna deiridh. Caitheadh níos mó ná €82 milliún ar na hoibríochtaí laethúla agus ar chothabháil seirbhísí riachtanacha, agus tá an-chuid feabhsaithe tar éis a bheith déanta san fhorbairt ar ár n-infreastruchtúr fisiciúil agus ar ár mbonneagar sóisialta.


I Márta 2005 thosaigh an t-athbhreithniú ar Phlean Forbartha an Chontae nuair a ullmhaíodh Doiciméid maidir le Saincheisteanna Straitéiseacha agus tugadh faoi obair shuntasach le Pleananna Limistéir Áitiúil Oirthear na Mí a chur i gcrích. Cuireadh tús le tograí suntasacha eile i rith na bliana, lena n-áirítear Scéim Leathanbhanda an Chontae agus an Grúpscéim Leathanbhanda, workinmeath.ie, Bunachar Sonraí Scileanna chomh maith le tionscnaimh nua margaíochta agus tionscnaimh le dul chun cinn a dhéanamh ar phróifíl don Mhí, Príomhcheantar Oidhreachta na hÉireann, mar cheann de na háiteanna is díol spéise do thurasóirí. Leis an ionchur a tháinig ó na comhaltaí tofa agus ón bhfeidhmeannas cinntíodh gur tugadh faoi chlár oibre cuimsitheach na comhairle i mbealach éifeachtúil agus éifeachtach i rith na bliana agus táimid buíoch de na comhaltaí agus den fhoireann as a dtiomantas agus a ndílseacht do Chontae na Mí le linn 2005.



Brian Fitzgerald
**Cathaoirleach**



Tom Dowling
**Bainisteoir an Chontae**









## Bunaíodh Coistí um Pholasaí Straitéiseach (SPC) sna hÚdaráis Áitiúla chun díriú ar fhorbairt polasaithe i réimsí a bhaineann le seirbhísí comhairle.

### Is iad seo a leanas an ceithre choiste atá ag Comhairle Chontae na Mí maidir leis seo:

**COMHSHAOL**

| | | |
|---|---|---|
| **An Comh. Patsy O' Neill** (Cath) | Wilkinstown, An Uaimh, Co. na Mí | Comhairleoir – Ceantar na hUaimhe |
| **Eddie Downey** | Monknewtown, Baile Shláine, Co. na Mí | Réimse – Feirmeoireacht |
| **Patrick O' Brien** | East Commons, Station Road, Damhliag, Co. na Mí | Réimse – Pobal |
| **An Dr. Don Mac Auley** | The View, Wilkinstown, An Uaimh, Co. na Mí | Réimse – Pobal |
| **Folúntas** | Réimse – Gnó & Tráchtáil | |
| **An Comhairleoir Michael Lynch** | 4 Whitehall, Seanchaisleán, Co. na Mí | Comhairleoir - Ceantar Cheanannais |
| **An Comhairleoir Liz Mc Cormack** | 3 Park View, Baile Átha Buí, Co. na Mí | Comhairleoir - Ceantar Cheanannais |
| **An Comhairleoir Ann Dillon Gallagher** | Loughbracken, Drumconrath, An Uaimh, Co. na Mí | Comhairleoir - Ceantar Bhaile Shláine |
| **An Comhairleoir Peter Higgins** | High Street, Baile Átha Troim, Co. na M | Comhairleoir – Ceantar Bhaile Átha Troim |
| **An Comhairleoir Tom Kelly** | An Inse, Baile Átha Troim, Co. na M | Comhairleoir – Ceantar Bhaile Shláine |
| **An Comhairleoir Brian Collins** | Br. an Chabháin, Ceanannas, Co. na Mí | Comhairleoir – Comhairle Bhaile Cheanannais |
| **An Comhairleoir Joseph Bonner** | Donaghmore, Cill Dhéagláin, Co. na Mí | Comhairleoir - Ceantar Dhún Seachlainn |

**FORBAIRT INFREASTRUCHTÚRTHA**

| | | |
|---|---|---|
| **An Comhairleoir Oliver Brooks (Cath)** | Kileen Road, Dún Seachlainn, Co. na Mí | Comhairleoir – Ceantar Dhún Seachlainn |
| **Seamus Mc Gee** | Mc Gees Cross, Crossakiel, Ceanannas, Co. na Mí | Réimse – Feirmeoireacht |
| **John Maguire** | Irish Concrete Federation, 8 Newlands Park, Br. Náis, Cluain Dolcáin, B.Á.C. 22 | Réimse - Gnó & Tráchtáil |
| **Miriam Mc Kenna** | Unit 30-32 Navan Enterprise Centre, Br. Bhaile Átha Troim, An Uaimh | Pobal |
| **Eamon Gavigan** | Mason Gavigan, 19 Ludlow Street, An Uaimh. | Gnó & Tráchtáil |
| **An Comhairleoir Noel Leonard** | 4 St Patrick's Park, Dún Búinne, Co. na Mí | Comhairleoir – Ceantar Dhún Seachlainn |
| **An Comhairleoir Shane Cassells** | 8 Moatlands Drive, An Uaimh, Co. na Mí | Comhairleoir – Ceantar na hUaimhe |
| **An Comhairleoir Jimmy Fegan** | Clonfane, Baile Átha Troim, Co. na Mí. | Comhairleoir - Ceantar Bhaile Átha Troim |
| **An Comhairleoir Charles Bobbett** | Kilbegnet, Fleenstown Lane, An Barda, Co. Átha Cliath. | Comhaileoir – Ceantar Dhún Seachlainn |
| **An Comhairleoir William Carey** | Newcastle, An Bóthar Buí, Co. na Mí. | Comhairleoir – Ceantar Bhaile Átha Troim |
| **An Comhairleoir Andy Brennan** | 3 Parnell Park, An Uaimh | Méara - Comhairle Bhaile na hUaimhe |
| **An Comhairleoir Michael Gallagher** | Drumconrath, An Uaimh, Co. na Mí | Comhairleoir – Ceantar Cheanannais |

# DAONLATHLATHAS ÁITIÚIL







## PLEANÁIL & FORBAIRT EACNAMAÍOCHTA

| | | |
|---|---|---|
| **An Comhairleoir Dominic Hannigan (Cath)** | 68 Lagavooren Manor, Droichead Átha, Co. Lú | Comhairleoir – Ceantar Bhaile Shláine |
| **Emer Dunne** | Gilltown, Beauparc, An Uaimh | Réimse - Feirmeoireacht |
| **Oliver Reilly** | Clegarrow, An Bóthar Buí, Co. na Mí. | Réimse – Ceardchumann |
| **Shaun Lynch** | Newlanes House, Damhliag, Co. na Mí | Pobal |
| **Sean Boyle** | Tara House, 38 Trimgate Street, An Uaimh | Gnó & Tráchtáil |
| **An Comhairleoir Bryan Reilly** | Rockfield Road, Kells, Co. Meath. | Comhairleoir - Ceantar Cheanannais |
| **An Comhairleoir Tommy Reilly** | Ardsallagh, An Uaimh, Co. na Mí | Comhairleoir – Ceantar na hUaimhe |
| **An Comhairleoir John V Farrelly** | Hurdlestown, Ceanannas, Co. na Mí. | Comhairleoir – Ceantar Cheanannais |
| **An Comhairleoir Jim Holloway** | Farganstown, Br. na Bóinne, An Uaimh, Co. na Mí. | Comhairleoir – Ceantar na hUaimhe |
| **An Comhairleoir Brian Fitzgerald** | Warrenstown, Cill Choca, Co. na Mí | Comhairleoir – Ceantar Dhún Seachlainn |
| **An Comhairleoir Joe Reilly** | Faughan Hill, Bohermeen, An Uaimh, Co. na Mí. | Comhairleoir – Ceantar na hUaimhe |

## FORBAIRT SHÓISIALTA, POBAIL AGUS CHULTÚRTHA

| | | |
|---|---|---|
| **An Comhairleoir Nick Killian** (Cath) | Ballybin, Ráth Tó, Cill Dhéagláin, Co. na Mí | Comhairleoir – Ceantar Dhún Seachlainn |
| **Brendan Conway** | 54 Millbrook, Johnstown, An Uaimh, Co. na Mí | Réimse – Ceardchumann |
| **Maureen Kerrigan** | Bohermeen ICA, Cortown, Ceanannas, Co. na Mí | Pobal |
| **James Doorley** | D.F.I., St Annes Community Centre, Railway Street, An Uaimh, Co. na Mí | Pobal |
| **Patricia Hehir** | The Moate, Ráth Moliain, Co. na Mí. | Pobal |
| **An Comhairleoir Seamus Murray** | Cullentra, Maigh Dearmhaí, Co. na Mí | Comhairleoir – Ceantar Bhaile Átha Troim |
| **An Comhairleoir Jenny D'Arcy** | Apt 1, 7 Trimgate Street, An Uaimh, Co. na Mí. | Comhairleoir – Ceantar na hUaimhe |
| **An Comhairleoir Eugene Cassidy** | Possextown, An Obair, Co. Meath. | Comhairleoir – Ceantar Cheanannais |
| **An Comhairleoir Trevor Golden** | Church Lane, Baile Átha Troim, Co. na Mí. | Comhairleoir – Comhairle Bhaile Bhaile Átha Troim |
| **An Comhairleoir Phillip Cantwell** | "Villa Maria", Manorland, Baile Átha Troim, Co. na Mí. | Comhairleoir – Ceantar Bhaile Átha Troim |
| **An Comhairleoir Jimmy Cudden** | 23 St Cianan's Villas, Damhliag, Co. na Mí. | Comhairleoir – Ceantar Bhaile Shláine |







## BHÍ IONADAITHE AG COMHAIRLE CHONTAE NA MÍ AR NA COISTÍ SEO A LEANAS LE LINN 2005


| AINM AN CHOISTE | AINM |
|---|---|
| **Údarás Réigiúnach an Mheán Oirthir** | An Comhairleoir Brian Fitzgerald |
| | An Comhairleoir Patsy O' Neill |
| | An Comhairleoir Jim Holloway |
| | An Comhairleoir Jimmy Fegan |
| | An Comhairleoir Michael Lynch |
| | An Comhairleoir James Mangan |
| | An Comhairleoir Tommy Reilly |
| | An Comhairleoir Seamus Murray |
| **Coiste Maoinithe Charlton** | An Comhairleoir Michael Lynch |
| | An Comhairleoir Bryan Reilly |
| **Oifig Iompair Bhaile Átha Cliath** | An Comhairleoirr Charles Bobbett |
| **- Comhairleach** | An Comhairleoir Oliver Brooks |
| **Comhairle Ghinearálta na gComhairlí Contae** | An Comhairleoir William Carey |
| | An Comhairleoir Jimmy Fegan |
| | An ComhairleoirSeamus Murray |
| **The Irish Public Bodies** | |
| **Mutual Insurances Ltd.** | An Comhairleoir Shane Cassells |
| **Cumann Bhaill na nÚdarás Áitiúil** | An Comhairleoir Jimmy Cudden |
| **Coiste Comhairleach Chóiríocht** | |
| **don Lucht Siúil.** | An Comhairleoir Jenny D'Arcy |
| | An Comhairleoir James Mangan |
| | An Comhairleoir Anne Dillon-Gallagher |
| | An Comhairleoir Tommy Reilly |
| | An Comhairleoir Noel Leonard |
| **Bord Fiontair Chontae na Mí** | An Comhairleoir Patrick Boshell |
| | An Comhairleoir Eugene Cassidy |
| | An Comhairleoir Noel Leonard |
| | An Comhairleoir James Mangan |
| **Leader II na Mí** | An Comhairleoir Patsy O'Neill |
| | An Comhairleoir Dominic Hannigan |
| **Comhpháirtíocht Spóirt Áitiúil na Mí Tta** | An Comhairleoir Tommy Reilly |
| **Eagraíocht Réigiúnda Turasóireachta** | |
| **an Mheán Oirthir** | An Comhairleoir John V. Farrelly |
| Navan Enterprise Centre Company Ltd. | An Comhairleoir Jim Holloway |
| | An Comhairleoir Shane Cassells |
| | An Comhairleoir Tommy Reilly |
| **Coiste Comhairle Réigiúnda - Teagasc** | An Comhairleoir Seamus Murray |
| **Coiste Monatóireachta Uisce Tuaithe** | An Comhairleoir Eugene Cassidy |
| | An Comhairleoir Michael Lynch |
| | An Comhairleoir Noel Leonard |
| | An Comhairleoir Anne Dillon-Gallagher |
| | An Comhairleoir Seamus Murray |
| **Monatóireacht Chomhshaoil** | |
| **Mianach Teabhrach** | An ComhairleoirJames Mangan |
| | An Comhairleoir Jim Holloway |
| | An Comhairleoir Joe Reilly |
| | An Comhairleoir Patsy O'Neill |

# DAONLATHLATHAS ÁITIÚIL

| AINM AN CHOISTE | AINM |
|---|---|
| | An Comhairleoir Phillip Cantwell |
| | An Comhairleoir Shane Cassells |
| | An Comhairleoir Tommy Reilly |
| **Bord Turasóireachta na Mí** | An Comhairleoir Jimmy Fegan |
| | An Comhairleoir Tommy Reilly |
| | An Comhairleoir John V. Farrelly |
| **CGO na Mí** | An Comhairleoirr Bryan Reilly |
| | An Comhairleoir Patrick Boshell |
| | An Comhairleoir Tommy Reilly |
| | An Comhairleoir Seamus Murray |
| | An Comhairleoir Nick Killian |
| | An Comhairleoir Jenny D'Arcy |
| | An Comhairleoir Charles Bobbett |
| | An Comhairleoir Dominic Hannigan |
| | An Comhairleoir Joe Reilly |
| | An Comhairleoir Noel Leonard |
| | An Comhairleoir William Carey |
| **Áisínteacht Bhainistíochta Fuinnimh na Mí** | An Comhairleoir Patsy O'Neill |
| | An Comhairleoir Tom Kelly |
| | An Comhairleoir Michael Gallagher |
| **Leabharlann – Comhairleach** | An Comhairleoirr Patrick Boshell |
| | An Comhairleoir Michael Lynch |
| | An Comhairleoir Peter Higgins |
| **Tionól Réigiúnda an Deiscirt agus an Oirthir** | |
| | An Comhairleoirr Michael Lynch |
| | An Comhairleoir Jim Holloway |
| **Coiste Prótacail** | An Comhairleoir James Mangan |
| | An Comhairleoirr Bryan Reilly |
| | An Comhairleoirr Brian Fitzgerald |
| | An Comhairleoir Seamus Murray |
| | An Comhairleoir Patsy O' Neill |
| | An Comhairleoir William Carey |
| | An Comhairleoirr Tom Kelly |
| | An Comhairleoir Jimmy Cudden |
| CPG | An Comhairleoir Brian Fitzgerald |
| | An Comhairleoir Oliver Brooks |
| | An Comhairleoir Nick Killian |
| | An Comhairleoir Patsy O' Neill |
| | An Comhairleoir Dominic Hannigan |







# Pobal, Fiontar, Caitheamh Aimsire, Cultúr agus Oidhreacht





**PRÍOMHGHNÍOMHAÍOCHTAÍ: TÁ AN RANNÓG POBAIL AGUS FIONTAIR FREAGRACH AS:**

- **Forbairt Pobail agus Fiontair**
- **Bord Forbartha Chontae na Mí**
- **Tionscnaimh 'Pride of Place'**
- **Oidhreacht**
- **Na hEalaíona**
- **Seirbhís Leabharlainne**
- **Áiseanna Pobail, Caithimh Aimsire, Fóillíochta agus taitneamhachtaí/ Scéim Deontas Poba**
- **Clár RAPID**
- **Comhpháirtíocht Spóirt Áitiúil na Mí**



## CUSPÓIR STRAITÉISEACH

Cláir agus seirbhísí éagsúla a fhorbairt agus a chur chun cinn ina dtugtar an deis do dhaoine páirt a ghlacadh i bhforbairt agus i ngníomhaíocht pobail; agus obair le chéile sa Chomhairle, le pobail agus le páirtithe leasmhara, le bheith in ann pobail shlán agus inchothaithe a thógáil go héifeachtach. .



# Bord Forbartha Chontae na Mí

## Straitéisí

Leanúint le tacaíocht a thabhairt do Bhord Forbartha Chontae na Mí agus le héascú a dhéanamh dó leis an straitéis chomhtháite deich mbliana atá aige do Chontae na Mí a chur i bhfeidhm.

Bord Forbartha Chontae na Mí a chur chun cinn in Údaráis Áitiúla na Mí mar chomhpháirtíocht ilghníomhaireachta straitéiseach le haghaidh tionscnamh trasrannóige a chur chun cinn

## Athbhreithniú ar Le Chéile

I mí an Mhéithimh 2005, sheol Bord Forbartha Chontae na Mí (CDB) Trasdul sa Mhí: Athbhreithniú ar Le Chéile – Straitéis Chomhtháite don Mhí go 2012, ag ionchorprú Plean Gníomhaíochta 2005-2008. Seoladh Trasdul sa Mhí: Próifíl Shocheacnamaíoch chomh maith. Tugann an dara ceann léargas ginearálta ar an gcontae agus tá sé tar éis a bheith in úsáid le haghaidh rudaí éagsúla lena n-áirítear eolas a thabhairt ar an Athbhreithniú ar Phlean Forbartha an Chontae. Measadh gur chuid an-tábhachtach d'fheidhmiú na straitéise í an t-athbhreithniú ina iomlán i dtéarmaí an mheasúnaithe agus an mhonatóireachta a rinneadh air agus bhí sé mar chuid de phróiseas athbhreithnithe a raibh déanta ar fud na tíre. Bhí an Mhí mar cheann de na contaetha a chríochnaigh an próiseas athbhreithnithe ar dtús.
San áireamh i gcuspóirí an athbhreithnithe bhí breithniú le déanamh ar aon athrú sa timpeallacht ina n-oibríonn an CDB agus a bhféadfadh tionchar a bheith aige ar obair an Bhoird, agus bhí líon teoranta de phríomhghníomhaíochtaí comhtháite le haithint, a ndíreodh an Bord orthu thar tréimhse trí bliana chomh maith le clár oibre a aithint leis na gníomhaíochtaí seo a chur i bhfeidhm.

I 2005, tháinig Bord Forbartha Chontae na Mí le chéile sé huaire, lena n-áirítear comhchruinniú réigiúnach CDB a bhí eagraithe i bhFeabhra 2005 in Ollscoil na hÉireann, Má Nuad, ar Fhiontar agus Cruthú Fostaíochta, agus cruinniú speisialta a bhí ar siúl i Samhain 2005 le moladh a mheas a tháinig isteach ó LEADER na Mí agus ó TIDE Deisceart na Mí faoin Tionscnamh Comhtháthaithe.



SEOLADH 'MEATH IN TRANSITION' - 13 MEITHEAMH 2005
Tadhg McDonnell, Stiúrthóir Seirbhísí; Prof. Jim Walsh, NUIM & NIRSA; Comh. Tommy Reilly, Cathaoirleach; Tom Dowling, Baonisteoir Chontae; Aire Noel Dempsey; Comh. Oilver Brooks, Cathaoirleach MCDB

## Aighneachtaí CDB

Le linn 2005, d'ullmhaigh Oifig Pobail agus Fiontair, Comhairle Chontae na Mí aighneachtaí thar ceann CDB na Mí. San áireamh orthu seo bhí aighneachtaí maidir leis na nithe seo a leanas:

- Athbhreithniú ar Phlean Forbartha Contae de Chomhairle Contae na Mí
- Plean Póilíneachta an Gharda Shíochána 2006

## Córas Rianaithe CDB

I 2005 freisin fuair an Oifig Pobail agus Fiontair 'Project Vision', pacáiste bogearraí a ligfidh do bhallghníomhaireachtaí CDB nuashonrú agus monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na ngníomhaíochtaí a bhfuil sa straitéis agus san athbhreithniú. Bhí oiliúint do bhallghníomhaireachtaí CDB ar siúl i mí Dheireadh Fómhair 2005.









## Fóram Oideachais agus Oiliúna na Mí

Lean Fóram Oideachais agus Oiliúna na Mí, fochoiste de Bhord Forbartha Chontae na Mí, lena chuid oibre i 2005 ag cur béim ar leith ar Iniúchadh Oideachais agus Oiliúna na Mí a chur i gcrích agus ar Straitéis na Mí d'Ardoideachas a chur i bhfeidhm.

Ar an bhFóram tá ionadaithe ó eagraíochtaí éagsúla, lena n-áirítear Comhairle Chontae na Mí, Coiste Gairmoideachais Chontae na Mí, An Cumann Tráchtála, An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, comhlachtaí a bhfuil á maoiniú ag ADM, Bord Fiontair Chontae na Mí, FÁS, An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh agus Coiste Cúraim Leanaí Chontae na Mí.

## Infheistíocht na Mí in Oiliúint agus i bhFostaíocht (MITE)

Tá an Oifig Pobail agus Fiontair ionadaíoch do Chomhairle Chontae na Mí agus do Bhord Forbartha Chontae na Mí ar Chomphháirtíocht Forbartha MITE. Is clár é MITE atá á mhaoiniú faoi thionscnamh EQUAL an AE a ndíríonn ar inoiriúnaitheacht, oiliúint agus fostaíocht. Tugann Comhairle Chontae na Mí tacaíocht don chlár seo trí rannpháirtíocht iomlán a ghlacadh ar an gCoiste Comhpháirtíochta Forbartha agus ar an gCoiste Bainistíochta, a raibh bunaithe i 2005.

## Gréasán um Phleanáil Gníomhaíochta Straitéiseach (SPAN)

Díríonn an tionscnamh SPAN, atá á mhaoiniú faoi Chlár Interreg IIIB an AE, ar dhá phríomhthéama: Pleanáil limistéir straitéisigh agus rialachas il-leibhéil i suíomhanna uirbeacha agus tuaithe. Tá Bord Forbartha Chontae na Mí agus Comhairle Chontae na Mí ag glacadh páirte i gceann den dá limistéar phíolótacha in Éirinn agus is éard atá i gceist leis an rannpháirtíocht seo ná an taighde ar threochtaí socheacnamaíocha sa chontae, atá á stiúradh ag an Institiúid Náisiúnta um Anailís Réigiúnach agus Spásúil (NIRSA), agus feidhmiú na straitéise CDB.

I mí Dheireadh Fómhair 2005 ghlac Comhairle Chontae na Mí páirt sa chomhdháil idirnáisiúnta SPAN a bhí ar siúl i mBaile Átha Cliath agus bhí grúpa de thoscairí idirnáisiúnta mar aíonna aici le linn turais allamuigh chuig Contae na Mí, a bhí ar siúl i mí Dheireadh Fómhair chomh maith.

## Comhtháthú Feabhsaithe – Moltaí Forbartha Áitiúla agus Pobail

I 2004 d'iarr an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta & Rialtais Áitiúil go ndéanfadh na Boird Fhorbartha Chontae (CDBs) éascú ar an bpróiseas le gníomhaireachtaí pobail agus forbartha áitiúla a thabhairt le chéile le moltaí a aithint ar conas feabhas a chur ar Struchtúir agus ar Chláir Forbartha Pobail agus Áitiúil trí Chomhtháthú Feabhsaithe. Ag eascairt as aighneacht a cuireadh isteach ina raibh méid áirithe moltaí, tháinig deontas € 40,000 ón Roinn le tabhairt faoi thrí thionscnamh chomhtháthaithe.
Sa bhliain 2005, tugadh na tionscnaimh seo chun cinn go suntasach:

- Iniúchadh ar struchtúir forbartha agus pobail áitiúil;
- Oiliúint don fhoireann tosaigh;
- Tionscnamh comhcheannaíochta..









# Forbairt Pobail

## Straitéis

Béim a leagan ar na buntáistí a bhaineann leis na prionsabail agus na próisis forbartha pobail, iad a chur chun cinn agus iad a bhunú, taobh istigh de pholasaithe Údaráis Áitiúla na Mí agus a gcuid soláthar seirbhíse.



COMMUNITY & VOLUNTARY GROUP DRAW
Presentation of PC to 9th Meath Scouts Group, Ratoath at Meath County Council meeting - 7th February 2005 (Dunshaughlin Area members)

## Bunachar Sonraí na hEarnála Pobail agus Deonaigh

I 2005, lean an Oifig Pobail agus Fiontair i gComhairle Chontae na Mí ag spreagadh grúpaí pobail agus deonacha le clárú a dhéanamh ar a bhunachar sonraí. Tá thart ar 750 grúpa cláraithe agus déantar teagmháil go rialta leis na grúpaí seo leis na sonraí ar thionscadail agus ar thionscnaimh atá á reáchtáil ag Comhairle Chontae na Mí, Fóram Pobail na Mí, áisíneachtaí stáit eile, srl. Tá na grúpaí cláraithe in ann ainmniúchán agus vóta a thabhairt ag an toghchán d'ionadaithe ón Earnáil Pobail agus Dheonach.

## Earnáil Pobail & Dheonach – Toghchán Ionadaithe

Ag eascairt as an bpróiseas toghchánaíochta, a tharla i bhFeabhra 2005, líonadh na trí fholúntas déag a bhí san Earnáil Pobail agus Dheonach; is iad seo a leanas na folúntais a bhí i gceist: Bord Forbartha na Mí (2), na ceithre Choiste ar Pholasaí Straitéiseach de Chomhairle Chontae na Mí (7), Coiste Cúraim Leanaí Chontae na Mí (1), Comhpháirtíocht Spóirt Áitiúil na Mí (1) agus Tascfhórsa Réigiúnda an Oirthuaiscirt do Dhrugaí (2).

Tá na hionadaithe seo ar an nGrúpa Stiúrtha, chomh maith le baill choiste ó na fóraim Limistéar Ghníomhacha, a dhéanann maoirsiú ar ghníomhaíochtaí d'Fhóram Pobail an Chontae. Leanann an Rannóg Pobail agus Fiontair ag tabhairt tacaíochta do na hionadaithe seo ag Fóraim an Chontae agus an Limistéir Phobail.







## Fóram Pobail Chontae na Mí & Fóraim Phobal an Toghlimistéir

I mí Dheireadh Fómhair 2005, d'eagraigh Fóram Phobal na Mí cruinniú poiblí leis an aoichainteoir, an Dr. Tom Collins. Chomh maith leis sin sholáthraigh an Grúpa Stiúrtha nuachtlitir a scaipeadh ar na grúpaí ar fad a bhí cláraithe.

I 2005, d'eagraigh Fóram Limistéir na hUaimhe roinnt imeachtaí lena n-áirítear CGB, lá ilchultúrtha, lá buaileadh agus beannú lena chéile agus tráthnóna faisnéise ar uathachas. Bhí bliain mhaith ag Fóram Deiscirt na Mí (Baile Átha Troim) chomh maith le himeachtaí a bhí ar siúl in áiteanna éagsúla; san áireamh sna téamaí seo bhí iompar tuaithe, forbairt pobail, oiliúint agus scéimeanna slándála pobail. Faigheann na fóraim ghníomhacha deontas beag gach bliain ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, a thagann tríd an Rannóg Pobail agus Fiontair, Comhairle Chontae na Mí agus chun é a fháil caithfidh siad Clár Oibre agus Tuairisc Gníomhaíochta a chur faoin a mbráid. Thosaigh plé chomh maith le grúpaí pobail áitiúla i limistéar Oirthir na Mí le hathbhunú a dhéanamh ar Fhóram Pobail Oirthir na Mí.

## Faisnéis Pobail

Déanann Rannóg Pobail agus Fiontair Chomhairle Contae na Mí tréaniarracht malartú faisnéise a éascú idir na pobail tríd úsáid a bhaint as na meáin éagsúla. Tá ag éirí go maith leis na tionscnaimh a cuireadh sa tsiúl agus tá i gceist leanúint, agus más féidir, méadú a dhéanamh leis na hiarrachtaí a bhaineann leis seo. Thug an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil tacaíocht do roinnt mhaith de na tionscnaimh thíosluaite, tríd an gcúnamh deontais atá ann le tacaíocht a thabhairt do na fóraim pobail agus d'fhorbairt pobail.



## 'Community Matters'

I 2005, soláthraíodh dhá eagrán den nuachtlitir pobail, 'Community Matters', a scaipeadh chomh maith. Tugadh cuireadh do bhalleagraíochtaí CDB le hailt chuí a chur isteach le bheith san áireamh in áit a bhfuil na hailt seo spéisiúil don phobal i gcoitinne. Scaiptear gach eagrán chuig gach teach agus gnó le seoladh i gContae na Mí, le scaipeachán iomlán de 50,000. Is tionscnamh dearfach atá sa tionscnamh seo le faisnéis leathan d'earnálacha éagsúla sa phobal.

# Forbairt Pobail & Fiontair

### Straitéis

Tionscnaimh éagsúla forbartha pobail a aithint, a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear Tionscnaimh Pobail maidir le Teicneolaíocht na Faisnéise, a spreagfaidh rannpháirtíocht pobail agus a éascóidh cumasú pobail, agus dá bhrí sin a chuirfidh ról Údaráis Áitiúla na Mí chun cinn i bhforbairt pobail.







## Forbairt Teicneolaíochta Faisnéise Pobail

I mí Lúnasa 2005, d'fhostaigh Comhairle Chontae na Mí Oifigeach nua TF Pobail a bhfuil freagrach as roinnt tionscnamh a fhorbairt, lena n-áirítear Pobail Le Chéile Ar Líne (COT), an rannóg pobail ar www.meath.ie, Straitéis Forbartha TF Pobail a ullmhú, an tionscnamh scoileanna ar líne, srl.

I 2005, tharla an dul chun cinn seo a leanas:

## Na Pobail Ar Líne Le Chéile

1. Athbhreithniú ar an stádas de na láithreáin Gréasáin reatha.Rinneadh athbhreithniú ar na láithreáin Gréasáin reatha ar fad maidir lena stádas i leith:
   - Caighdeán an ábhair agus minicíocht na nuashonruithe.
   - Go bhfuil Brandáil Oiriúnach ann (.i. meirge agus scéim dathanna)
   - Go bhfuil nasc ann chuig leagan inrochtana
   - Optamú innill chuardaigh

2. Eagraíodh suirbhé le haiseolas a fháil díreach ó na grúpaí, le bheith cinnte faoi éifeachtúlacht agus oiriúnacht na feidhmiúlachta atá curtha ar fáil agus le hinúsáidteacht an chórais reatha a aithint. Úsáideadh na torthaí ón suirbhé seo le haghaidh eolais d'uasghrádú an chórais.

3. Uasghrádú déanta ar Chóras Bainistíochta d'ábhair an Láithreáin Ghréasáin.
   - Comhéadan nua úsáidchúntach ullmhaithe.
   - Gnéithe nua curtha de réir moltaí a tháinig tríd an suirbhé.
   - Gnéithe reatha slán trí bhearta fhrith-thurscar
   - Dréachtú déanta ar ábhair nua thacaíochta lena n-áirítear lámhleabhar agus láithreán Gréasáin taca.

4. Leanadh leis na seisiúin oiliúna go míosúil. Go dtí seo tá níos mó ná 270 grúpaí pobail agus deonacha tar éis clárú le bheith rannpháirteach agus fuair níos ná 190 díobh a gcuid oiliúna agus/nó an deis le feidhmiú ar a suíomhanna féin.

5. Tá forbairt le déanamh ar leagan saincheaptha den Chóras Bainistíochta Ábhar nua do na scoileanna ar fad sa Chontae i 2006, a nascfaidh isteach le pleananna an Rialtais maidir le nascacht leathanbhanda do na scoileanna.

## Rannóg Pobail de www.meath.ie

San áireamh i láithreán greásáin Chomhairle Contae na Mí – meath.ie – tá Rannóg Pobail ina bhfuil faisnéis spéisiúil don phobal i gcoitinne, lena n-áirítear tionscnaimh pobail na Comhairle, tionscnaimh atá faoi stiúir eagraíochtaí eile, faisnéis áitiúil chomh maith le himeachtaí, ionadaíocht pobail, srl. Tá nasc láidir idir seo agus na láithreáin bunaithe faoi COT mar go bhfuil imeachtaí agus faisnéis eile ar fáil ar an dá láithreán.



## Meath4Funding (An Mhí le haghaidh Maoinithe)

I mí Bhealtaine 2005, sheol an Oifig Pobail & Fiontair áis nua – a bhfuil ar fáil saor in aisce – do ghrúpaí pobail, ghnóthaí, agus do fhiontair shóisialta. Is seirbhís nuálaíoch saor in aisce í 'Meath4Funding' ina bhfuil faisnéis maidir le deontais agus tacaíocht atá ar fáil. Déantar nuashonrú go leanúnach ar an mbunachar sonraí maoinithe cuimsitheach seo agus clúdaíonn sé faisnéis deontais agus tacaíochta an AE, náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil. Tá an tseirbhís seo ar fáil ar www.meath.ie.

## Moladh agus Aighneacht do Thairseach Cúraim na Mí

Dréachtadh moladh maidir le Láithreán Gréasáin Tairsí Cúraim a fhorbairt agus cuireadh ar aghaidh é chuig foinsí maoinithe. Moltar san aighneacht foinse amháin faisnéise chuí a fhorbairt do dhaoine míchumasaithe, do dhaoine breacaosta agus do dhaoine leochaileacha le gur féidir:

- Faisnéis agus seirbhísí a dhéanamh níos inrochtana do gach duine
- Faisnéis agus seirbhísí a chur ar fáil do dhaoine ina dteach féin ag uair ar bith de ló nó d'oíche
- Aonrú agus eisiamh sóisialta a laghdú
- Cuidiú le daoine cinntí eolasacha a dhéanamh maidir lena gcúram agus lena saol.

Lena chinntiú go mbeidh an éifeacht is mó ann agus go mbainfí an tairbhe is mó as, cuirfear, in éineacht le seoladh an láithreáin gréasáin:

1. Stáisiúin Oibre le ríomhairí pearsanta saor in aisce agus inrochtana ar fáil i suímh thábhachtacha ar fud an chontae.
2. Oiliúint in úsáid na seirbhíse ar fáil.

## Oideachas & Oiliúint

Seoladh Iniúchadh Oideachais agus Oiliúna na Mí i mí na Nollag 2005 agus aithníodh na háiseanna agus seirbhísí oideachais agus oiliúna atá ar fáil do mhuintir Chontae na Mí. Chomh maith leis sin bhí san áireamh méid áirithe moltaí le tabhairt faoi bhearnaí agus dúbláil aitheanta. dations to address gaps and duplication identified.

I 2005 bhí plé ann ag leibhéal an CDB maidir le próiseas a thabhairt chun cinn le feidhmiú ar straitéis na Mí d'Ardoideachas agus thángthas ar chomhaontú maidir leis an gcur chuige a mbeidh i gceist. Tá i gceist an cur chuige seo a thabhairt chun críche i 2006 agus cuirfear tús leis le ceapachán Oifigigh Fhorbartha Oideachais le haghaidh breisoideachais agus ardoideachais.









# Cuimsiú Sóisialta

## Straitéis

An tuiscint ar eisiamh sóisialta a mhéadú agus tabhairt faoi chomh maith, laistigh agus taobh amuigh d'Údaráis Áitiúla na Mí trí chomhairle agus trí chomhoibriú.

## Bord Forbartha an Chontae – Grúpa um Bhearta Cuimsithe Sóisialta (SIM)

I mí Bhealtaine 2005, thug an Grúpa SIM tacaíocht do cheolchoirm a bhí ar siúl in Ospidéal Naomh Iosaef, Baile Átha Troim, mar chuid d'Fhéile na Bealtaine "Ag ceiliúradh cruthaitheachta ag aois níos sine".

Freisin thug an Grúpa SIM tacaíocht do thionscnamh ilchultúrtha, darbh ainm 'Lá Spraoi do Theaghlaigh, a bhí ar siúl i mí an Mheithimh 2005, in éineacht le áisíneachtaí eile agus comhlachtaí deonacha i gContae na Mí. Is í aidhm an tionscnaimh ná an lánpháirtiú sóisialach de dhaoine nua a bhfuil ag teacht chuig an tír seo a chur chun cinn agus deis a thabhairt do náisiúin éagsúla casadh lena chéile, cairde nua a dhéanamh, líonrú agus beagán a fhoghlaim faoi éagsúlachtaí agus cosúlachtaí cultúir a chéile.



## Comhairle na nÓg

Ag eascairt as moltaí a chuir an Oifig Náisiúnta Leanaí le chéile, d'imigh Bord Forbartha Chontae na Mí i gcomhairle le daoine óga sa chontae trí Chomhairle na nÓg áitiúil. I mí Feabhra 2005, i gcomhar leis an nGrúpa Aisling, ghlac thart ar seasca duine óga páirt i gComhairle na nÓg sa Mhí.



## Dáil na nÓg

I mí an Mhárta 2005, roghnaíodh ó phróiseas Chomhairle na nÓg 5 duine óga ón Mhí le hionadaíocht a dhéanamh don Mhí ag Dáil na nÓg 2005, a bhí ar siúl i bPáirc an Chrócaigh, i mBaile Átha Cliath.

## Na Gradaim Youth Endeavour/ Na Gradaim do Shaoránaigh Óga



Sheol Comhairle Chontae na Mí na Gradaim 'Youth Endeavour', a bhfuil mar aidhm acu le haitheantas a thabhairt do dhaoine óga as an méid atá déanta acu ar son a bpobail féin. Ina dhiaidh sin tugadh isteach an Scéim Gradaim do Shaoránaigh Óga mar chuid de Bhliain Eorpach na Saoránachta tríd an Oideachas. Bunaíodh an scéim seo, ar a dtacaigh an tUachtarán Máire Mhic Giolla Íosa, le haitheantas a thabhairt do dhaoine óga a bhíonn rannpháirteach ina gcuid pobal féin trí shaonránacht ghníomhach. Tugadh cuireadh d'ainmniúcháin don dá scéim agus tá oíche bronnta beartaithe go luath i 2006.

## Míchumas

Fuarthas maoiniú faoin Straitéis Náisiúnta Míchumais – An Bille Míchumais 2004 agus an Plean Earnála Rialtais Áitiúil le haghaidh na tionscnaimh seo a leanas i 2005:

- Iniúchadh inrochtana d'áiseanna Chomhairle Contae na Mí
- Próiseas Dearaidh/ Pleanála le hardaitheoir a chur ar fáil ag Halla Chomhairle Contae na Mí, a bhfuil ina dhéanmhas cosanta.
- Clár Oiliúna a chur ar fáil do cheannairí, do thuismitheoirí, do chúramóirí, d'oibrithe deonacha a bhfuil baint acu i gclubanna a reáchtáil do dhaoine faoi mhíchumas, i gcomhar le Comhpháirtíocht Spóirt Áitiúil na Mí
- Ardaitheoir a chur ar fáil in Ionad Ilfhreastail athchóirithe Cheanannais
- Áiseanna Leithris do Dhaoine faoi Mhíchumas a chur ar fáil don phobal ag Ionad Ilfhreastail Dhamhliag
- Faisnéis a chur ar fáil do láithreán Gréasáin na Mí a chomhlíonann na Caighdeáin maidir le Treoirlínte ar theacht ar ábhair ar an láithreán Gréasáin (WAI)
- "Bealach Éasca" .6km a chur ar fáil ag Balrath Woods le haghaidh úsáideoirí cathaoireacha rothaí srl.
- Áiseanna Feabhsaithe a chur ar fáil sna Leabharlanna.



# Seirbhís Leabharlainne

## Straitéisí

Seirbhís leabharlainne agus faisnéis nua-aimseartha a sholáthar trí chlár forbartha Leabharlainne cúig bliana a chur i bhfeidhm.

Ballraíocht a spreagadh agus a mhéadú, chomh maith le húsáid a bhaint as an réimse leathan de sheirbhísí leabharlainne a bhfuil ar fáil don phobal ar fad.

## Seirbhís Leabharlainne Chomhairle Contae na Mí

Mar thoradh ar an dtiomantas leanúnach don Phlean Forbartha Leabharlainne 2001-2005 tá níos mó dul chun cinn déanta sna réimsí d'fhorbairt an léitheora, de sheirbhísí ilchultúrtha, d'imeachtaí agus de staidéir áitiúla. I mí Aibreáin 2005, ghlac agus cheadaigh an chomhairle ar fad an Plean nua Forbartha Leabharlainne 2005-2009, a mbeidh ann ar feadh 5 bliana.

**San áireamh i mBuaicphointí 2005 bhí:**

Seoladh Oifigiúil den 'Tionscnamh Leabharlann agus Éagsúlachta Cultúrtha' ('Libraries and Cultural Diversity Project') a rinne an tUachtarán Máire Mhic Giolla Íosa i mí an Mhárta 2005:

An fócas a bhí ar an tionscnamh seo ná iniúchadh a dhéanamh ar sholáthar seirbhíse leabharlainne ilchultúrtha go hidirnáisiúnta agus go náisiúnta le faisnéis a thabhairt maidir le pleanáil polasaithe straitéiseach le haghaidh tuilleadh forbartha ar a leithéid de sheirbhísí i Leabharlanna Poiblí na hÉireann. Chomh maith leis sin mar chuid den tionscnamh deineadh an chéad suirbhé riamh i Leabharlann Phoiblí na hÉireann ar úsáid a bhaineann náisiúnaigh choigríche as an leabharlann. Rinne an Chomhairle Leabharlainne (Library Council of Ireland) coimisiúnú ar an Tionscnamh agus bhí baint ag trí leabharlann áitiúil leis, Leabharlanna Poiblí Chathair Bhaile Átha Cliath, Seirbhísí Leabharlainne Chomhairle Contae na Mí agus Seirbhísí Leabharlainne Chomhairle Cathrach Phort Láirge.
Na haidhmeanna a bhí ag an tionscnamh ná breathnú ar conas gur féidir le Leabharlanna Éireannacha seirbhís leabharlainne a chur ar fáil don tsochaí ilchultúrtha a bhfuil in Éirinn an lae inniu. Thaispeáin Leabharlannaí an Chontae, Ciarán Mangan, méid áirithe taispeántas don Uachtarán. San áireamh sna taispeántais seo bhí rogha leabhar i dteangacha éagsúla chomh maith le bailiúchán leabhar le húdair as Éirinn i dteangacha éagsúla. Freisin taispeánadh acmhainní ar líne de nuachtáin ón iasacht don Uachtarán, chomh maith leis na méarchláir le Rúisis a bhfuil ar fáil le húsáid i ngach Leabharlann Chontae na Mí.

Freisin bhreathnaigh an tUachtarán ar bhailiúchán ilchultúrtha na seirbhíse scoileanna a bhfuil ar fáil ar iasacht do gach scoil sa Mhí tríd an tSeirbhís Leabharlainne do Scoileanna.



An tUachtarán Máire Mhic Giolla Íosa in éineacht leis an gCathaoirleach, An Comhairleoir Tommy Reilly; Bainisteoir an Chontae, Tom Dowling; Leabharlannaí an Chontae, Ciarán Mangan agus Stiúrthóirí Seirbhísí Kevin Stewart agus Brendan McGrath in éineacht le Norma McDermott, Stiúrthóir Chomhairle Leabharlainne na hÉireann.

## Uasghrádaithe Móra ar leabharlanna brainse

Fuair na leabharlanna i mBaile Átha Buí, i gCeanannais, san Obair agus i mBaile Átha Troim maoiniú substaintiúil faoin Straitéis Náisiúnta Míchumais. Fuair na leabharlanna maoiniú leis na seilfeanna agus na haonaid cuntair do-bhogtha reatha a bhaint amach agus aonaid nua-aoiseach, shoghluaiste agus sholúbtha a chur isteach ina n-ionad. Chomh maith le feabhas a chur ar an rochtain do gach úsáideoir le míchumas, leis na feabhsúcháin tá na leabharlanna brainse in ann ócáidí móra a reáchtáil freisin.















## Seirbhísí nua do Lucht Lagamhairc

Freisin fuair gach brainse den leabharlann sa chontae maoiniú le formhéadaitheoir físeáin a fháil le cuidiú leis an lucht lagamhairc.
Chomh maith leis sin tugadh isteach áiseanna scanta optúil don lucht lagamhairc i gCill Dhéagáin, i nDún Búinne, sa Seanchaisleán agus i mBaile Átha Troim.

## Iasachtaí Leabharlainne Chill Dhéagláin

Chláraigh Leabharlann Chill Dhéagláin níos mó ná leath den daonra sa chéad 8 mí den leabharlann a bheith oscailte.
Chláraigh Leabharlann nua Chill Dhéagláin 5,000 iasachtaí sa chéad 8 mí den leabharlann a bheith oscailte. Is í Mary Oakes ó Pinewood Court i gCill Dhéagláin an 5,000ú iasachtaí a bhí cláraithe, nuair a tháinig sí chuig an leabharlann le clárú a dhéanamh lena fear céile, Ciarán, agus lena triúr páiste Ava, Emma agus Matthew.

## Club Leabhar Leabharlann Bhaile Átha Troim

Bhí Club Leabhar Leabharlann Bhaile Átha Troim ar chlár RTÉ, an 'Afternoon Show' i mí Feabhra 2005: Bhí triúr ó chlub leabhar do dhaoine fásta de Bhaile Átha Troim ar chlár RTÉ, 'Afternoon Show' le plé a dhéanamh ar leabhar na míosa den chlub. Is í Bláthnaid Ní Chofaigh a chuir an clár i láthair agus is é an leabhar a raibh pléite ná an leabhar a bhfuil an-tóir air, 'Da Vinci Code', le Dan Brown.

## Na Gradaim Tógála

Gradaim Tógála na Leabharlainne Poiblí don UK agus d'Éirinn i mí Iúil 2005: Cuireadh Leabharlann Chill Dhéagláin ar an liosta fada don ghradam seo sa chatagóir- "Heart of the Community".

## Tionscnamh Idirlín

Seoladh an Tionscnamh Idirlín 'Lifesteps' i Leabharlanna Chontae na Mí i mí na Nollag 2005:
Is éard atá i gceist leis an tionscnamh 'Lifesteps' ná sraith de leabhráin, a dhear daoine nár úsáid an tIdirlíon cheana. Tá réimse leathan de d'ábhair ar fáil iontu, idir Fheirmeoireacht, Dhul ar Scor, Cheol, Fhaisnéis Rialtais, Fhostaíocht a Lorg agus Fhoghlaim conas Tiomáint, a bhfuil mar chuid den 17 treoirleabhrán a bhfuil ar fáil faoi láthair. Is iad saineolaithe d'fhoireann leabharlainne a d'ullmhaigh agus a sholáthraigh na treoirleabhráin seo mar fhreagra ar fhiosrúcháin chomónta a bhfuair siad ó bhaill den phobal go náisiúnta. Thug an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil maoiniú don tionscnamh agus rinne Comhairle Leabharlainne na hÉireann bainistiú air.

Bhí baint ag Leabharlanna na Mí le leabhrán 'Ag Lorg Fostaíochta' ('Finding a Job'), a chur le chéile, agus rinne an Leabharlannaí Cúnta Sinsir, Carmel Dogget, taighde air. Tá treoir chéim ar chéim ann ar conas an tIdirlíon a úsáid agus post á lorg in Éirinn. Déantar cur síos ar láithreáin ghréasáin earcaíochta, láithreáin ghréasáin cuideachta, áisíneachtaí Rialtais, scileanna agus teicnící agallaimh agus leideanna ar conas cv a scríobh.

## Gaeilge

Fuair Leabharlann Chontae na Mí breis is €7,000 ó Bhord na Leabhar Gaeilge le fás, feabhas agus forbairt a dhéanamh ar bhailiúcháin Leabhar Ghaeilge an Chontae. Tá na leabhair nua ar fáil i leabharlanna ar fud an Chontae.

## Staidéir Áitiúla

**I mbliana d'eagraigh an roinn staidéar áitiúla imeachtaí éagsúla lena n-áirítear:**

• Cúrsaí Ginealeolaíochta i gCill Dhéagláin agus san Uaimh:

I 2005 chuir an roinn cúrsaí ginealeolaíochta ar fáil sna leabharlanna i gCill Dhéagláin agus san Uaimh. Eagraíodh iad i mí Feabhra agus mí Mheán Fómhair thar tréimhse deich seachtaine. D'fhoghlaim rannpháirtithe conas acmhainní a úsáid ar nós tuairisceáin daonáirimh, taifid pharóiste chomh maith le luachálacha. Taispeánadh na láithreáin ghréasáin is fearr le haghaidh taighde teaghlaigh agus tugadh comhairle maidir leis an mbealach leis an bhfiúntas is fearr a fháil as na stóir cosúil leis an Leabharlann Náisúnta, an Charlann Náisiúnta agus an Roinn Staidéar Áitiúla i Leabharlann na hUaimhe. Ghlac níos mó ná 60 duine páirt sna cúrsaí. Bronnadh teastais ar na rannpháirtithe ar fad i scileanna bunúsacha ginealeolaíochta.









• Ceardlanna 'Ask about Ireland':
Chomh maith leis sin ag tús na bliana d'eagraigh roinn na staire áitiúla sraith ceardlann leis an láithreán gréasáin 'Ask about Ireland' a chur chun cinn. San áireamh Mar chuid d'ábhar na Mí ar an láithreán tá fás tobac sa Mhí, tithe ceann tuí an chontae agus blianta an ghorta i dteach na mbocht Dhún Seachlainn. Níos déanaí sa bhliain chuir an roinn níos mó closábhar agus ábhar amhairc mar gheall ar shaol agus ar shaothar Turlough O'Carolan. Áis thábhachtach ar an láithreán ná an limistéar do dhaltaí scoile ar taispeánadh do roinnt mhaith grúpaí scoile.
www.askaboutireland.ie

• Craolann Raidió LMFM Closleabhar na Leabharlainne
Le cead ón roinn staidéar áitiúla, rinne raidió LMFM craoladh ar chaibidilí de Chlosleabhar na Leabharlainne 'Would They Were With Us Again' le Ultan Brady. Mar thoradh ar na cuimhní cinn seo den saol tuaithe i gCo. na Mí cothaíodh tuilleadh spéise sa leabhar, agus tá an dlúthdhiosca fuaime ar fáil i ngach leabharlann sa chontae.

## Forbairt ar Léitheoirí

• Féile Leabhair do Pháistí:
I mbliana bhain na céadta daltaí scoile ar fud an chontae tairbhe as an raon leathan de ghníomhaíochtaí agus d'imeachtaí údair a d'eagraigh Leabharlanna Chomhairle Contae na Mí. D'eagraigh an tSeirbhís níos mó ná 60 imeacht ar fud an chontae le ceiliúradh a dhéanamh ar an imeacht náisiúnta bliantúil seo. Tugadh cuireadh do scoileanna na Mí le cuairt a thabhairt ar a leabharlann áitiúil agus casadh le húdair a raibh gradaim buaite acu, ar nós Liz Weir, Brian Óg Brady Dawson, Kieran Fanning, Conor Kostic, Mary Arrigan, Oisin McCann agus Vincent McDonnell. Chomh maith leis sin bhí comórtas dathúcháin ar fud an chontae do na haoisghrúpaí faoi 4 agus 5-8 a raibh urraithe ag Tina Mation ó RTÉ. Freisin d'eagraigh an tSeirbhís Leabharlainne comórtas filíochta don aoisghrúpa níos sine 10-13 agus bhí na duaiseanna urraithe ag Easons i gCill Dhéagláin. I mbliana d'eagraigh lucht eagraithe an imeachta náisiúnta ballóid náisiúnta chomh maithe inar iarradh ar pháistí ainmniúchán a dhéanamh ar na húdair is fearr, ina dtuairim féin.
Eagraíodh imeacht speisialta club leabhar do pháistí in éineacht leis an Údar Kieran Fanning, údar na leabhar maidir le cóid a bhriseadh 'Voyage to victory' agus 'Trapdoor to treachery'. Chomh maith leis sin bhí ceardlanna 'Irish History Live' le Michael Moylan i roinnt de na leabharlanna móra sa Mhí, tar éis scoile, ina raibh an deis ann do pháistí fáil ar armúr, uirlisí agus feistis a raibh ann fadó.

• Seoladh scéim léitheoireachta an tsamhraidh 'The Reading Voyage' i Leabharlana na Mí:
Thosaigh clár Leabharlann an tSamhraidh ar 1 Iúil i Leabharlanna na Mí ar fad nuair a seoladh 'The Reading Voyage'. Ba scéim léitheoireachta don samhradh a bhí i gceist do na haoisghrúpaí 4-12 ina raibh na páistí sásta sé leabhar a léamh le linn Iúil agus Lúnasa agus mar gheall ar é seo a dhéanamh fuair siad saor in aisce, logleabhar léitheoireachta, greamáin, maighnéad cuisneora, compás léitheoireachta agus teastas a rá gur éirigh leo nuair a chríochnaigh siad an scéim. Ghlac thart ar níos mó ná 600 páiste páirt sa scéim ar fud an chontas. Is í an chéad scéim léitheoireachta samhraidh a d'eagraigh an tseirbhís i Leabharlanna na Mí ar fad. D'éirigh go hiontach leis agus socraíodh go mbeidh sé ar siúl gach bliain. Tá an scéim ar siúl i gcomhpháirtíocht le hÁisíneacht Léitheoireachta an UK.



Daltaí Idirbhliana ó Phobalscoil Chill Dhéagláin lena múinteoir Anu Meehan, Margaíocht McDonalds agus Leabharlannaí Feidhmiúcháin Mary Murphy.

•Seolann Leabharlann Chill Dhéagláin Bailiúchán Úrscéalta le Graificí:
Sheol Leabharlann Chill Dhéagláin a Bailiúchán d'Úrscéalta le Grafaicí le cabhair ó dhaltaí idirbhliana Phobalscoil Chill Dhéagláin agus ó McDonalds i gCill Dhéagláin i mí na Bealtaine 2005. Sa bhailiúchán tá rannóg 'Heroes and Villains' ina bhfuil laochra aitheanta cosúil le 'Spiderman, Batman, Flash Gordon, Dan Dare, X-Men' agus níos mó. Tá rogha ghrinn sa bhailiúchán chomh maith ina bhfuil an tsraith chlúiteach 'The Simpsons'. Freisin tá rogha ficsein eolaíochta ina bhfuil ábhar 'Star Wars' agus 'Star Trek'.



## Seoladh Leabhair Harry Potter i Leabharlanna na Mí:

I mí Iúil d'eagraigh Leabharlanna na Mí imeachtaí draíodóra ina gcuid Leabharlann san Uaimh, i gCill Dhéagláin, i nDún Búinne agus i mBaile Átha Troim mar cheiliúradh ar sheoladh an leabhair nua 'Harry Potter an The Half Blood Prince' i mí Iúil. D'fhreastail níos mó ná 500 páiste ar na himeachtaí seo. Cuireadh cóipeanna ar fáil do chlubanna leabhar na Leabharlann do pháistí agus ceannaíodh níos mó ná 50 cóip mar gheall le haghaidh éileamh an leabhair ar fud an chontae.

## Imeachtaí Leabharlainne

### Clár Leabharlainne an tSamhraidh:

Tháinig Seirbhís Leabharlainne Chomhairle Contae na Mí agus an Oifig Ealaíon le chéile i mbliana agus chuir siad réimse leathan de ghníomhaíochtaí samhraidh ar fáil do pháistí. Thosaigh Clár an tSamhraidh ar 1 Iúil i Leabharlanna na Mí ar fad le 'The Reading Voyage'.

Bhí clár an tSamhraidh ar siúl le linn Iúil agus Lúnasa agus bhí réimse leathan d'imeachtaí ar siúl, lena n-áirítear mar chuid díobh, seónna draíodóra leis an draíodóir Rondo sna leabharlanna móra sa Chontae, ealaíona agus ceardaíocht an tSamhraidh, eactraíocht geoga, Clubanna leabhar do Pháistí, scéalaithe, agus drámaí puipéad. Chomh maith leis sin bhí ceardlanna damhsa Hip Hap agus léamh Bois na Láimhe a raibh taitneamhach mar cheardlanna do na haoisghrúpaí 10-13.

## Club Nua Ceoil i Leabharlann Chill Dhéagláin

I mbliana d'éirigh go maith le Seirbhís Leabharlainne Chomhairle Contae na Mí tríd Club Léirthuisceana don Cheol ar chur ar siúl i Leabharlann Chill Dhéagláin. Sa Chlub breathnaítear ar gnéithe den Cheol Clasaiceach, de Cheol Traidisiúnta na hÉireann agus de na Ceoldrámaí Móréilimh i suíomh neamhfhoirmeálta agus chomh maith leis sin úsáidtear réimse leathan d'ábhair chlosamhairc lena n-áirítear Físeáin, DVDanna, Caiséid agus Dlúthdhioscaí. Freisin eagraítear ceol beo nuair a sheinneann ceoltóirí áitiúla ag ócáidí speisialta. Le freastal i gceart ar an gclub seo socraíodh príomhbhailiúchán ceoil an Chontae a athlonnú go Leabharlann Chill Dhéagláin.

Is í Teresa Carley, an ball foirne, a bhfuil ina éascaitheoir don chlub, agus is amhránaí Clasaiceach áitiúil í chomh maith le céim sa cheol. Chomh maith leis sin is comhalta de Chumann Ceoldráma Bhaile Átha Troim í agus bhí sí ina stiúrthóir ar cheoldrámaí éagsúla, agus mar sin tá eolas leathan aici leis na seisiúin a choinneáil spéisiúil agus idirghníomhach.

Tá ballraíocht don chlub saor in aisce agus tá idir chúigear déag agus fiche rannpháirtí a bhfuil ann gach seachtain. Tugtar cuireadh do na baill a gcuid taithí ceoil a roinnt le baill eile, chomh maith lena gcuid ábhair féin a thabhairt isteach agus a roinnt.



An Draíodóir Rondo i Leabharlann Chill Dhéagláin in éineacht le roinnt den 200 páiste a raibh i láthair ag an imeacht.



Páistí i Leabharlann na hUaimhre ag freastal ar Dhráma Puipéad Puca
Children at Navan Library attending the Puca Puppet show

## Táscairí Feidhmíochta Leabharlainne:

| | |
|---|---|
| **Meán na n-uaireanta oscailte poiblí in aghaidh na seachtaine** | |
| Leabharlanna Lánaimseartha | 40.66 |
| Leabharlanna Páirtaimseartha | 17.00 |
| **Líon na n-úsáideoirí cláraithe mar % den daonra áitiúil** | 16.39% |
| **Líon na nithe eisithe in aghaidh gach duine den daonra** | |
| Leabhair | 2.65 |
| Nach leabhar é | 0.26 |
| **% de na Leabharlanna a chuireann an tIdirlíon ar fáil** | 100% |
| **Number of internet sessions provided per 1,000 population** | 520 |









# Seirbhís Ealaíon na Mí

## Straitéis

An Dara Phlean Ealaíon don Chontae a sheoladh agus a chur i bhfeidhm.

## Plean Ealaíon

Sheol Mary Cloake, Stiúrthóir na Comhairle Ealaíon, an dara Phlean Forbartha Ealaíon don Chontae i mí na Bealtaine. Is í aidhm an Phlean ná dul chun cinn níos mó a dhéanamh leis na healaíona sa chontae thar na tréimhse 2005 – 2007.

Leagtar amach bearta le tabhairt faoi struchtúir thacaíochta níos foirmeálta agus cruthaítear deiseanna do na hEalaíona san Údarás Áitiúil agus sa chontae. Aithnítear an tábhacht atá sna healaíona i réimsí d'fhobairt phearsanta, d'fhorbairt pobail, d'fhostaíocht agus de thurasóireacht. Rinne an Cathaoirleach Tommy Reilly bronnadh ar Ms. Cloake an oíche sin mar chomhartha dá cuairte chuig Contae na Mí.

## Straitéis

Leanúint le tionscnaimh ealaíon rannpháirtithe a chur chun cinn, a éascú agus a mhéadú i dtreo fhorbairt shóisialta, chultúrtha, pobail agus oideachasúil.







## ArtsFest na bPáistí

Arís sa bhliain 2005 d'éirigh thar barr le Artsfest na bPáistí, a dhíríonn ar pháistí ó 4 go 12 bhliain d'aois, ó thaobh rochtana, freastail, réimse tíreolaíochta, caighdeáin agus éagsúlacht na bhfoirmeacha ealaíona. Bhí clár na n-imeachtaí, i gcomhar leis an tSeirbhís Leabharlainne, ar siúl ón 2 Iúil go dtí 24 Lúnasa. D'fhreastail 1,500 páiste san iomlán ar na ceardlanna, na léirithe agus ar an scéalaíocht i seacht n-ionad ar fud an chontae. Bhí an tinreamh ardaithe go mór ó na blianta roimhe seo ina raibh 570 i 2004.

## Clár na nEalaíon agus na Sinsear

Ag tógáil ar an dea-thoradh de chlár na bliana seo caite thug an Oifig Ealaíon tacaíocht do Chumann Seanóirí Chill Dhéagláin agus an Ceantar timpeall air agus do Ghrúpa Gníomhaíochta Lucht Scoir Kilbeggan/ Droichead Chearbhalláin trí cheardlanna amharcealaíon a chur ar siúl.

Tháinig an tionscnamh 'Forgetmenot' chun críche nuair a sheol Ciarán Mangan, Leabharlannaí an Chontae, an leabhar i Leabharlann Obair ar 22 Deireadh Fómhair. Sa leabhar seo tá na torthaí de scéim cónaitheachta scríbhneora a bhí ar siúl ar feadh trí-mhí leis an éascaitheoir Helen Blackhurst, agus chuir rannpháirtithe ón Obair, ó Chill Mhaighneann agus ó Chill Bheag, 42 scéal le chéile ina gcuimhnítear siar ar na hamanna caite agus ar aois na hóige sa cheantar in Obair. Is foilseachán an-luachmar é an leabhar nua seo don roinn staidéar áitiúla i Leabharlann Chontae na Mí, ina bhfuil scil scéalaíochta ar fáil, rud atá ag dul i léig inár sochaí. Thug An Chomhairle Ealaíon agus Oifig Ealaíon Chomhairle Contae na Mí tacaíocht don tionscnamh seo.

## Bealtaine 2005

Ar an 18 Meitheamh, bhí taispeántas den obair a rinne Grúpa Gníomhaíochta Lucht Scoir Bhaile Uilcín ar chlár ceardlainne a bhí ar siúl ar feadh ocht seachtaine. Is í an MEP de Chúige Laighean Mairead McGuinness a rinne an oscailt oifigiúil agus d'fhreastail 120 duine as an gceantar ar an ócáid. Is í Niamh Smyth, an t-ealaíontóir, a raibh rannpháirteach sa chlár oiliúna 'Arts in Context' i 2004, a d'éascaigh na ceardlanna amharcealaíon.









## Straitéis

Leanúint le forbairt agus inchothú a dhéanamh ar na cleachtais ealaíon phroifisiúnta agus ar na daoine a gcleachtann iad sa Chontae, ag tógáil san áireamh a méid daoine proifisiúnta a bhfuil anois lonnaithe i gContae na Mí.

## Forbairt Ealaíon Phroifisiúnta

D'oscail Aurora Theater Company ón Seanchaisleán, an bunléiriú de 'The Good Sister' le Noelle Harrison, san Amharclann Ramor in Achadh an Iúir. Sa léiriú bhí drámaíocht, damhsa agus léirithe scannáin. Rinne Oifig Ealaíon Chomhairle Contae na Mí i gcomhar le hOifigí Ealaíon an Chabháin agus na hIarmhí maoiniú ar an léiriú.

## Na hEalaíona Poiblí

Faoin scéim % d'ealaín cuireadh an dealbh 'Silent Witness' le Remco De Fouw taobh amuigh d'Oifigí Cathrach Chill Dhéagláin. Leis an bpíosa seo curtha tá cúig phíosa ealaíne poiblí curtha i limistéar Oirthir na Mí.

## Sparánachtaí agus Gradaim Nua

D'fhógair Comhairle Chontae na Mí trí Ghradam agus Sparánacht nua sa bhliain 2005. Ó 2006 beidh ocht scéim Deontais agus Gradaim i bhfeidhm ag Comhairle Chontae na Mí. Leis an éagsúlacht sna scéimeanna seo tá rochtain do mhaoiniú ar fáil do réimse leathan d'eagraíochtaí agus do dhaoine aonair a bhfuil amaitéarach agus proifisiúnta. Is tacaíochtaí an-luachmhar iad na gradaim seo d'eagraíochtaí, do ghrúpaí, do chleachtóirí agus d'fhorbairt fhadtréimhseach inbhuanaithe na n-ealaíon i gContae na Mí. Sa bhliain 2005, tugadh amach 86 deontas leis an méid iomlán a tugadh amach do gach 1,000 duine ag 156.46.

## Gradam Cuimhneacháin Tony Finnegan

I mí Dheireadh Fómhair sheol Tom Dowling, Bainisteoir an Chontae, an Gradam nua Cuimhneacháin Tony Finnegan in onóir don sáriarracht a rinne Mr. Finnegan d'oideachas na Cruite i gContae na Mí. Tá an Sparántacht seo, a bhfuil i gcomhpháirtíocht leis an Scoil Cruite, le cuidiú le daltaí sármhaith ón Scoil Cruite freastal ar an bhféile bhliantúil don Chruit Éireannach 'An Chúirt Chruitreachta', i dTearmann Feichín, Co. Lú. Roghnóidh bord Scoil Cruite na Mí i gcomhairle leis an Oifig Ealaíon buaiteoirí an ghradaim. Bronnfar dhá ghradam gach bliain.

## Straitéis

Sraith chothrom d'imeachtaí cultúrtha a chur ar siúl gach bliain, ina bhfuil gach disciplín ealaíne i gceist.

## Féilte agus Imeachtaí

Na Féilte a fuair tacaíocht i mbliana ná Féile Cruite O'Carolan, san Obair, Féile Ealaíon Nua-Aoiseach Le Chéile, sa Seanchaisleán, Fleadh na Mí agus Féile Oidhreachta Cheanannais.
San áireamh sna hImeachtaí bhí:

- An Cór Aireagail Náisiúnta in Eaglais na hÉireann Naomh Mhuire, san Uaimh
- Grúpa Luathcheol 'Virelai', Eaglais na hÉireann Naomh Mhuire, san Uaimh
- Léiriú Ensemble Chruit na Mí ar Chnoc na Teamhrach ag Grianstad an tSamhraidh, 21 Meitheamh
- 'Celtic Connections' An Chuid is Fearr de Thuras na hÉireann, Cultúrlann Na Cille, Gaelscoil Chill Dhéagláin
- 'Trio Resistances', The Boolies, sa Seanchaisleán
- 'Ensemble Nordly's', Eaglais na hÉireann Naomh Mhuire, san Uaimh
- Scoil Sheamis Ennis, ceardlanna ar cheol traidisiúnta na hÉireann



# Clár RAPID na hUaimhe

## Straitéis

Maoiniú agus acmhainní a aimsiú le feabhsúchán a dhéanamh ar cheantair trí phleanáil, infheistíocht, chomhtháthú agus chumasú a dhéanamh.

## RAPID na hUaimhe

Thosaigh Clár RAPID na Uaimhe i mí Lúnasa 2002 le bunú Foirne Forfheidhmithe an Cheantair agus an Choiste Chomhairleach Phobail. Bunaíodh an Clár RAPID le tabhairt faoin trí réimse seo a leanas:

- Infheistíocht a mhéadú sna príomh-eastáit áitiúla
- Soláthar seirbhíse a fheabhsú sna heastáit RAPID trí chomhtháthú Seirbhíse níos fearr
- Atmaisféar níos fearr a chothú sa Phobal trí phleanáil cumais agus trí chomhpháirteachas agus rannpháirteachas níos mó.

## Infheistíocht

- Lean infheistíocht ag teacht isteach chuig ceantar RAPID na hUaimhe i 2005 agus deineadh maoiniú ar thionscnaimh thábhachtacha.
- Tá maoiniú de €65,000 tar éis a bheith aimsithe le clós súgartha an phobail a mhéadú ar Boreen Keel. Tá an obair le bheith críochnaithe roimh dheireadh 2005.
- Tá tionscnamh leis an timpeallacht a fheabhsú de luach €50,000 ceadaithe d'Eastát an Chlochair Bhuí. Beidh an tionscnamh seo curtha i gcrích taobh istigh de 2005.
- I 2005 thug scéim le bearta tráchta a chur i bhfeidhm sa cheantar RAPID €40,000 isteach chuig ceantar RAPID na hUaimhe.
- I 2005, ar iarratas ón lucht cónaithe, cuireadh isteach rampaí mar bheart maolaithe tráchta in Eastát Woodview.
- Tá tionscnamh F.I.T. na hUaimhe, a thosaigh ag tús 2005, tar éis maoiniú de thart ar €300,000 a fháil ó FÁS le haghaidh chláir oiliúna sheachtraigh. Tá beagnach 35 duine páirteach sna cúrsaí oiliúna a bhaineann le F.I.T.
- Bunaíodh an Tionscnamh 'BUAITEOIR' (WINNER), a raibh tosaithe ag Coiste Gairmoideachais Chontae na Mí, le haghaidh Eastát RAPID san Uaimh, agus fuarthas infheistíocht de bheagnach €200,000 thar dhá bhliain. Thosaigh an tionscnamh i mí Lúnasa 2005 agus cheana féin tá deiseanna oiliúna agus oideachais á soláthar do mhná a bhfuil cónaí orthu sna heastáit RAPID. Tagann maoiniú ón Tionscnamh um Chomhionannas do Mhná a bhfuil á fheidhmiú ag an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí.
- I 2005, bunaíodh an Clár Women in Motion le maoiniú €24,000 ón gComhairle Spóirt Náisiúnta. Is í Comhpháirtíocht Spóirt Áitiúil na Mí a bhunaigh agus a bhainistíonn an clár i gcomhar le clár cosúil leis in Áth Luain.
- Faoin Tionscnamh Comhionannais do Mhná, a bhfuil thuasluaite, bronnadh €50,000 do RAPID na hUaimhe agus ceithre cheantar RAPID eile, le clár F.I.T. do Mhná a bhunú san Uaimh.
- I mbliana tá Clár Críochnaithe Scoileanna na hUaimhe tar éis 'Caife do Dhaoine Óga (Youth Caife)' a fhorbairt i gColáiste Beaufort laistigh den cheantar RAPID ag costas €20,000. Cheadaigh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte an maoiniú do na costais chaipitil a bhfuil bainteach leis an scéim seo.
- I mbliana fuair AIT RAPID na hUaimhe €16,000 i dtreo Buiséad Taca an Phobail ón ADM. Is é seo an tríú bliain as a chéile a mbronnadh an maoiniú seo agus tá an Uaimh anois tar éis níos mó ná €35,000 a fháil ón scéim seo.
- I mbliana don chéad uair d'fhógair ADM maoiniú sa bhreis do thionscnaimh chumarsáide agus fuair AIT RAPID na hUaimhe €3,500. Úsáideadh an t-airgead seo le híomhá RAPID go háitiúil a chur chun cinn trí litríocht tionscnaimh agus trí thionscnamh físeáin.









## Comhoibriú Seirbhíse

Lean áisíneachtaí agus soláthraithe seirbhíse áitiúla ag comhoibriú le chéile i 2005 le seirbhísí feabhsaithe chomh maith le tacaíocht níos fearr a chur ar fáil do mhuintir eastáit RAPID an hUaimhe.

- I mí an Mheán Fómhair bunaíodh Club na bPáistí (The Kids Klub) i gClochar Buí mar fhreagra ar na riachtanais a aimsíodh in Anailís RAPID na hUaimhe ar foilsíodh anuraidh. Tugann Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte tacaíocht don tionscnamh agus feidhmíonn sí go dlúth i gcomhar leis an bpobal agus le soláthraithe seirbhíse eile.

- I 2005 bhunaigh Leader na Mí agus Coiste Gairmoideachais Chontae na Mí le tabhairt faoi mhíchothromaíocht agus faoi bhearnaí sa réimse fostaíochta. Tá suíochán ag AIT RAPID na hUaimhe ar an Grúpa Forbartha Comhpháirtithe a mbainistíonn an tionscnamh agus ciallaíonn sé sin go mbainfidh daoine ón gceantar RAPID tairbhe as an gclár.

- Bunaíodh Grúpa Oibre F.I.T. na hUaimhe i 2005 le maoirsiú a dhéanamh ar an gClár F.I.T. san Uaimh. Ar an nGrúpa Oibre tá ionadaithe ó FÁS, ón gCoiste Gairmoideachais, ón DSFA, ón IWA, ó Chomhairle Chontae na Mí, agus ón bpobal.

- Bhí Campa Samhraidh na Gréine ar siúl ar feadh seachtain amháin i mí Iúil, a bhfuil sa dara bhliain anois, agus d'fhreastail 35 páiste ó na heastáit RAPID air. Eagríonn comhchoiste an campa seo, a bhfuil ionadaíoch do Chomhpháirtíocht Spóirt Áitiúil na Mí, do Springboard, do Chlár Críochnaithe Scoileanna na hUaimhe, Cónaidhm Óige na Mí agus don phobal.

- An Scéim Comhpháirteachais Pobail leis na Gardaí – Tá leathnú déanta ar an scéim seo ar bunaíodh le Gardaí na hUaimhe i 2004 san Eastát Claremont agus anois tá Eastát an Chlochair Bhuí tar éis a bheith tógtha san áireamh.

- I mbliana lean Grúpa Óige na mBuachaillí ó Bhóthar Commons ag feidhmiú le tacaíocht leanúnach ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, ón bpobal agus ó RAPID.

- I mbliana lean an scéim maidir le 'Stopadh le Tobac a Chaitheamh', a bhfuil ag díriú ar na heastáit RAPID, le tacaíocht Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

## Pobal

Lean an Clár Oiliúna Pobail ag feidhmiú le tacaíocht ó Bhuiséad Taca an Phobail. Cuireadh acmhainní ar fáil leis an bpobal a fhorbairt ar fáil do bhaill an phobail seo.

- Lá Spraoi do Theaghlaigh – Bhí an dara fhéile mionchoirn domhanda agus chultúrtha san Uaimh ar siúl i Staid Claremont i mí Iúil agus d'éirigh go hiontach leis sa phobal. Cuireadh DVD speisialta le chéile inar taispeánadh na buaicphointí ón lá.

- Líonra Pobail – mar thoradh ar an gcuairt a thugamar ar ghrúpa pobail Bhaile Bhlainséir anuraidh tháinig grúpa beag díobh go dtí an Uaimh agus thug siad cuairt ar an teach pobail san Eastát Claremont.









# Oidhreacht

## Straitéisí

Fóram Oidhreachta don Chontae a bhunú agus Plean Gníomhaíochta Oidhreachta 5 bliana don Chontae a ullmhú agus a chur i bhfeidhm i gcomhchomhairle leis an bpobal agus leis na páirtithe leasmhara ar fad.

Comhairle agus oiliúint ar na cleachtais is fearr maidir le caomhnú oidhreachta agus bainistíocht a chur ar fáil don phobal, don Údarás Áitiúil agus d'áisíneachtaí eile.
Aird a thabhairt ar an tuiscint ar an Oidhreacht agus éascú a dhéanamh ar fhaisnéis oidhreachta a bhailiú agus a dháileadh.

Cur le ceapadh beartais agus le déanamh cinneadh an Údaráis Áitiúil. Rochtain uilíoch chuig láithreáin oidhreachta a chur chun cinn.







## Oifigeach Oidhreachta

Comhaontú páirtíochta is ea Clár an Oifigigh Oidhreachta idir an Chomhairle Oidhreachta agus na hÚdaráis Áitiúla.

Is í an oidhreacht atá mar bhunús lenár bhféiniúlacht náisiúnta agus tá tionchar mór aici ar ár gcaighdeán beatha. Tugann an tAcht Oidhreachta, 1995 sainmhíniú ar oidhreacht mar séadchomharthaí, iarsmaí seandálaíochta, nithe oidhreachta, oidhreacht ailtireachta, an dúlra, tírdhreacha, muirdhreacha, raiceanna, geolaíocht, páirceanna agus gairdíní oidhreachta agus uiscebhealaí intíre.

Tá réimse leathan oibre ag an Oifigeach Oidhreachta agus déantar an obair ar bhealach comhtháite, ar bhunús ildhisciplíneach.

## Buaicphointí 2005

- Fuarthas maoiniú €101,500 do thionscnaimh thógtha oidhreachta ón gComhairle Oidhreachta le haghaidh na tionscnamh seo a leanas: athchóiriú ar na geataí loic ar Chanáil na Bóinne, oibreacha caomhnaithe ar Shean Oibreacha Uisce Cheanannais, mapáil dhigiteach ar reiligí, oibreacha caomhnaithe ar bhalla Reilig Cruicetown, plean caomhnaithe a ullmhú do Mhainistir Ballyboggan, i gCluain Ioraird, Co. na Mí agus measúnú seandálaíochta agus stairiúil a dhéanamh ar Eaglais agus ar Reilig Naomh Eoin san Obair.
- Obair ghníomhach a dhéanamh ar 20 tionscnamh oidhreachta i gcomhpháirtíocht le grúpaí pobail.
- Deineadh taighde agus ullmhúchán ar ábhair faisnéise chúlra do Phlean Oidhreachta an Chontae, agus ansin cuireadh é faoi bhráid Bhainistíocht Chomhairle Contae na Mí, agus ionadaithe tofa de Bhord Forbartha Chontae na Mí.
- Bunaíodh Fóram Oidhreachta Chontae na Mí le comhairle a chur maidir le Plean Oidhreachta an Chontae a chur le chéile agus a chur i bhfeidhm.
- Tosaíodh leis an gCéad Chéim de Shuirbhé Reilige an Chontae (suirbhé a deineadh ag an deasc)
- Cúrsa oiliúna píolótach forbartha agus curtha le chéile do ghrúpaí pobail maidir le taifead a dhéanamh ar chuimhneacháin reilige
- Le linn Sheachtain na hOidhreachta bhí imeacht ar siúl le ceiliúradh a dhéanamh ar oidhreacht na Canála Ríoga i gcomhpháirtíocht le Comhairle Contae Fhine Ghall agus Comhairle Contae Chill Dara
- Freagra chuig 250 fiosrúchán ón bpobal ar ghnéithe éagsúla de bhainistíocht agus de chaomhnú oidhreachta
- Éascú déanta ar phlean 5 bliana na mBailte Slachtmhara a fhorbairt i gcomhar le Coiste Bhailte Slachtmhara Dhún Doire
- Ceardlanna ar siúl le Coistí Bhailte Slachtmhara Bhaile an Chaisleáin agus Bhaile Átha Buí le Plean 5 bliana na mBailte Slachtmhara a chur le chéile
- Maoirsiú déanta ar chúig tionscnamh oidhreachta a chur i gcrích a raibh maoinithe faoin Scéim Deontais Pobail 2004 agus comhairle curtha ar iarratasóirí oidhreachta



maidir le scéim 2005.

- Méadú déanta ar an Láithreán Gréasáin Oidhreachta (www.meath.ie/heritage)
- Éascú déanta ar obair Choiste Bhaile Shláine d'fheabhsú an tsráidbhaile le clár feabhsaithe do Bhaile Shláine a fhorbairt agus a sholáthar
- Comhpháirtí tionscnaimh in éineacht le Comhairle Contae Fhine Ghall agus Comhairle Chontae Gwyneed (An Bhreatain Bheag) i dtionscnamh INTERREG darbh ainm 'Living Coasts' air
- Ceardlann Siúlóid an Fhómhair ar siúl thar ceann 'Pride of Place'
- Oidhreacht curtha chun cinn sa Scéim Scoileanna 2005 i ngach scoil náisiúnta sa chontae
- Obair déanta ar an Tionscnamh maidir le Taifeadadh ar Reilig Bhaile Bacon i gcomhpháirt le Comhairle Contae Chill Dara
- Mar bhall ar Choiste Stiúrtha Comharsanachta Balrath
- Taispeántais Oidhreachta ar siúl sa bhliain 2005: 'Garden Birds and Conservation, Woodland Management, Stone Walls and Earthen Banks'

# Tionscnaimh 'Pride of Place' Chomhairle Contae na Mí

## Straitéis

Leanúint leis an bhforbairt ar na Tionscnaimh 'Pride of Place' ar an gClár Gníomhaíochta Comhshaoil don chéad chúig bliana eile i mbealach nuálaíoch agus solúbtha. Tacaíocht a thabhairt do pholasaí ar dheachleachtais i mbainistíocht comhshaoil do na bearta ar fad den Údarás Áitiúil agus do na gníomhaíochtaí ar fad a dtug ár nGrúpaí Pobail agus Dheonaigh faoi.







## Tionscnaimh 'Pride of Place' Chomhairle Contae na Mí 2005

Is tionscnamh Chomhairle Contae na Mí é 'Pride of Place' atá ar siúl ar fud an chontae agus a ndéantar maoiniú air gach bliain ag baint úsáid as na fáltais ón deontas conláistí ar fhorbairtí nua. Tugann gach toghcheantar maoiniú de 20% don scéim. An maoiniú atá ag teastáil do scéim 2005 ná €60,000 do gach toghcheantar nó €300,000. Úsáidtear an maoiniú do riarachán na scéime, d'oiliúint ghrúpa pobail, do chúnamh deontais, do chiste duaiseanna agus don searmanas bronnta. Is comórtas é 'Pride of Place' Chomhairle Contae na Mí go príomha le hachmhainní grúpaí pobail gníomhacha a riaradh le tabhairt faoi na héilimh atá ann maidir le timpeallacht maireachtála d'ardchaighdeán agus le comhpháirtíocht a chothú leis an údarás áitiúil. Iarrtar ar gach pobal cuid den fhreagracht a ghlacadh dá cheantar, agus gach a bheith mar fhoras aonraithe ach le comhairle agus le tacaíocht Chomhairle Contae na Mí. Is úsáid éifeachtúil agus éifeachtach d'acmhainní teoranta Chomhairle Contae na Mí í an clár 'Pride of Place'. Bíonn Saoránaigh Chontae na Mí, cosúil le daoine in áiteanna eile, ag súil le hardchaighdeán ina gcuid spásanna maireachtála. Tá an-chuid teaghlach ag bogadh ó Bhaile Átha Cliath, ina raibh ranna páirceanna móra ag coinneáil na spásanna glasa agus na háiteanna súgartha. Níl an fhéidearthacht ag Comhairle Chontae na Mí taobh istigh dá cuid acmhainní le tabhairt faoi na héilimh seo gan rannpháirtíocht ghníomhach na bpobal áitiúil. Meastar, don infheistíocht do gach €1 a dhéanann Comhairle Chontae na Mí san fhorbairt pobail seo, go ndéanann na grúpaí deonacha infheistiú €3 i dtéarmaí maoinithe, oibre deonaigh, úsáid soláthraithe agus gnólachtaí áitiúla.

## Na Comórtais 'Pride of Place'

Is iad seo a leanas na comórtais 'Pride of Place':

- Comórtas Bláth Ríoga do bhailte agus do shráidbhailte
- Gradaim na nUiscebhealaí
- Tionscnaimh chun Láithreáin Folamha a Fheabhsú
- Scéim Péinte an tSráidbhaile
- Comórtas Siúlóid an Fhómhair
- Comórtas 'Pride of Place' (POP) Chomhairle Contae na Mí do Scoileanna

## Oiliúint

Díríonn na tionscnaimh 'Pride of Place' go príomha ar oiliúint agus faigheann grúpaí pobail an deis athnuachan a dhéanamh ar a gcuid scileanna bainistíochta maidir leis an tírdhreach, mar seo a leanas:



Feabhra/Bealtaine 2005:

- Ceithre Cheardlann lae i nGarraithe Náisiúnta na Lus
- Seimineár do Ghrúpaí na mBailte Slachtmhara
- Comhairliúcháin Gairneoireachta ag na láithreáin le grúpaí in éineacht le Mr. Brendan Sayers ó Gharraithe Náisiúnta na Lus.
- Ceardlann Siúlóid an Fhómhair

An Sceideal Moltóireachta

Faigheann gach grúpa critéir mholtóireachta roimh ré ionas go mbeidh a fhios acu céard atá ag teastáil ó na moltóirí. Bíonn an deis ag gach grúpa le casadh leis na moltóirí agus cur síos a thabhairt ar an obair a raibh ar siúl acu.

- Bhí Comórtas 'Pride of Place' Chomhairle Contae na Mí do Scoileanna ar siúl sa tseachtain deiridh i mí na Bealtaine, 2005.
- Bláth Ríoga, Tionscnaimh chun Láithreáin Folamha a Fheabhsú, Gradaim na nUiscebhealaí, Scéimeanna Péinte an tSráidbhaile: an tseachtain deiridh i mí Iúil, 2005
- Comórtais Siúlóidí an Fhómhair: an chéad tseachtain i mí an Mheán Fómhair 2005

## Searmanais Bhronnta 'Pride of Place' Chomhairle Contae na Mí

Sa bhliain 2005 fógraíodh na buaiteoirí ag ócáidí speisialta de cheiliúradh pobail mar seo a leanas:

- Searmanas Bronnta Ghradaim 'Pride of Place' Chomhairle Contae na Mí do Scoileanna: 8.00pm, Déardaoin 23 Meitheamh, 2005 i gColáiste Warrenstown.
- Searmanas Bronnta Ghradaim do Thionscnaimh 'Pride of Place' Chomhairle Contae na Mí: 8 pm. Dé hAoine, 11 Samhain 2005 i gColáiste Warrenstown..

## Leibhéal Rannpháirtíochta an Phobail i gContae na Mí:

Bhí méadú suntasach ar an leibhéal rannpháirtíochta sna tionscnaimh 'Pride of Place' sa bhliain 2005, le 152 grúpa gníomhach rannpháirteach sna comórtais. San áireamh bhí 31 bunscoil páirteach inar chruthaigh daltaí, múinteoirí agus tuismitheoirí a raibh ag cuidiú leo, tionscnaimh gairdín scoile spreagúla, m.sh. gairdín fiáin, gairdín cathrach agus gairdín tuaithe.

- Bhuaigh Maigh nEalta an Baile is Slachtmhaire in Éireann don dara bhliain as a chéile i gComórtas Náisiúnta na mBailte Slachtmhara
- Is é Baile Átha Troim a bhí mar phríomhbhuaiteoir ag Gradaim 'Pride of Place' Chomhairle Contae na Mí ina raibh 600 aoi i láthair.
- I mí Lúnasa 2005 bhí Baile an Chaisleáin, Ráth Tó agus Ceanannas páirteach i gComórtas 'Pride of Place' Co-operation Ireland/na nÚdarás Áitiúil thar ceann Chontae na Mí. Bhuaigh Ráth Tó An Tionscnamh Lánpháirtithe Shóisialaigh is Fearr don ionad pobail nua.
- D'fhreastail 150 duine ar cheardlanna deachleachtais maidir le garraíodóireacht, dearadh tírdhreacha, seimineár bailte slachtmhara agus Siúlóidí an Fhómhair.
- Bhí 200 dalta, múinteoirí agus tuismitheoirí rannpháirteach i gceardlanna oiliúna sa Chomórtas 'Pride of Place' do Scoileanna agus d'fhreastail 700 duine ar an searmanas bronnta i mí an Mheithimh 2005
- Bhain 25 grúpa tairbhe as na cuairteanna ar an láthair a thug saineolaí ó Gharraithe Náisiúnta na Lus le haghaidh ullmhúcháin don Chomórtas Bláth Ríoga.









# An Scéim Deontais Conláistí

**Straitéis**

Áiseanna Fóillíochta agus Áineasa a chur ar fáil ar fud an Chontae.

## An Scéim Deontais Conláistí

Bunaíodh an Scéim Deontais Conláistí sa bhliain 2003, faoi riarachán na Roinne Pobail, Fiontair, Áineasa, Cultúir agus Oidhreachta. Tá an scéim mar bhunús d'fheidhmiú áiseanna fóillíochta agus áineasa a sholáthar sa chontae. Tugann an scéim seo cúnamh airgid don Chomhairle agus do ghrúpaí pobail agus d'eagraíochtaí deonacha do thionscnaimh le forbairt a dhéanamh ar áiseanna spóirt, áineasa, comhshaoil, conláistí, oidhreachta agus chultúrtha. Tá an maoiniú do thionscnaimh do ghrúpaí pobail faoi riarachán faoin bhfo-scéim, an Scéim Deontas Pobail. Tagann maoiniú don Scéim Deontais Conláistí gach bliain ó na fáltais deontas conláistí ar fhorbairtí nua sa chontae.

I mí Iúil 2005 chomhaontaigh an Chomhairle maoiniú de €5.5 milliún do thionscnaimh Comhairle ag leibhéal an Chontae agus an Toghcheantair, agus do Thionscnaimh Pobail.

De bharr leithdháileadh mór de mhaoiniú de €1,061,000 bainfidh grúpaí pobail agus eagraíochtaí deonacha tairbhe as 37 tionscnamh ar fud an chontae idir áiseanna spóirt, ionaid pobail/acmhainne, thionscnaimh oidhreachta, fheabhsúcháin coláistí agus comhshaoil. Leanfaidh an Scéim i 2006 agus sna blianta sa todhchaí, agus is gá na hiarratais a chur isteach go luath i mí Aibreáin gach bliain.

# Comhpháirtíocht Spóirt Áitiúil na Mí

**Straitéisí**

Plean Straitéiseach Chomhpháirtíocht Spóirt Áitiúil na Mí a chur i bhfeidhm.

Cláir ardchaighdeáin a fhorbairt agus a chur ar fáil leis an tuiscint a mhéadú ar na buntáistí a bhaineann le gníomhaíochtaí coirp agus spóirt. .







## Tosaíocht maidir le Forbairt

D'aithin Comhpháirtíocht Spóirt Áitiúil na Mí (LSP), tríd a plean straitéiseach, na réimsí tosaíochta seo a leanas maidir le forbairt a dhéanamh orthu:

- Daoine Óga
- Beatha Ghníomhach
- Forbairt agus Oiliúint Club
- Áiseanna agus Acmhainní
- Margaíocht á déanamh ar Chomhpháirtíocht Spóirt Áitiúil na Mí.

## Daoine Óga

Is í an sprioc atá againn faoin Straitéis do Dhaoine Óga ná na deiseanna a mhéadú do Dhaoine Óga le páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht Choirp agus Spóirt.

Táimid tar éis tionscnamh de Chomhairle Spóirt na hÉireann a chur sa tsiúl – Buntús an t-ainm atá air, sna bunscoileanna ar fad i gContae na Mí. Is í príomhaidhm an Chláir Buntús ná go mbeidh spraoi ag na Leanaí ach go tabharfaí buntús d'ardchaighdeán dóibh i scileanna spóirt. Tá rochtain leathan chuig spóirt éagsúla ar fáil dóibh le gur féidir leo a spéiseanna spóirt féin a fhorbairt.

Go dtí seo tá an Clár 'Buntús' ar siúl i 113 bunscoil ag Comhpháirtíocht Spóirt Áitiúil na Mí; tá 3000 uair a chloig d'oiliúint teagmhála tar éis a bheith curtha ar níos mó ná 929 múinteoir bunscoile, agus tá níos mó ná 18,300 páiste scoile tar leas a bhaint as an gclár. Cuireadh oiliúint ar 102 bunscoil ar Chúrsa Buntús an FAI. Sa bhliain 2005 freisin chuidigh LSP na Mí le Campa Samhraidh 'Sunshine' sna heastáit RAPID san Uaimh a eagrú agus d'fhreastail 45 páiste ar an campa sin ar feadh seachtaine.



## Beatha Ghníomhach

Is í aidhm ár straitéise maidir le míchumas ná méadú deiseanna rannpháirtíochta a thabhairt do gach duine is cuma faoin a gcumas.

Is í Comhpháirtíocht Spóirt Áitiúil na Mí ceann de na comhpháirtíochtaí a d'fhorbair clár oiliúna snámha ar dtús go náisiúnta, do Chuiditheoirí, do Mhúinteoirí Cúnta agus do Mhúinteoirí le haghaidh Daoine le Míchumas.

Sa bhliain 2005 ghlac LSP na Mí ceannasaíocht nuair a d'eagraigh siad, i gcomhar le Seirbhísí Midway agus Cúram Rehab, an chéad Champa Samhraidh de Gach Cumas (All-Ability) do Dhaoine le Míchumas sa chontae. Ghlac níos mó ná 190 úsaideoir na seirbhísí páirt sa champa. Chomh maith leis sin, sa bhliain 2005 d'eagraigh LSP na Mí Comhdháil Gníomhaíochta Coirp Oiriúnaithe (Adapted Physical Activity Conference) ar "Inclusive Sport and Physical Activity for People with Disabilities".

Le héascú a dhéanamh ar oiliúint agus ar fhorbairt do dhaoine breacaosta bhí clinicí 'Fitwalk', siúlóidí ar Lá Domhanda an Chroí (World Heart Day), cúrsaí do threoraithe siúlóide agus 'Sports Fests' ar siúl ag Comhpháirtíocht Spóirt Áitiúil na Mí, Chomh maith leis sin bhí baint ag LSP na Mí in eagrúchán Lá Spraoi Teaghlaigh Ilchultúrtha na Mí.

## Oiliúint agus Forbairt Club

Sa bhliain 2005 d'eagraigh LSP na Mí a céad chomhdháil spóirt dar teideal "Youth Sport – Making the Most of the Coaching Process."

Bhí beagnach 100 ionadaí club i láthair. Le linn na bliana chuir LSP na Mí oiliúint ar ionadaithe club sna nithe seo a leanas:

- Cód Eitice agus Deachleachtais le haghaidh Feasachta Spóirt do Pháistí
- Oiliúint Oifigigh Leanaí
- Garchabhair Spóirt





- 'Speed Agility Quickness' – Bunrang, Leibhéal 1 & Cleachtadh
- 'Kickstart FAI' - Leibhéal 1
- 'FUNdamentals of Coaching'
- Clár Polasaithe Drugaí agus Alcóil

Bhí baint chomh maith ag LSP na Mí sa Phlean Forbartha Camógaíochta Faoi Aois.

Le linn 2005 deineadh traenáil ar níos mó ná 700 ionadaí club sna cláir éagsúla faoin straitéis club um thraenáil agus fhorbairt.

## Iniúchadh Áiseanna


Ghlac LSP na Mí ceannasaíocht tríd iniúchadh a dhéanamh ar na háiseanna spóirt agus pobail ar fad sa chontae. Nuair atá sé curtha i gcrích tá súil againn a bheith in ann na bearnaí a aimsiú maidir le soláthar áiseanna ar fud an chontae chomh maith le bheith in ann féidearthachtaí a aimsiú ina bhféadfaí áiseanna a roinnt. .













# Roinn na Seirbhísí Corparáideacha





**PRÍOMHGHNÍOMHAÍOCHTAÍ:**
TÁ RANNÓG NA SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA FREAGRACH DO


- **Cumarsáid/ Foilseacháin/ Comhionannas Corparáideach**
- **Foirgnimh Chorparáideacha agus a bhfuil timpeall orthu**
- **Plean Corparáideach**
- **Cúram Custaiméirí**
- **Clár na nEiticí (Foireann & Comhaltaí)**
- **Sláinte & Sábháilteacht**
- **Deontais Ardoideachais**
- **Daonlathas Áitiúil**
- **Tacaíocht Bainistíochta Foirne**
- **Riarachán Cruinnithe**
- **Tacaíocht Comhaltaí**
- **Clár na dToghthóirí**

Tá an Tuarascáil Seirbhísí Corparáideacha seo bunaithe ar Phlean Oibriúcháin Bliantúil 2005 agus sa chás seo tuairiscítear go háirithe ar Thacaíocht Comhaltaí, Deontais Ardoideachais, Cumarsáid, Plean Corparáideach, Frámaíocht Eiticiúil, Sláinte agus Sábháilteacht agus Clár na dToghthóirí.

## CUSPÓIR STRAITÉISEACH

Obair laistigh de fhrámaíocht de phrionsabail dhaonlathacha, ina ndéantar éascú ar an rannpháirtíocht optamach phoiblí, agus ina gcuirtear seirbhísí d'ardchaighdeán ar fáil do leas ár bpobail.





# Cumarsáid / Foilseacháin / Comhionannas Corparáideach

**Straitéis**

Cumarsáid a dhéanamh go héifeachtach lenár gcustaiméirí agus lenár bpobal ionas go méadófaí an tuiscint ar sheirbhísí agus ar oibríochtaí na heagraíochta

## Cumarsáid Onnghníomhach

Bhunaigh na Seirbhísí Corparáideacha bealaí cumarsáide níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí maidir le hobair dearfach a bhfuil ar siúl ag an gComhairle tríd na meáin atá ar fáil agus trí fhoilseacháin na comhairle. I 2005, bhainistigh na Seirbhísí Corparáideacha 25 Preaseisiúintí agus 1074 Imeachtaí Meán.

## Raidió Áitiúil, na Meáin Chlóite

Thapaigh an Chomhairle gach deis tríd an úsáid is fearr a bhaint as na buntáistí ar an raidió áitiúil LMFM chomh maith leis na nuachtáin réigiúnacha agus náisiúnta agus leis na foilseacháin trí faisnéis a chur ar fáil dár saoránaigh ar fad.
An aidhm is mó do na fógraí seachtainiúla seo ná aird an phobail a tharraint ar ár gcuid tograí molta agus ár gclár oibre.

## Cumarsáid Inmheánach

Lean an Chomhairle ag forbairt polasaithe cumarsáide inmheánacha agus d'oibrigh sí i gcomhpháirtíocht leis an Rannóg TF i dtreo clár nua inlín agus fógraí a fhorbairt, a bhfuiltear ag súil le seoladh i 2006.


## Saoráil Faisnéise

Tugadh isteach an tAcht um Shaoráil Faisnéise 1997, le ligean don phobal fáil ar thaifid nach bhfuil ar fáil cheana faoi reachtaíocht eile agus baineann sé le gach údarás áitiúil ón 21 Deireadh Fómhair 1998. Deineadh roinnt athruithe ar Acht 1997 leis an Acht um Shaoráil Faisnéise (Leasú), 2003, agus an ceann is suntasaí bhí ann ná táillí a thabhairt isteach d'fhaisnéis neamhphearsanta. Tá táille € 15 iníoctha le haghaidh iarratas ar bith d'fhaisnéis neamhphearsanta agus tá táille € 75 iníoctha i gcás iarratais ar athbhreithniú inmheánach. Caithfear táille €150 a chur in éineacht le hiarratais athbhreithnithe chuig an gCoimisinéir Faisnéise. Tá táillí laghdaithe i gceist do dhaoine atá clúdaithe faoi chárta leighis.

**Is iad seo a leanas staitisticí 2005 maidir le hiarratais Saorála Faisnéise::**

| | |
|---|---|
| Iarratais a Fuarthas | 33 |
| Tugtha ar aghaidh ó 2004 | 10 |
| Iomlán | 43 |
| | |
| Méid na n-iarratas ceadaithe /páirtcheadaithe | 26 |
| Méid na n-iarratas diúltaithe | 10 |
| Iarratais a aistríodh | 0 |
| Méid aistarraingthe nó méid ar déileáileadh leo taobh amuigh den Saoráil Faisnéise | 3 |
| Cásanna fós ag dul ar aghaidh ag deireadh 2005 | 4 |
| | |
| Méid na nAthbhreithnithe Inmheánachas | 2 |
| Méid na nAchomharc chuig an gCoimisinéir Faisnéise | 2 |

Iarrtais Saorála Faisnéise - 2005




## Acht na dTeangacha Oifigiúla

Tugann Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 feidhm reachtaíochta d'Alt 8 den Bhunreacht, a bhforálann, ós í an Ghaeilge an teanga náisiúnta is í an phríomhtheanga oifigiúil í. Tuigtear anois go bhfuil ceart bunreachtúil ag an saoránach an teanga náisiúnta a úsáid nuair is mian leis/ léi agus go bhfuil dualgas ar chomhlachtaí poiblí géilleadh don cheart sin agus sinn ag déileáil lenár saoránaigh.

Dá bhrí sin is í príomhaidhm Acht na dTeangacha Oifigiúla ná soláthar níos fearr agus seirbhísí d'ardchaighdeán níos fearr a chur ar fáil trí Ghaeilge sa tSeirbhís Phoiblí.









Le linn 2005 d'iarr an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe & Gaeltachta ar Chomhairle Chontae na Mí "Scéim" a ullmhú faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Dréachtaíodh scéim de réir na dtreoirlínte agus cuireadh isteach chuig an Roinn í ar an 13 Nollaig 2005.

### Fógraíocht

Eagraíonn na Seirbhísí Corparáideacha fógraí reachtúla agus fógraí lánroghnacha chomh maith le fógraí poiblí don eagraíocht le cur isteach sna meáin náisiúnta agus áitiúla.

## Plean Corparáideach

### Straitéis

Maoirsiú a dhéanamh ar fheidhmiú, ar mhonatóireacht agus ar athbhreithniú an Phlean Chorparáidigh.

### Plean Corparáideach Chontae na Mí

Le linn 2005 chríochnaigh an Chomhairle leis na seisiúin comhairliúcháin a thosaigh i 2004. Ullmhaíodh Dréachtphlean Corparáideach le cur faoi bhráid na Comhairle agus foilsíodh an Plean Corparáideach d'Údaráis Áitiúla na Mí 2004/2009 tar éis dó a bheith faofa ag an gcomhairle.









# Cúram Custaiméirí

## Straitéis

Cultúr d'ardchaighdeán feabhais i soláthar seirbhíse a chur chun cinn, a bhfreastalaíonn ar riachtanais agus ar ionchais ár gcustaiméirí agus ár bpobal

### Athrú Custaiméirí

Le linn 2005 bhí feabhsúchán ar sheirbhísí do chustaiméirí fós mar phríomhthosaíocht do Chomairle Chontae na Mí. Cuireadh tús le moltaí d'athrú i mBainistíocht Cúraim Custaiméirí d'Údaráis Áitiúla na Mí de réir an chuspóra chorparáidigh a bhí leagtha amach sa Phlean Corporáideach.

### Gearáin

Rinne na Seirbhísí Corparáideacha, i gcomhar leis an nGrúpa Oibre Cúraim Ardchaighdeáin do Chustaiméirí, réamhullmhúchán ar pholasaí gearán/ sástachta a fhoisiú a mbeidh ar fáil i bhfoirm bileoige.

### Teileafónaíocht

Ba chúis áthais í don Chomhairle aonad nua freagartha teileafónaíochta a thabhairt isteach ina raibh seirbhís freagartha uathoibrithe san áireamh chomh maith le bheith in ann uimhreacha teagmhála dírdhiailithe nua a aithint a gcuireann feabhas láithreach ar na bealaí cumarsáide..

# Frámaíocht Eiticiúil

## Straitéis

Na forálacha den Fhrámaíocht Eiticiúil don tSeirbhís Rialtais Áitiúil a riaradh agus a chur i bhfeidhm agus maoirsiú a dhéanamh ar an bpróiseas daonlathach i mbealach éifeachtúil.

### Clár na nEiticí agus Dearbhú Bliantúil maidir le Síntiúis

Rinne na Seirbhísí Corparáideacha cothabháil agus bainistiú ar Chlár Bliantúil na nEiticí do gach Comhalta Tofa d'Údaráis Áitiúla na Mí agus don Fhoireann Chuí de réir na bhforálacha de Chuid 15 den Acht Rialtais Áitiúil 2001. Chomh maith leis sin deineadh cothabháil agus bainistiú ar Chlár Bliantúil na nDearbhuithe maidir le Síntiúis Pholaitíochta do Chomhaltaí Chomhairle Contae na Mí.









# Sláinte agus Sábháilteacht

## Straitéis

A chinntiú gur tosaíocht í Sláinte agus Sábháilteacht i ngach réimse dár gcuid oibre.

### Bainistíocht Sábháilteachta & Sláinte

I rith 2005, cuireadh béim sa bhreis ar bhainistíocht ardchaighdeáin sábháilteachta agus sláinte, ar an tuiscint maidir le sábháilteacht agus sláinte a chur chun cinn san ionad oibre, agus ar iniúchadh ar fheidhmiúchán sábháilteachta agus sláinte. Deineadh níos mó teagmháil leis an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta i rith na bliana.

### Oiliúint

Cuireadh oiliúint Sláinte agus Sábháilteachta ar 236 ball foirne ag leibhéal maoirseachta teicniúil.

### Cruinnithe

Sa bhliain 2005, bhí 9 gcruinniú ag an gCoiste um Bhainistiú Sábháilteachta (SMC).

Idir na cúig thoghcheantar bhí 13 chruinniú ag an nGrúpa um Mhonatóireacht Sábháilteachta. D'fhreastail an Comhairleoir Sláinte agus Sábháilteachta ar 2 chruinniú den Ghrúpa Comhairleoirí Sábháilteachta Rialtais Áitiúil (LASAG).

### Measúnú Riosca

Ullmhaíodh an Ráiteas Sábháilteachta Corparáideach. Cuireadh an Measúnú Riosca i gcrích agus cuireadh Ráitis Shábháilteachta Choimhdeacha thacaíochta ar fáil.

### Teagmháil Phoiblí

Bunaíodh nascanna cumarsáide níos láidre agus cuidíodh le baill den phobal maidir le ceisteanna Sláinte & Sábháilteachta.

# Deontais Ardoideachais

## Straitéis

Riaradh a dhéanamh ar Scéim Deontais Ardoideachais na Roinn Oideachais & Eolaíochta



### Deontais Ardoideachais

Sa bhliain 2005, chuidigh Comhairle Chontae na Mí le mic léinn faoi Scéimeanna do Dheontais Ardoideachais 2004/2005 agus 2005/2006.



Fuarthas 395 iarratas nua agus 451 iarratas athnuachana san iomlán do bhliain acadúil 2005/2006. Luach €3,020 a bhí ar an deontas iomlán agus bhí caiteachas iomlán de bhreis agus €2.7 milliún i 2005. Tá an caiteachas seo, seachas €14,045.55, ar fáil ar ais ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta.



Is iad seo a leanas na ranna éagsúla deontais:

Cothabháil Iomlán agus Táillí Iomlána
Cothabháil Pháirteach (75%) agus Táillí Iomlána
Cothabháil Pháirteach (50%) agus Táillí Iomlána
Cothabháil Pháirteach (25%) agus Táillí Iomlána
Táillí Teagaisc Roinnte amháin

Don bhliain acadúil 2005/2006, d'íoc Comhairle Chontae na Mí an deontas 'Ráta Speisialta Cothabhála' (Deontas Breise) le níos mó ná 100 mac léinn.



# Daonlathas Áitiúil

### Straitéis

Tacaíocht a thabhairt do na Comhairleoirí agus iad ag iarraidh a ról daonlathach agus polasaithe a chomhlíonadh agus a chur chun cinn.

## Riarachán Cruinnithe

Chuir na Seirbhísí Corparáideacha na forálacha de Chuid 6 den Acht Rialtais Áitiúil i bhfeidhm maidir le gach cruinniú agus imeacht de na hÚdaráis Áitiúla. I rith na bliana 2005 bainistíodh gach gníomh maidir le réamhchruinniú, cruinniú agus iarchruinniú, tríd ár gCóras nua Riaracháin Cruinnithe.

# Tacaíocht Comhaltaí

### Straitéis

Tacaíocht a thabhairt do Ról an Chomhairleora tofa agus é a chur chun cinn trí fhaisnéis, oiliúint, chomhairle, agus áiseanna a chur ar fáil agus iad de dhíth, ionas gur féidir leo an ról a chomhlíonadh.

## Dialann Comhdhála & Oiliúna


Rinne na Seirbhísí Corparáideacha bainistiú ar an Dialann Comhdhála & Oiliúna agus gach ní eile a bhain léi. Bhí ionadaithe ón gComhairle ag na Comhdhálacha seo a leanas i rith na bliana:

| COMHDHÁIL | DÁTA | AINM |
|---|---|---|
| Agrivision 2015 | 20/01/2005 | An Comhairleoir Tommy Reilly<br>An Comhairleoir Seamus Murray<br>An Comhairleoir Jimmy Fegan |
| Scoil Gheimhridh Chumann Merriman | 28/01/2005 | An Comhairleoir Oliver Brooks<br>An Comhairleoir Charles Bobbett |
| Seirbhísí Pleanála an Rialtais Áitiúil | 03/02/2005 | An Comhairleoir James Holloway<br>An Comhairleoir Tom Kelly |
| Local Energy Responsibilities - A Time for Change | 10/02/2005 | An Comhairleoir Seamus Murray<br>An Comhairleoir Tom Kelly<br>An Comhairleoir Michael Gallagher |
| Seimineár Earraigh A.M.A.I 2005 | 11/02/2005 | An Comhairleoir Anne Dillon-Gallagher |
| The Economic & Social Benefit of Heritage Development in Irish Towns-A Conference | 17/02/2005 | An Comhairleoir Anne Dillon-Gallagher<br>An Comhairleoir Charles Bobbett |
















| COMHDHÁIL | DÁTA | AINM |
|---|---|---|
| 16th Colmcille Winter School Preliminary Notice | 25/02/2005 | An Comhairleoir James Holloway |
| Comhdháil Bhliantúil GCCC 2005 | 03/03/2005 | An Comhairleoir William Carey<br>An Comhairleoir Eugene Cassidy<br>An Comhairleoir Charles Bobbett<br>An Comhairleoir James Holloway<br>An Comhairleoir John Farrelly<br>An Comhairleoir Michael Gallagher |
| Galway County International Genealogical Conference | 19/03/2005 | An Comhairleoir Michael Gallagher |
| Comhdháil Bhliantúil 22ú - LAMA | 31/03/2005 | An Comhairleoir Nick Killian<br>An Comhairleoir Charles Bobbett<br>An Comhairleoir James Holloway<br>An Comhairleoir Brian Fitzgerald |
| Civic & Social Life in the Suburbs | 08/04/2005 | An Comhairleoir Dominic Hannigan |
| Cork' County Council's Annual Mayor's Conference | 14/04/2005 | An Comhairleoir Jimmy Fegan<br>An Comhairleoir Seamus Murray<br>An Comhairleoir Tommy Reilly |
| The Common Agricultural Policy<br>- implications for local devel post 2006 | 14/04/2005 | An Comhairleoir Anne Dillon-Gallagher<br>An Comhairleoir Joseph Bonner |
| Comhdháil Duhallow - Role of public representatives in promoting political awareness in schools | 21/04/2005 | An Comhairleoir Jimmy Fegan<br>An Comhairleoir Seamus Murray |
| Trade Unionism , the North-South Experience | 28/04/2005 | An Comhairleoir Tommy Reilly |
| 14th Annual Kerry Environmental Recognition | 04/05/2005 | An Comhairleoir James Holloway<br>An Comhairleoir Phillip Cantwell<br>An Comhairleoir Patsy O'Neill<br>An Comhairleoir Jimmy Fegan<br>An Comhairleoir Tommy Reilly |
| Comhdháil Bhliantúil 'The Westport Experience' 2005 | 19/05/2005 | An Comhairleoir Phillip Cantwell<br>An Comhairleoir Tommy Reilly |
| S/E Reg Assembly 6th Annual Conf<br>- Knowledge economy & reg competitivness implications for regional dev. | 19/05/2005 | An Comhairleoir Noel Leonard |
| Seimineár Scileanna Meán do Chomhairleoirí | 21/05/2005 | An Comhairleoir Joseph Bonner<br>An Comhairleoir Michael Gallagher |
| Clár Oiliúna do Chathaoirligh SPC – An Bóthar Buí | 26/05/2005 | An ComhairleoirPatsy O'Neill<br>An Comhairleoir Dominic Hannigan<br>An Comhairleoir Oliver Brooks |




| COMHDHÁIL | DÁTA | AINM |
|---|---|---|
| Comhdháil CIWM: Raising the Standard | 14/06/2005 | An Comhairleoir Brian Fitzgerald<br>An Comhairleoir Anne Dillon-Gallagher<br>An Comhairleoir Michael Lynch<br>An Comhairleoir Tom Kelly |
| The potential for Sport in Modern Ireland | 23/06/2005 | An Comhairleoir Liz McCormack<br>An Comhairleoir Michael Lynch<br>An Comhairleoir Noel Leonard |
| What will we eat as the oil runs out? | 23/06/2005 | An Comhairleoir Dominic Hannigan |
| Todhchaí Thurasóireacht Tuaithe | 24/06/2005 | An Comhairleoir Phillip Cantwell |
| Preliminary Notice Childcare<br>What's Available - What's Needed | 01/07/2005 | An Comhairleoir Liz McCormack |
| Scoil Samhraidh Macgill & Seachtain na nEalaíon | 17/07/2005 | An Comhairleoir Joseph Bonner |
| Scoil Samhraidh William Carleton | 01/08/2005 | An Comhairleoir Charles Bobbett |
| Fixing the Boundaries: Ireland from the Margins | 14/08/2005 | An Comhairleoir Charles Bobbett |
| An Rialtas Áitiúil agus na hEalaíona | 26/08/2005 | An Comhairleoir Oliver Brooks<br>An Comhairleoir Michael Gallagher<br>An Comhairleoir James Mangan |
| Rural Housing - A Rural Right | 31/08/2005 | An Comhairleoir Michael Lynch<br>An Comhairleoir Tom Kelly<br>An Comhairleoir Jimmy Cudden |
| 11th Tom Johnson School | 09/09/2005 | An Comhairleoir Dominic Hannigan |
| Comhdháil Bhliantúil A.M.A.I. 2005 | 15/09/2005 | An Comhairleoir Jimmy Fegan<br>An Comhairleoir Michael Lynch<br>An Comhairleoir Anne Dillon-Gallagher<br>An Comhairleoir Oliver Brooks<br>An Comhairleoir James Mangan |
| A New Plan for Social Housing 2005 | 27/09/2005 | An Comhairleoir Jimmy Cudden<br>An Comhairleoir Tom Kelly<br>An Comhairleoir Nick Killian<br>An Comhairleoir Eugene Cassidy<br>An Comhairleoir Noel Leonard<br>An Comhairleoir Jenny Darcy |
| Hidden Truths, Silent Cries...... | 01/11/2005 | An Comhairleoir Liz McCormack |
| Seimineár Geimhridh Bliantúil 2005 LAMA<br>– Iubhaile Cúig Bliana Fichead | 04/11/2005 | An Comhairleoir Seamus Murray<br>An Comhairleoir James Mangan<br>An Comhairleoir Michael Lynch<br>An Comhairleoir Nick Killian<br>An Comhairleoir Jimmy Cudden<br>An Comhairleoir William Carey<br>An Comhairleoir Oliver Brooks<br>An Comhairleoir Bryan Reilly<br>An Comhairleoir Noel Leonard |









| COMHDHÁIL | DÁTA | AINM |
|---|---|---|
| Pleanáil/Forbairt & Cuimsiú Sóisialta | 17/11/2005 | An Comhairleoir William Carey |
| Positioning Tourism Quality or Price? | 24/11/2005 | An Comhairleoir Anne Dillon-Gallagher |
| | | An Comhairleoir Patsy O'Neill |
| | | An Comhairleoir Michael Lynch |
| | | An Comhairleoir Jimmy Cudden |
| | | An Comhairleoir William Carey |
| | | An Comhairleoir James Mangan |
| Togra Iompair Tuaithe | 28/11/2005 | An Comhairleoir Liz McCormack |
| | | An Comhairleoir Patsy O'Neill |
| | | An Comhairleoir Bryan Reilly |
| 5ú Comhdháil Náisiúnta an IAS - Partnerships for Reducing Youth Suicide | 07/12/2005 | An Comhairleoir William Carey |
| | | An Comhairleoir Liz McCormack |
| Buiséad an Rialtais Áitiúil | 10/12/2005 | An Comhairleoir Tom Kelly |

## Léiriúcháin Phoiblí

Sa bhliain 2005, bhainistigh na Seirbhísí Corparáideacha 316 léiriúchán phoiblí scríofa ó bhaill an Oireachtais agus 107 léiriúchán ó bhaill na Comhairle. Cuidíonn ár gcóras bainistíochta doiciméid (Idocs) leis an bpróiseas seo, ina ndéantar scanadh ar na taifid agus ina scaiptear iad chuig na rannóga cuí.

## Bainistiú Ócáidí Corparáideacha

Le linn na bliana d'eagraigh agus bhainistigh na Seirbhísí Corparáideacha 7 bhFáiltiú Cathrach. I measc na ngradam seo bhí Fáiltiú Cathrach le gradam a bhronnadh ar Andrew Ledwidge a bhuaigh An Craobh Eorpach Trastíre Faoi 20. Chomh maith leis sin eagraíodh fáiltiú d'fheidhmeannaigh ó PFPC Idirnáisiúnta a bhfuil le hoibríocht nua a lonnú sa Pháirc Ghnó IDA, i Johnstown, san Uaimh, agus bhí an tAifreann Bliantúil Cuimhneacháin ar siúl chomh maith.

I mí an Mheán Fómhair 2005 chinn na comhaltaí An Gradam Saoir de Chuid an Chontae a bhronnadh ar Sean Boylan, Iarbhainisteoir d'Fhoireann Peile Shinsir na Mí, de réir Ailt 74 den Acht Rialtais Áitiúil 2001 le haitheantas agus le hómós a thabhairt dó don mhéid a bhain sé amach thar 23 bliain ar an bpáirc imeartha agus ón bpáirc imeartha chomh maith. Reáchtáilfear an ócáid i 2006.

## Fund Raising Initiative

Meath Local Authorities members, management and staff put partnership in practice in early 2005 when collectively they raised over € 33,000, which was donated towards rebuilding livelihoods in South East Asia, so dreadfully devastated by the St. Stephen's Day tsunami.

The staggering amount was collected through a series of fund raising initiatives including salary and wages deductions, as well as through bucket collections in shops and other premises. Small committees represented members, management and staff co-ordinated the various collections in response to the crisis, which rocked the world.











# Clár na dToghthóirí

## Straitéis


Faisnéis a fháil agus an rialú caighdeáin, foilseachán agus dáileachán Chlár na dToghthóirí a bhainistiú, de réir na bhforálacha den Acht Toghcháin.

## Clár na dToghthóirí

Foilsíodh Clár na dToghthóirí i mí Feabhra 2005 agus léiríodh an daonra cláraithe le vótáil mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Toghthóirí Dála | 119,265 |
| Toghthóirí Uachtaránachta | 118,306 |
| Toghthóirí Eorpacha | 119,535 |
| Toghthóirí Rialtais Áitiúil | 121,058 |
| Vótálaithe Poist | 241 |



Le linn 2005 bhí baint ag oifigigh ó Chomhairle Chontae na Mí le beart náisiúnta maidir le Feabhsúchán Próisis Gnó ar Chlár na dToghthóirí. Mar thoradh ar an mbeart seo ceaptar go n-athrófaí trí úsáid a bhaint as na cleachtais is fearr agus go dtiocfaidh moltaí maidir le nuashonrú cuimsitheach náisiúnta a dhéanamh ar Chlár na dToghthóirí, agus ceaptar go dtarlóidh sé seo sa bhliain 2006.










# Seirbhísí Comhshaoil





**PRÍOMHGHNÍOMHAÍOCHTAÍ:**

Mar chuid de chúraimí na roinne seo tá gníomhaíochtaí éagsúla monatóireachta agus forfheidhmithe comhshaoil i gceist, chomh maith le seirbhísí éigeandála a chur ar fáil agus a chothabháil.

Tá ár dtuarascáil bhliantúil bunaithe ar ár bPlean Oibriúcháin 2005 ina dtuairiscítear ar ghníomhaíochtaí ar leith, a bhfuil sa bhreis ar na gnáthdhualgais, a mbaineann leis an riarachán dár gcúraimí forfheidhmithe comhshaoil.



CUSPÓIR STRAITÉISEACH

Tacaíocht a thabhairt do thimpeallacht ghlan, shlán agus shláintiúil agus í a chur chun cinn don ghlúin reatha agus don ghlúin sa todhchaí.



# Bainistiú Dramhaíola

**Straitéis**

Dramhaíl a bhainistiú i mbealach comhtháite agus inbhuanaithe de réir na gcleachtas is fearr.

## Rannpháirtíocht i nGréasáin Dramhaíola OEE

Bhí Comhairle Chontae na Mí mar cheannaire ar an ngréasán Forfheidhmithe Náisiúnta a dhéileáileann leis na critéir íosta d'iniúchtaí comhshaoil. Rinne ár bhfoireann, a raibh mar ionadaithe do Réigiún an Oirthuaiscirt, forbairt agus cur i láthair ar theimpléad chuig an nGréasán Forfheidhmithe Náisiúnta. Cuirfear an teimpléad seo ar fáil go náisiúnta i 2006.

## Córais Íoc mar a Úsáidtear

Bhí Comhairle Chontae na Mí i gceannas ar an ngréasán d'údaráis ainmnithe le cáipéis a dhréachtú maidir le Ceadúnas nua um Bhailiú Dramhaíola. Tabharfar tacaíocht do na meicníochtaí maidir le táillí a ghearradh ar an gCóras Íoc mar a Úsáidtear, trí chuspóirí tacaíochta a thógáil san áireamh sa Phlean nua um Bhainisitú Dramhaíola i Limistéar an Oirthuaiscirt.

## Ionad Nua Athchúrsála

Deineadh dul chun cinn chuig céim eile sa tionsncnamh d'Ionad Athchúrsála Cheanannais i bPáirc Ghnó Llyod, nuair a síníodh na conarthaí le haghaidh tógála i mí na Nollag 2005.

## Bainc Beir Chuige

Soláthraíodh Bainc nua Beir Chuige i RáthTó, i mBaile an Chaisleáin agus i Ráth Cheannaigh. Mar sin féin, ar an drochuair, cailleadh áiseanna a raibh san Uaimh a chothaigh frithchothromaíochta dá bharr. Go déanach sa bhliain 2005 ceannaíodh córas CCTV le húsáid in áiteanna le fadhbanna Bruscair chomh maith leis na Bainc Beir Chuige, agus dá bhrí sin beifear ag súil go laghdófar an mhí-úsáid ar a leithéid d'áiseanna.







# Caighdeán Uisce

**Straitéis**

Caighdeán uisce a fheabhsú de réir na riachtanas den Treoir Frámaíochta Uisce

## Tuairisc Carachtarú ar an ERBD

Tá ionadaíocht ag Comhairle Chontae na Mí ar 3 Ghrúpa Stiúrtha de Cheantair Imchuach Abhann. Clúdaíonn ceantar imchuach Abhann na Sionainne, ceantar imchuach abhann nEathach Bhán agus ceantar imchuach abhann an Oirthir an dobharcheantar abhann anseo. Tá Innealtóir Feidhmiúcháin Sinsir tugtha ar iasacht ag an gComhairle d'fhoireann theicniúil an ERBD ar bhonn lánaimseartha, agus leanann sé ag cur sonraí ar chaighdeán an uisce ar fáil do gach RBD. Ainmníodh na Comhairleoirí Nick Killian agus Tom Kelly le bheith mar bhall de gach Comhairle Chomhairleach Ceantair Imchuach Abhann sa bhliain 2005.

## Feabhas ar an éifeachtúlacht maidir le tástáil uisce

Mhol ár bhfoireann monatóireachta um chaighdeán uisce agus chuir siad i bhfeidhm clár tástála athbhreithnithe le linn 2005. Leis an tionscnamh seo scaoileadh le baill foirne le fiosrúchán a dhéanamh maidir le foinsí d'uisce ar dhroch-chaighdeán, agus mar thoradh air tá oifigeach fostaithe go lánaimseartha le comhordú a dhéanamh ar an gcigireacht agus ar chuairteanna.



# Tuiscint ar an gComhshaol

### Straitéis

Aird a dhíriú ar an tuiscint ar an gcomhshaol agus gníomhaíochtaí inbhuanaithe a spreagadh.

## Laghdú ar Chostas na nIonad Athchúrsála

Thug Comhairle Chontae na Mí táille geata €2 isteach chuig Ionaid Athchúrsála na hUaimhe agus Bhaile Átha Troim i mí na Bealtaine 2005. Leis an tionscnamh seo fuarthas an t-ioncam a bhí ag teastáil go géar agus d'athraigh an nós úsáideora sna hionaid. Coinníodh an tónáiste den mhéid dramhaíola ar deineadh athchúrsáil uirthi ag thart ar 220 tona do gach áis in aghaidh na míosa agus laghdaigh méid na gcuairteanna níos mó ná 50%. Freisin sholáthraigh an chomhairle rochtain saor in aisce chuig na hionaid athchúrsála do dhaoine aonair agus don Tionscal Miondíola Leictreach le fáil réidh le Trealamh Dramhaíola Leictreach agus Leictreonach (WEEE) ó 12 Lúnasa 2005.

## Tionscnaimh athchúrsála a chur chun cinn

Rinne oifigeach feasachta Comhshaoil na Comhairle éascú ar chomhthionscnaimh leis an tionscal le linn Sheachtain Bailiúcháin Dramhaíola Contúirtí agus le linn Sheachtain na Glantóireachta. Tugadh tacaíocht do na scoileanna Glasa agus reáchtáileadh ceardlanna leis na cleachtais maidir le muirnín a dhéanamh sa bhaile agus le híoslaghdú dramhaíola a chur chun cinn. Freisin rinne an Chomhairle athbhreithniú ina gcuid cleachtas tí le hathshaothrú a dhéanamh ar dhramhpháipéar rúnda agus tosaíodh ar phróiseas nua soláthair le héascú a dhéanamh ar an bpolasaí seo.

# Seirbhísí Éigeandála

### Straitéis

Ardchaighdeán Feabhais a choinneáil agus seirbhísí éigeandála á soláthar.

## Tairiscint nua Dóiteáin Aicme B a chur ar fáil

Tar éis an chomórtais Tairisceana a bheith curtha i gcrích cuireadh isteach ordú le haghaidh tairisceana dóiteáin saincheaptha ina mbeidh aonad sochtaithe cúrtha san áireamh. Soláthróidh an t-aonad seo inniúlacht sochtaithe dóiteáin níos fearr san fhlít reatha.







# Caighdeáin Comhshaoil

### Straitéis

A chinntiú go gcomhlíontar na caighdeáin comhshaoil.

I ndiaidh do theicneoir sa bhreis a bheith fostaithe, tháinig méadú agus cuireadh bonn foirmiúil ar na cigireachtaí pleanáilte ar áiseanna ceadaithe agus ar na fiosrúcháin ar ghníomhaíocht neamhdhlíthiúil. Tugadh faisnéis maidir leis na hoibríochtaí seo trí ghnás nua oibríochta don foireanna Comhshaoil ar fad de réir treoir an EPA maidir leis na Critéir Íosta do Chigireachtaí Comhshaoil. Le foireann agus cigireachtaí pleanáilte sa bhreis bhí Comhairle Chontae na Mí in ann feabhas a chur ar a gcuid cleachtas bailiúcháin sonraí, a dtugann faisnéis ar thuairisc staitistiúil ár mBunachar Sonraí Dramhaíola. Caithfidh gach oibreoir laistigh den tionscal dramhaíola tuairisiciú a dhéanamh ar na tonnáistí dramhaíola a láimhseáiltear gach bliain. Is gá na sonraí seo a bheith ann leis na seirbhísí dramhaíola a phleanáil agus a sholáthar agus anois deimhnítear iad trí iniúchadh a dhéanamh agus trí chigireachtaí a dhéanamh ar an láthair.



# Plean Bainistíochta Dramhaíola

### Straitéis

Plean Bainistíochta Dramhaíola a cheadú agus a chur i bhfeidhm do Limistéar an Oirthuaiscirt.

### Dréachtphlean nua Bainistíochta Dramhaíola

D'ullmhaigh ionadaithe Chomhairle Contae na Mí, Lú, an Chabháin agus Mhuineacháin, in éineacht le Comhairleoirí RPS, dréachtphlean Bainistíochta Dramhaíola, ar cuireadh ar taispeáint idir Lúnasa agus Nollaig 2005. Deineadh éascú ar chlár de chlinicí agus de laethanta buaileadh isteach i ngach oifig ceantair i rith na tréimhse taispeána. Fuarthas 51 aighneacht agua tógadh san áireamh iad sa tuairisc chomhchomhairleach, inar tugadh faisnéis don Phlean Bainistíochta Dramhaíola deiridh don Limistéar Oirthuaiscirt agus ar glacadh leis i 2006.

# Acmhainní d'fheachtais fheasachta leanúnacha

### Straitéis

Acmhainní a chur ar fáil d'fheachtais Fheasachta agus Ghníomhaíochta Comhshaoil.

Cuireann na Comhairlí na cláir seo a leanas ar fáil: 'Pride of Place', Bainistíocht Fuinnimh agus Feasacht Comhshaoil. Sa Dréachtphlean Bainistíochta Dramhaíola iarradh go mbeadh Oifigeach lánaimseartha fostaithe le díriú ar fheasacht Comhshaoil amháin, agus cuireadh tús le hathbhreithniú a dhéanamh ar na hacmhainní foirne reatha sa réimse seo i 2005.

### An Feachtas i gCoinne Bruscair Náisiúnta

Bhain Limistéar an Oirthuaiscirt úsáid as tréimhse taispeána an Dréachta ar Bhainistíocht Dramhaíola le haird a dhíriú ar cheisteanna Bainistíochta Dramhaíola. Cuireadh maoiniú comhoiriúnaithe ar fáil trí an bhFeachtas Náisiúnta, An Rás i gCoinne na Dramhaíola. Waste Campaign.







# Seirbhísí Dóiteáin agus Éigeandála

### Straitéis

Plean Forbartha Seirbhísí Dóiteáin agus Éigeandála a chur i bhfeidhm.

### Cleachtadh d'Éigeadálaí Móra

Nuair a tharla tionóisc tráchta mhór agus thragóideach fuarthas taithí ar an láthair d'fhíor-éigeandáil mhór agus deineadh athbhreithniú ar an mbealach a d'fheidhmigh an Chomhairle, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus achmhainní na nGardaí i ndiaidh an eachtra. Chomh maith leis sin i mí na Nollag 2005 bhí baint ag pearsanra Éigeandála na Comhairle le hathbhreithniú a dhéanamh ar 'An Frámaíocht Náisiúnta um Fhreagairt Éigeandála'.

### Athbhreithniú ar an bPlean Seirbhíse Dóiteáin

Thosaigh an Chomhairle le Dréachtphlean Seirbhísí Dóiteáin a chur le chéile, a dtabharfaidh faisnéis ar fhorbairt na Seirbhísí Dóiteáin i gContae na Mí don chéad 5 bliana eile. Bhí ball foirne ag leibhéal Príomhoifigigh Dóiteáin Chúnta rannpháirteach sna grúpaí oibre réigiúnacha a bhfuil ag freastal ar an gClár Náisiúnta Athrúcháin Seirbhísí Dóiteáin.



# Forfheidhmiú Comhshaoil

## Straitéis

Plean Forfheidhmithe Comhshaoil na Comhairle a chur i bhfeidhm

Leagtar amach Critéir Íosta na Comhairle maidir le Forfheidhmiú Comhshaoil ina Plean Forfheidhmithe Comhshaoil. Tagann níos mó ná 2000 gearán isteach chugainn gach bliain, a bhfuil sonraithe inár gCóras Bainistíochta Glaonna. Tá treoir maidir leis an íosmhéid aga fhreagartha comhaontaithe agus ghlac ár n-oifigigh fhorfheidhmithe Dramhaíola agus Caighdeáin Uisce pleananna cigireachta athbhreithnithe le huasmhéadú a dhéanamh ar láithreacht na comhairle. Mar gheall ar rochtain chuig líontaí talún cóngaracha, ar deineadh idirbheartaíocht faoi i 2005, tá an deis curtha ar fáil dár gcuid oifigigh forfheidhmithe seilbh a ghlacadh ar fheithiclí a bhfuil bainteach le gníomhaíocht dramhaíola neamhdhlíthiúil.

# Truailliú Bruscair

## Straitéis

Réimse leathan de ghníomhaíochtaí a chur i bhfeidhm le gearradh siar agus cosc a chur ar bhruscar.

Nuair a fostaíodh 2 mhaor bruscair lánaimseartha ghlac an Chomhairle le cur chuige nua struchtúrta maidir le gníomhaíochtaí a bhaineann le bruscar, a díriú ar earnálacha éagsúla gach mí. Le linn 2005 ceanaíodh ceamaraí CCTV a threisigh na hacmhainní forfheidhmithe a bhfuil ar fáil do Chomhairle Chontae na Mí.

## Plean Bhainistiú Bruscair

Cuireadh Dréachtphlean Bhainistiú Bruscair faoi bhráid na Comhairle ina hiomlán sa bhliain 2005. Tugadh cuireadh do na Comhairlí Baile ráitis polasaithe a chur isteach le tógáil san áireamh sa cháipéis deiridh, a gcuirfear ar taispeáint sa bhliain 2006.









# Tionchar maidir le Forbairt

Chuir an Roinn Comhshaoil sainchomhairle ar an Rannóg Pleanála ar an tionchar a bhféadfadh a bheith ann le forbairtí sa bhreis ag fáil uisce. Cinntítear leis an gcomhairle seo, agus le tacaíocht ón bpróiseas ceadúnais dhoirte a bhfuil faoi riarachán na Roinne Comhshaoil, go gcaomhnaítear agus go bhfeabhsaítear an caighdeán uisce. Is í an sprioc atá againn go fadtréimhseach ná na caighdeáin cháilíochta uisce a bhfuil leagtha amach sa Treoir Frámaíochta Uisce a chomhlíonadh agus í sin a bhaint amach faoi 2015.

Mar gheall ar chigirí sa bhreis a bheith fostaithe tá an Chomhairle in ann an mhonatóireacht phleanáilte a ndéantar ar na ceadúnais dhoirte reatha maidir le gníomhaíocht thráchtála a mhéadú, agus tá deis curtha ar fáil comhairle a chur ar an earnáil fheirmeoireachta chomh maith le cigireachtaí a dhéanamh uirthi sula dtagann an Treoir Níotráití i bhfeidhm mar dhlí.







# SEIRBHÍSÍ TITHÍOCHTA







**PRÍOMHGHNÍOMHAÍOCHTAÍ:** TÁ AN RANNÓG TITHÍOCHTA FREAGRACH DO:-

- Éadáil Talún
- Clár Tógála Tithíochta a chur i bhfeidhm do Scéimeanna Sóisialta/Inacmhainne
- Idirbheartaíocht a dhéanamh le forbróirí le haonaid Shóisialta/Inacmhainne a chur ar fáil faoi Chuid V de na hAchtanna um Phleanáil agus Fhorbairt (2000 – 2002)
- Próiseáil a dhéanamh ar na hiarratais inacmhainne
- Tithe a dhíol chuig tionóntaí na Comhairle faoin Scéim Cheannaigh ag Tionóntaí
- Próiseáil a dhéanamh ar iarratais deontas do dhaoine faoi mhíchumas agus do Dheisiúchán Riachtanach
- Soláthar Tithíochta trí Scéimeanna Deonacha
- Feidhmiú na Straitéise do dhaoine gan dídean
- Cóiríocht don Lucht Taistil a sholáthar, a leithdháileadh, a chothabháil agus a bhainistiú
- Athchóiriú agus cothabháil a dhéanamh ar 2000 aonad tithíochta
- Forbairt a dhéanamh ar Bhainistiú Eastáit/ Rannpháirtíocht an lucht chónaithe
- Riarachán/Cúram Custaiméirí

## CUSPÓIR STRAITÉISEACH

A bheith cinnte de go bhfuil caighdeán cuí de chóiríocht tithíochta ag ár saoránaigh ar fad a bhfeileann a riachtanais chomh fada agus is féidir, in áit agus i dtionacht dá rogha féin agus seirbhís tithíochta fhreagrúil agus thacúil a chur ar fáil dóibh siúd a dteastaíonn cuidiú uathu.





# Éadáil Talún/ Clár Tógála Tithíochta a chur i bhfeidhm do Scéimeanna Sóisialta/Inacmhainne

## Straitéis

A chinntiú, trí fheidhmiú pleananna forbartha agus clár seirbhísí fóntais phoiblí, go gcuirtear ar fáil dóthain talún a bhfuiltear in úsáid do thithíocht in áiteanna oiriúnacha ar fud an chontae.

Leanúint ag feidhmiú cláir éadála talún tithíochta le héascú a dhéanamh ar chláir tógála thithíochta phoiblí.

| Tithíocht Shóisialta a cuireadh i gcrích i 2005 | |
|---|---|
| Tuaithe | 4 |
| Baile Átha Buí 03 | 21 |
| Baile Íomhair 03 | 11 |
| Baile Íomhair 04 | 9 |
| Dún Búinne 03 | 28 |
| An Bóthar Buí 03 | 20 |
| Seanchaisleán 03 | 22 |
| Seanchaisleán 04 | 6 |
| An Uaimh (Windtown) | 34 |
| Cnoc an Línsigh 03 | 10 |
| Baile Átha Troim 04 | 12 |
| Dún Uabhair 04 | 6 |
| **IOMLÁN** | **183** |







# Idirbheartaíocht a dhéanamh ar aonaid Shóisialta/Inacmhainne a chur ar fáil faoi Chuid V de na hAchtanna um Phleanáil agus Fhorbairt (2000 – 2002)

## Straitéis

Na caighdeáin is airde a chur chun cinn i bpleanáil agus i ndearadh tithíochta phoiblí agus phríobháidigh, agus ag an am céanna ag cloí go docht leis na prionsabail maidir le forbairt inbhuanaithe.

| | |
|---|---|
| Tithe Inacmhainne curtha ar fáil i 2005 faoi Chuid V | 17 |
| Méid na dtithe á dtógáil, ar bhonn conarthaí Mar a bhí ar 31 Nollaig 2005 | 49 |
| Méid na dtithe atá molta, ar bhonn conarthaí Don Earnáil Dheonach mar a bhí ar 31 Nollaig 2005 | 11 |



# Díolacháin agus Deontais Tí

## Straitéis

Páirt a ghlacadh leis an ngrúpa oibre ilghníomhaireachtaí um Chuimsiú Sóisialta, a bunaíodh faoi choimirce Bhord Fhorbartha an Chontae, le feidhm an Rialtais Áitiúil a chur chun cinn maidir le tabhairt faoin mhíbhuntáiste agus faoi chuimsiú sóisialta a chur chun cinn.

**Tithíocht Inacmhainne, an Scéim Cheannaigh ag Tionóntaí & Deontais do Dhaoine faoi Mhíchumas agus Deontais do Dheisiúchán Riachtanach**

| | |
|---|---|
| Na hiarratais scéime comhúinéireachta a fuarthas sa bhliain 2005 | 74 |
| Méid a bhí ceadaithe a eisíodh sa bhliain 2005 | 46 |
| Iarratais don Scéim Deontas do Dhaoine faoi Mhíchumas a fuarthas sa bhliain 2005 | 205 |
| Méid na Scéime Deontas do Dhaoine faoi Mhíchumas ceadaithe a raibh bronnta sa bhliain 2005 | 168 |
| Iarratais don Scéim Deontas do Dheisiúchán Riachtanach a fuarthas sa bhliain 2005 | 97 |
| Méid na Scéime Deontas do Dheisiúchán Riachtanach Ceadaithe a raibh bronnta sa bhliain 2005 | 99 |
| Iarratais don Scéim Liúntais Mhorgáiste a fuarthas sa bhliain 2005 | 18 |
| Iarratais maidir le Díolachán Láithreán a fuarthas sa bhliain 2005 | 23 |







# Feidhmiú na Straitéise do Dhaoine gan dídean Cóiríocht don Lucht Taistil a sholáthar, a leithdháileadh, a chothabháil agus a bhainistiú

## Straitéis

A chinntiú go gcaitear le gach duine go cothrom i leithdháileadh agus i mbainistíocht tithíochta phoiblí, is cuma faoi bhunús, chine nó faoi chreideamh, agus go bhfreastalaítear i gceart ar gach grúpa imeallaithe ar nós an Lucht Taistil.

**Le Feidhmiú na Straitéise do Dhaoine gan Dídean i gcomhar le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte freastalaíodh ar 478 láithreoir sa bhliain 2005.**

| | |
|---|---|
| Teaghlaigh den Lucht Taistil a bhfuair cóiríocht | 14 |
| Teaghlaigh den Lucht Taistil a raibh aistrithe | 3 |
| Ní raibh aon teaghlach ar thaobh an bhóthair nuair a deineadh an daonáireamh bliantúil ar 25/11/05 | |



## Athchóiriú agus Cothabháil ar stoc tithíochta (2000 Aonad)

### Straitéis

Athchóiriú agus cothabháil a dhéanamh ar stoc tithíochta reatha

| | |
|---|---|
| Córas Téimh Lárnaigh curtha isteach, lena na-áirítear uasghrádú inslithe, aláraim deataigh a sholáthar ag costas €624,255 | 105 |
| Faduithe Tí | 12 |

## Forbairt a dhéanamh ar Bhainistiú Eastáit/Rannpháirtíocht an Lucht Chónaithe

### Straitéisí

A chinntiú go bhfuil struchtúir cheart ann do bhainistiú éifeachtúil agus éifeachtach ar thithíocht phoiblí trí thograí cuí bainistiú eastáit.


Na Scéimeanna Bainistiú Eastáit a fhorbairt agus a leathnú amach sna heastáit tithíochta comhairle reatha agus i bhforbairtí nua nuair a thagann siad chun cinn.







| | |
|---|---|
| Oiliúint réamhthionóntachta do thionóntaí nua | 162 |
| An Scéim Deontas agus Gradam d'Eastáit Comhairle | 49 eastát |
| Scéim Féinchabhrach | 22 |
| Scéim Deontais do Phéint Sheachtrach | 7 |





# ACMHAINNÍ DAONNA





TÁ ACMHAINNÍ DAONNA FREAGRACH AS NA PRÍOMHGHNÍOMHAÍOCHTAÍ AGUS SEIRBHÍSÍ SEO A LEANAS:


- Torthaí Foirne
- Earcaíocht & Roghnúchán
- Struchtúr Foirne
- Saoire Foirne
- Polasaithe agus Gnásanna AD
- Caidreamh Tionsclaíoch
- Aoisliúntas
- Bainistíocht Feidhmíochta
- Comhpháirtíocht san Ionad Oibre
- Oiliúint

Is í an aidhm atá ag Acmhainní Daonna (AD) ná na hacmhainní riachtanacha agus an saineolas a chur ar fáil ionas go dtreiseofaí an chomhpháirtíocht ghnó idir Clárbhainisteoirí/ Maoirseoirí agus an fhoireann Acmhainní Daonna. Agus é seo ar siúl is í an aidhm atá ag an bhfoireann na cuidiú le gach rannóg in Údaráis Áitiúla na Mí tabhairt faoi chuspóirí eagraíochtúla agus ag an am céanna na féidearthachtaí atá ag gach ball foirne a fhorbairt.



## CUSPÓIR STRAITÉISEACH

Cur leis na cuspóirí corparáideacha atá bainte amach trí fhoireann inniúil agus inspreagtha a fhorbairt; agus timpeallacht oibre sholúbtha agus fhreagrúil a chothú ina bhfuil deiseanna sa bhreis agus ina bhfuil na féidearthachtaí is fearr ann do gach ball foirne.



# Earcaíocht & Roghnúchán

## Straitéis

Bainistiú a dhéanamh ar dhaoine den scoth a aimsiú, a roghnú agus a cheapadh, i mbealach atá cothrom agus trédhearcach, le riachtanais acmhainní daonna na heagraíochta a chomhlíonadh.

## Torthaí Foirne


Gach ráithe cuireann an fhoireann AD 'toradh' de mhéid na mball foirne le chéile, agus cuirtear chuig an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta & Rialtais Áitiúil é. Leis seo cuirtear ar fáil méid iomlán na mball foirne a bhí fostaithe ag an gComhairle. Freisin cuirtear 'toradh bliantúil' níos cuimsithí chuig an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta & Rialtais Áitiúil i mí Eanáir gach bliain. Féach ar Tábla 2 thíos do bhriseadh síos foirne de réir rannáin ó Nollaig 2005.

Tá Údaráis Áitiúla na Mí tiomnaithe le baill foirne inniúla a earcú agus a choinneáil, a bhfuil na cáilíochtaí agus an taithí atá riachtanach le seirbhís éifeachtach agus éifeachtúil a chur ar fáil don phobal. I 2005 d'eagraigh AD 62 Comórtais agus rinne siad próiseáil ar níos mó ná 1,400 foirm iarratais (Féach Aguisín II).

Léirítear sa ghraf thíos an chothromaíocht inscne mhaith atá ann i dtéarmaí na n-iarratas le haghaidh postanna in Údaráis Áitiúla na Mí. I 2005, fuair an Chomhairle 737 iarratas ó fhir agus 710 iarratas ó mhná.

| Rannán | Méid Chomórtais |
|---|---|
| Riarachán | 19 |
| Gairmiúil/Teicniúil | 24 |
| Allamuigh | 17 |
| Seirbhís Dóiteáin | 2 |
| Iomlán | 62 |

Briseadh síos an Chomórtais de réir rannáin





Graf 1. Cothromaíocht Inscne ag céim an iarratais









# Structhúr Foirne

## Straitéis

Bainistiú agus Cothabháil a dhéanamh go héifeachtach, mar atá faofa, ar struchtúr foirne sholúbtha agus fhreagrúil, a bhfuil ag comhlíonadh riachtanais na heagraíochta agus dul chinn ar siúl aici.

Thosaigh 68 ball foirne nua ag obair in Údaráis Áitiúla na Mí i 2005. Ba cheapacháin bhuan iad 29 díobh agus ceapadh 39 díobh ar chonradh ar théarma seasta. Ghlac an Chomhairle le 43 ball foirne a d'éirigh as a bpost i 2005, lena n-áiríodh 16 ball foirne Proifisiúnta/ Teicniúil, 16 ball foirne Riaracháin, 8 ball foirne allamuigh agus 3 ball foirne Teicneolaíochta Faisnéise. Is ag 4.82% a bhí in Athrúchán Foirne i 2005, a bhfuil de réir foirmle na hInstitiúide Cairte um Phearsanra agus Fhorbairt (43 x 100 / 892).

Tábla 2. Briseadh síos foirne de réir rannáin

| Rannán | Méid | AIC |
|---|---|---|
| Bainistíocht | 7 | 7 |
| Riarachán | 296 | 252.4 |
| Innealtóireacht / Teicniúil | 115 | 114.1 |
| Oibríochtúil / Allamuigh | 274 | 247.44 |
| Conradh | 128 | 117.78 |
| Comhraiceoir Dóiteáin | 70 | 11.66 |
| Neamh Roinn CO&RÁ | 2 | 2 |
| **Iomlán** | **892** | **752.38** |

Nollaig 2005

# Saoire Foirne

## Straitéis

An chothromaíocht idir teidhlíochtaí saoire foirne agus riachtanais oibríochtúla a bhainistiú agus a éascú agus cultúr de chothromaíocht Oibre-Saoil a chur chun cinn laistigh den eagraíocht.








In éineacht leis an éiteas maidir le cothromaíocht Oibre/Saoil, phróiseáil agus cheadaigh Údaráis Áitiúla na Mí na hiarratais seo a leanas maidir leis na cineálacha éagsúla saoire i 2005:

Tábla 3. Iarratais maidir le Comhroinnt Oibre agus do Shaoire scoilbhliana

| Cineál Saoire | 2004 | 2005 |
|---|---|---|
| Iarratais do Shaoire scoilbhliana | 3 | 7 |
| Iarratais maidir le Comhroinnt Oibre | 39 | 60 |

## Táscaire do Saoire Bhreoiteachta i 2005:

Céatadán de na laethanta Oibre caillte de bharr a bheith as láthair mar gheall ar bhreoiteacht 'Le teastas' – 2.23%
Céatadán de na laethanta Oibre caillte de bharr a bheith as láthair mar gheall ar bhreoiteacht 'Gan teastas' - 0.83%



# Comhlíonadh Rialúcháin, Polasaithe agus Gnásanna AD

## Straitéis

Forbairt a dhéanamh, trí Chomhpháirtíocht san Ionad Oibre, ar pholasaithe agus ar ghnásanna foirne le riachtanais eagraíochtúla a chomhlíonadh, agus leis an bhforbairt san fhoireann a chur chun cinn ag gach céim dá saol oibre, agus ag an am céanna ag tógáil san áireamh na treoirlínte agus an reachtaíocht cuí.

Faoi láthair tá 5 pholasaí AD náisiúnta i bhfeidhm ag Údaráis Áitiúla na Mí. Chomhaontaigh agus cheadaigh Ionadaithe Ceardchumainn agus Bainistíochta na polasaithe seo go náisiúnta agus ina dhiaidh sin cheadaigh Coiste Comhpháirtíochta d'Údaráis Áitiúla na Mí iad ag an leibhéal áitiúil.

Freisin tá 5 pholasaí AD áitiúla i bhfeidhm ag an gComhairle (faoi Údaráis Áitiúla na Mí amháin atá siad). Chomhaontaigh agus cheadaigh Ionadaithe Ceardchumainn agus Bainistíochta áitiúla na Comhpháirtíochta in Údaráis Áitiúla na Mí iad.

Tá athbhreithniú le déanamh ar 5 pholasaí i 2006.

# Caidreamh Tionsclaíoch

## Straitéis


Tógáil a dhéanamh ar an gcaidreamh tionsclaíoch seasmhach atá ann faoi láthair, agus Comhpháirtíocht san Ionad Oibre a chur chun cinn agus a fhorbairt mar bhealach le hobair a dhéanamh, le torthaí eagraíochtúla a bhaint amach.

Oibríonn Údaráis Áitiúla na Mí go leanúnach le gach ball foirne agus a ionadaí ceardchumainn ionas gur féidir ceisteanna éagsúla a réiteach, a thagann chun cinn ó am go ham. Tá sé mar pholasaí ag an gComhairle comhairliúchán foirne agus Ceardchumainn a chur chun cinn ionas gur féidir aon cheist AD a d'fhéadfadh a bheith ann a réiteach a luaithe agus is féidir.









# Aoisliúntas

## Straitéis

Taifeadadh cruinn agus cothabháil bheacht de gach sonra fostaíochta a bhainistiú, chomh maith le seirbhís éifeachtúil agus chruinn a sholáthar, a chomhlíonann le Reachtaíocht Aoisliúntais.

Tá gach ball foirne mar bhall de Scéim Aoisliúntais an Rialtais Áitiúil ón dáta a thosaíonn siad a chuid fostaíochta le hÚdaráis Áitiúla na Mí. Is iad seo a leanas briseadh síos de ghníomhaíochtaí aoisliúntais ar tugadh fúthu i 2006:

| Gníomhaíocht | Méid i 2005 |
|---|---|
| **An Coiste Gairmoideachais – Cnapshuim agus suimeanna pinsin** | **8** |
| **Lucht Scoir d'Údaráis Áitiúla na Mí i 2005** | **12 (3 oifigeach, 9 fostaí)** |
| **Aiscí i gcás daoine neamh-inphinsin** | **4** |
| **Sochair choinnithe** | **2** |

Tábla 4. Briseadh síos de ghníomhaíochtaí aoisliúntais

An mhéid iomlán cnaipshuimeanna a íocadh i 2005 ná € 540,975.96 agus íocadh € 276,915.39 de seo chuig Oifigigh agus íocadh € 264,059.57 chuig fostaithe.

# Bainistíocht Feidhmíochta

## Straitéis

Córas Bainistíochta Feidhmíochta a chur le chéile agus a chur i bhfeidhm, atá in oiriúint d'Údaráis Áitiúla na Mí, ag tabhairt deis do bhaill foirne ag gach leibhéal tuiscint a fháil ar an mbealach a bhfuil a gcuid oibre phearsanta riachtanach le go mbainfear amach príomhchuspóirí na heagraíochta.








### Córais Bhainistíochta agus Fhorbartha Fheidhmíochta (PDMS)

Is meicníocht atá sna Córais Bhainistíochta agus Fhorbartha Fheidhmíochta (PDMS) inar féidir leis an eagraíocht tríd an bhfoireann bainistiú a dhéanamh ar a cuid feidhmíochta, feabhas chur lena soláthar seirbhíse, agus seirbhís níos fearr do chustaiméirí a sholáthar. In éineacht leis sin, cinnteofar go mbainfear úsáid as féidearthachtaí gach ball foirne agus mar thoradh air beidh feabhas ar shásamh a bhaint as an bpost agus ar fhorbairt gairme.

Cuireadh tús le PMDS a chur i bhfeidhm, mar a bhí aontaithe faoi "Ag coinneáil an Dul Chun Cinn" ag méid áirithe de láithreáin phíolótacha agus tá sé á éascú ag beirt traenálaí, Irene Lynch agus Sean Clarke. Fuair na Láithreáin Phíolótacha oiliúint fheasachta sular chomhaontaíodar na Pleananna Forbartha Foirne agus na Pleananna Forbartha Pearsanta. Ceaptar go dtógfaidh sé 2 bhliain le PMDS a chur i bhfeidhm tríd an eagraíocht ar fad.



# Comhpháirtíocht san Ionad Oibre

Tá Coiste Comhpháirtíochta an Ionaid Oibre d'Údaráis Áitiúla na Mí déanta suas de 7 n-ionadaí bainistíochta agus 9 n-ionadaí ceardchumainn (2 de CSTGT (SIPTU) Comhairle Contae, 1 de CSTGT Brainse na Mí, 1 de LAPO, 3 d'IMPACT, 1 de TEEU, 1 de UCATT).
Is é príomhchuspóir an Choiste ná:

'Go bhfeabhsóidh Údaráis Áitiúla na Mí a gcuid soláthair seirbhíse agus saol oibre a gcuid foirne'

Is iad seo a leanas na príomhghníomhaíochtaí i 2005:

## Polasaithe Comhaontaithe trí Chomhpháirtíocht

De réir an phrionsabail maidir le "Comhpháirtíocht a threisiú" aontaítear anois gach polasaí eagraíochtúil trí phróiseas comhpháirtíochta. Tá na polasaithe seo a leanas tar éis a bheith curtha i bhfeidhm: Gníomhú i bPost Laistigh, Soghluaiseacht Foirne, agus Gníomhú i bPost allamuigh agus Polasaí nua Oiliúna.


## Athbhreithniú san Ionad Oibre

Rinneadh Athbhreithniú san Ionad Oibre i mí Aibreáin a d'fhreagair 57% den fhoireann. San athbhreithniú rinneadh suirbhé ar ár gcuid fostaithe ar fad inar tugadh deis dóibh a gcuid dearcadh agus tuairimí a thabhairt faoi bheith ag obair don eagraíocht. Cuireadh an tuairisc aiseolais faoi bhráid an Choiste Chomhpháirtíochta agus tá sí in úsáid anois leis na gníomhaíochtaí a bhaineann le Comhpháirtíocht san Ionad Oibre a mhúnlú don todhchaí. D'aontaigh 75% dóibh siúd a thug freagra gur fóram éifeachtúil é Comhpháirtíocht san Ionad Oibre ina réitítear ceisteanna agus ina gcothaítear Caidreamh Tionsclaíoch cobhsaí.









## Grúpaí Oibre Comhpháirtíochta

Is iad seo a leanas an dul chun cinn atá déantar ar ghníomhaíochtaí ár nGrúpaí Oibre:

## Roghanna Sláintiúla san Ionad Oibre:

- Feachtas 'Bia sláintiúil san ionad oibre'
- Lá Roghanna Sláintiúla agus lánpháirtíocht foirne 02.07.05
- Clár 'Unislim'
- Measúnuithe stíle maireachtála don fhoireann.
- Insteálltaí in aghaidh an fhliú don fhoireann ar fad.

## Grúpa Halla an Chontae

Rinne an grúpa seo taighde mór ar na hÁiseanna Foirne d'Fhoirgnimh nua an Chontae a bhfuil molta agus chuir siad tuairisc agus moltaí faoi bhráid an Choiste Chomhpháirtíochta.

## An Grúpa um Chúram Cáilíochta do Chustaiméirí

Is é cuspóir an ghrúpa seo ná cúram cáilíochta do chustaiméirí agus seirbhísí do chustaiméirí seachtracha agus inmheánacha Údaráis Áitiúla na Mí a chur chun cinn.

## Grúpa Clóis Innealra

Is é seo an chéad ghrúpa rannóige a bunaíodh i 2005 le tabhairt faoin gceist chun coinníollacha a fheabhsú sa Chlós Innealra.

## Filleadh chun Foghlama (RTL)

Bhí 26 ball foirne rannpháirteach inár gcláir RTL ina raibh na hábhair, Ríomhairí, Béarla, Uimhearthacht agus staidéar Sóisialta. Tugann an clár seo, a bhfuil comhordaithe ag Coiste Gairmoideachais na Mí, an deis don fhoireann ar mian leo filleadh ar oideachas agus scileanna nua a fhorbairt.

## Aitheantas Fadseirbhíse

Bronnadh Gradaim d'Aitheantas Fadseirbhíse do 17 mball foirne i mí na Nollag. Rinne Tom Dowling, Bainisteoir an Chontae agus Brian Fitzgerald, Cathaoirleach, Comhairle Chontae na Mí, na bronntaí orthu siúd a fuair na gradaim, a raibh 35 bliain nó níos mó acu i Seirbhís na nÚdarás Áitiúil. Rinneadh bronnadh speisialta ar an bhfear agus ar an mbean ar an bhfoireann a chaith an tréimhse is faide le hÚdaráis Áitiúla na



Mary Murray agus Mattie Quinn, le seirbhís 44 bliain an duine acu, ag fáil bronntaí speisialta ón gCathaoirleach, Brian Fitzgerald agus ó Bhainisteoir an Chontae, Tom Dowling.

Mí, 44 bliain an duine caite acu leo. Tháinig an fhoireann bhainistíochta, an Coiste Comhpháirtíochta, Clárbhainisteoirí agus comhghleacaithe oibre le chéile leo siúd a fuair na gradaim agus lena n-aíonna le ceiliúradh a dhéanamh ag an ócáid speisialta seo.

## An Gradam Náisiúnta Barr Feabhais i gComhpháirtíocht san Ionad Oibre


Bronnadh an dara háit ar Chlár Ionduchtaithe Chomhairle Contae na Mí sna "Gradaim do Bharr Feabhais i gComhpháirtíocht san Ionad Oibre" 2005.

Is é Niall Callan, Ard-Rúnaí, An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, a bhronn na Gradaim ag an gComhdháil Comhpháirtíochta Náisiúnta i gCill Chainnigh ar an 10 Samhain.
Chuir LANPAG (Grúpa Náisiúnta Chomhairle Chomhpháirtíochta Rialtais Áitiúil) tús leis an smaoineamh seo le haitheantas a thabhairt do bharr feabhais i gComhpháirtíocht san Ionad Oibre, agus tugadh cuireadh do gach Coiste Comhpháirtíochta tionscnamh a chur isteach le breithniú a dhéanamh air. Shocraigh an Coiste an Tionscnamh Ionduchtaithe a iontráil mar ceapadh gur chomhlíon sé critéir ar leith, i.e. nuálaíocht agus múnla ar na cleachtais is fearr i gComhpháirtíocht san Ionad Oibre. D'éirigh leis an tionscnamh dul tríd an bpróiseas roghnúcháin réigiúnach agus náisiúnta, agus ag an deireadh bhí an bronnadh chuig toscairí comhdhála ar an lá. Bronnadh duaisairgead de € 1,500 le tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an tionscnamh, in éineacht leis an nGradam. Bhí an clár Ionduchtaithe mar chuid dár tionscnaimh Chomhpháirtíochta i 2002 agus is Grúpa Oibre a rinne taighde agus dearadh air.









# Oiliúint agus Forbairt

## Straitéis

"Measúnú a dhéanamh go córasach ar na riachtanais i gcomhar leis an gCóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta agus le cláir Leanúnacha um Fhorbairt Phroifisiúnta, ionas go soláthrófar an oiliúint, oideachas agus forbairt phroifisiúnta chuí, le hacmhainn daonna oilte, tháirgiúil agus sholúbtha a chumasú, atá in ann tabhairt faoi na riachtanais eagraíochtúla a thagann chun cinn"







### Táscairí Seirbhíse Náisiúnta

Tá dualgas ar Údaráis Áitiúla, faoin gComhaontú Comhpháirtíochta Sóisialta, "Ag Coinneáil an Dul Chun Cinn" 3% den phárolla iomlán, agus 3% den phárolla iomlán maidir leis na gráid d'oibrithe ginearálta agus na gráid choibhneasacha, a chaitheamh ar oiliúint agus forbairt foirne.
I 2005 d'éirigh le hÚdaráis Áitiúla na Mí an sprioc seo a shárú tríd na nithe seo a leanas a bhaint amach:

- 3.85% den phárolla iomlán a chaitheamh ar oiliúint agus forbairt
- 4.1% den phárolla maidir le gráid d'oibrithe ginearálta agus gráid choibhneasacha, a chaitheamh ar oiliúint agus forbairt.

Is iad seo a leanas na táscairí eile feidhmíochta maidir le hoiliúint:

| | |
|---|---|
| • Méid Iomlán Foirne a fuair Oiliúint | 386 |
| • Costas Iomlán Díláithriúcháin don eagraíocht (toisc gur scaoileadh le foireann le haghaidh oiliúna | € 217,249 |
| • Méid Iomlán na Laethanta Oiliúna curtha ar fáil | 1165 |

### Táscairí Feidhmíochta CPD (Forbairt Leanúnach Phroifisiúnta)

*Méid laethanta Forbartha Leanúnaí Proifisiúnta (CDP) a sroicheadh 5.18 *(Meán de 5 lá do gach ball foirne ag teastáil leis an sprioc náisiúnta a bhaint amach)



An Dr. Paddy Caffrey, Uachtarán, Institiúid Innealtóirí na hÉireann, ag bronnadh an chreidiúnaithe ar an gCathaoirleach Tommy Reilly, agus ar Bhainisteoir an Chontae Tom Dowling. Sa ghrianghraf freisin tá baill den fhoireann CPD.

### Creidiúnú d'Fhorbairt Leanúnach Phroifisiúnta (CPD) ó Innealtóirí Éireann

Fuair Comhairle Chontae na Mí creidiúnú trí bliana mar gheall ar an gclár Forbartha Leanúnach Phroifisiúnta atá ann don fhoireann innealtóireachta agus theicniúil. Bhronn Uachtarán ar Innealtóirí Éireann, an Dr. Paddy Caffrey, an gradam ar Bhainisteoir an Chontae, Tom Dowling agus ar an gCathaoirleach, an Comhairleoir Tommy Reilly ag ócáid speisialta eagraithe in oifigí Chomhairle Contae na Mí ar an 12 Aibreán 2005. Is í an Mhí an chéad Údarás Áitiúil le creidiúnú trí bliana a fháil don chlár seo.





# TEICNEOLAÍOCHT NA FAISNÉISE





## PRÍOMHGHNÍOMHAÍOCHTAÍ

Tugann Roinn Theicneolaíocht na Faisnéise de Chomhairle Contae na Mí tacaíocht d'úsáideoirí de thart ar 600 ríomhaire agus 50 freastalaí agus tugann sí tacaíocht chomh maith do chórais éagsúla lena n-áirítear:


• An Ríomhphost; An tIdirlíon, An tInlíon agus an tEislíon
• Córais Gréasán-bhunaithe
• Córais airgeadais Agresso a thugann tacaíocht do chórais bainistíochta airgeadais agus próiseáil idirbhearta na Comhairle;
• Córais faisnéise tíreolaíochta a thugann faisnéis riachtanach ar bhóithre, cháblaí, phíblínte, srl. sa chontae;
• Córais íomháithe agus bainistíochta cáipéisí;
• Córais riaracháin pleanála;
• Córais riaracháin tithíochta;
• Cianrochtain agus teicneolaíocht chaolchliaint

Is iad seo a leanas na príomhthosaíochtaí do Roinn Theicneolaíocht na Faisnéise:

• Sainmhíniú a thabhairt agus athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar straitéis teicneolaíochta faisnéise le tacaíocht a thabhairt do straitéisí na comhairle
• Tacaíocht a thabhairt do na córais agus do na hardáin reatha lena chinntiú go bhfuil siad ar fáil agus sofhreagartha dár gcuid custaiméirí inmheánacha agus seachtracha.
• Anailís ghnó a dhéanamh leis na riachtanais a aimsiú do na córais nua i ngach réimse den chomhairle.
• Córais agus ardáin nua a roghnú agus a chur i bhfeidhm le tacaíocht a thabhairt do riachtanais faisnéise na comhairle atá ag fás agus ag athrú.

## CUSPÓIR STRAITÉISEACH

Úsáid éifeachtúil, éifeachtach agus tháirgiúil a bhaint as buanna ár bhfoirne agus as na hacmhainní teicneolaíochta chomh maith le sócmhainní na Comhairle le seirbhís d'ardchaighdeán a chur ar fáil dár gcustaiméirí agus ina gcomhlíontar a gcuid riachtanas agus a gcuid ionchas.









## Na Córais agus na Seirbhísí

### Straitéis:

Inniúlacht na Roinne TF a fhorbairt agus a fheabhsú le córais agus seirbhísí a sholáthar ina gcomhlíontar riachtanais agus ionchais a cuid custaiméirí inmheánacha agus seachtracha, Comhairleoirí, comhlachtaí poiblí eile agus an phobail

Le linn 2005 rinne Roinn Theicneolaíocht na Faisnéise an-chuid athruithe infrastruchtúir agus eagraíochtúla le freastal ar riachtanais ár gcustaiméirí a bhfuil ag fás agus ag athrú. Cuireadh isteach teicneolaíocht nua maidir le cianrochtain shlán a ligeann do chomhairleoirí agus don fhoireann obair níos éifeachtúla a dhéanamh.

Cuireadh córais frithvíreas ar fáil ar fud na heagraíochta. Cuireadh feidhmchláir nua éagsúla i bhfeidhm lena n-áirítear modúil de chóras inmheánach AD, córas le Forbairt Ghairmiúil Leanúnach a bhainistiú, agus córais a láimhseáileann an sceidealú agus tuairisciú maidir le hoibreacha bóthair.

## An tSochaí Faisnéise Uilechuimsitheach

### Straitéis:

Páirt a ghlacadh agus a chotú  i gcruthú sochaí faisnéise uilechuimsithí, agus úsáid a bhaint as féidearthacht theicneolaíocht na faisnéise leis an daonlathas a fheabhsú agus le rannpháirtíocht phoiblí sa rialtas áitiúil a leathnú amach.





Fuair an córas Ar Líne Le Chéile de chuid Pobal na Mí gradam r-Eoraip (eEurope) mar gheall ar an obair leanúnach atá ar siúl aige maidir le hoiliúint a chur ar ghrúpaí pobail agus deonacha agus tacaíocht a thabhairt dóibh agus iad ag bunú láithreachta gréasáin.

Leanadh le feabhas a chur ar rochtain idirlín phoiblí a chur ar fáil in ár gcuid leabharlanna ar fad, agus cuireadh isteach bothanna in áiteanna poiblí i gComhairle Chontae na Mí le rochtain a chur ar fáil do láithreáin gréasáin chuí ar nós www.planning.meath.ie.

Bunaíodh córas gréasáin a ligeann don phobal fiosrúchán a dhéanamh maidir leis an gclár toghthóirí ag ereg.meathcoco.ie.





# Nuálaíocht Straitéis:

## Straitéis

Forbairt agus Feidhmiú teicneolaíochtaí idirlín a threorú le seirbhísí na Comhairle a chur ar fáil don phobal agus do Chomhairleoirí i mbealaí éagsúla nuálaíocha.

Cuireadh Córas Riaracháin do Chruinnithe i bhfeidhm le linn 2005 le gur féidir bainistiú éifeachtúil agus trédhearcach a dhéanamh ar chruinnithe na Comhairle. Fuair an tionscnamh seo Gradam Nuálaíocht Trí Theicneolaíocht Eircom, a bhronn an Taoiseach orthu.

Tugadh faoi athdhearadh iomlán a dhéanamh ar ár láithreáin gréasáin inmheánacha agus sheachtracha. Le tacú leis seo, cuireadh Córas do Bhainistiú Ábhar i bhfeidhm agus seolfar na láithreáin gréasáin nua le linn 2006.

# Tograí Náisiúnta

## Straitéis

Comhoibriú a dhéanamh le heagraíochtaí seachtracha le cur leis an teicneolaíocht náisiúnta agus le tograí ríomhsheirbhísí an Rialtais ionas go soláthrófar córais agus seirbhísí náisiúnta agus áitiúla, agus a bheith rannpháirteach i dtograí Náisiúnta ar nós Leathanbhanda Pobail agus an Líonra Achar Cathrach (MAN)

Cuireadh i gcrích i 2005 an mapáil leis na bealaí a phleanáil do Líonraí Snáthoptaice Achar Cathrach i roinnt bailte sa Mhí.  Baineadh úsáid as na sonraí seo in iarratas do mhaoiniú, ar éirigh leis, chuig an Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha. Aimsíodh na riachtanais, i gcomhar le hÚdaráis Áitiúla eile, do chóras Náisiúnta AD, Párolla agus Aoisliúntais nua d'Údaráis Áitiúla.













# SEIRBHÍSÍ INFREASTRUCHTÚIR

## PRÍOMHGHNÍOMHAÍOCHTAÍ







Baineann príomhghníomhaíochtaí na Roinne Infreastruchtúir le seirbhísí bóithre, seirbhísí uisce sláintíocha agus uisce dramhaíola d'Údaráis Áitiúla na Mí. Caithfaidh go gcomhlíonann an soláthar seo le polasaithe úsáid talún a bhfuil sa Phlean Forbartha agus le Rialacháin Comhshaoil reatha.


Tá an tuarascáil infreastruchtúir seo bunaithe ar ár bPlean Oibriúcháin 2005 agus sa chás seo tuairiscítear go háirithe ar sheirbhísí bóithre, ar sheirbhísí uisce sláintíocha agus ar sheirbhísí uisce dramhaíola d'Údaráis Áitiúla na Mí.

Cloíann ar dtionscnaimh infreastruchtúir ar fad le polasaithe agus le pleananna úsáid talún a bhfuil i bPlean Forbartha Chontae na Mí agus All our infrastructure projects adhere to the policies and plans for land use in the Meath County Development Plan and must be complementary and consistent in their planning with our neighbouring Local Authorities and other agencies.

### CUSPÓIR STRAITÉISEACH

Cothabháil agus forbairt níos mó a dhéanamh ar Infreastruchúr an Chontae lena chinntiú go ndéanfaidh infheistíocht infreastruchtúir éascú ar fhobairt fhisiciúil, eacnamúil, shóisialta agus chultúrtha sa Chontae.





# NA BÓITHRE:

## Clár an Údaráis um Bóithre Náisiúnta do na Príomhbhóithre a théann trasna Chontae na Mí

### Seachród N2 Chill Dhéagláin/Acomhal an M50

Tá oibreacha ar siúl maidir le hAthailíniú an N2 ó Acomhal an M50 ag Fionnghlas go Tuaisceart Chill Dhéagláin go caighdeán bóthair dhébhealaigh agus ceaptar iad a bheith críochnaithe faoi Bhealtaine 2006.

### N3 Mórlána Bus

Sa bhliain 2005 tosaíodh le céim 1 den Ghréasán Mórlána Bus, ó Thuaidh ó Dhún Seachlainn.

## Clár na nOibreacha do Bhealaí Réigiúnacha

### R150 Damhliag/Baile Iúiliain

Céim 1, Damhliag go Kilsharvan. Cuireadh móroibreacha i gcrích agus i mí na Nollag 2005 d'oscail an bóthair do thréthrácht. Tá fo-oibreacha le críochnú sa bhliain 2006.

### R153 An Uaimh go Balrath

Sa bhliain 2005 críochnaíodh an chuid den tionscnamh ó Dhroichead an Iarnróid, Áth Luimní, san Uaimh go Stáisiún Peitril, Áth Luimní, san Uaimh.

### R154 Baile Átha Troim go Baile Átha Cliath

Sa bhliain 2005Cuireadh an chuid is mó de na hoibreacha i gcrích ar bhealach Chnoc Íomhair, ó Bhaile Átha Troim go Baile Átha Cliath.

### R158 Baile Átha Troim/Cnoc an Línsigh/Cill Choca

Céim 1 – Baile Átha Troim go Cnoc an Línsigh. An chuid is mó de na móroibreacha curtha i gcrích agus i mí na Nollag 2005 osclaíodh an bóthar do thréthrácht. Cuirfear na fo-oibreacha i gcrích i 2006.


### R161 Áth Luimní

An chuid is mó de na hoibreacha críochnaithe sa bhliain 2005 le Droichead a thógáil thar Abhann na Bóinne agus Bóthar Ceangail in Áth Luimní san Uaimh.









# Oibreacha Cosáin agus Oibreacha Feabhsaithe

**Deineadh oibreacha cosáin agus oibreacha feabhsaithe sna ceantair seo a leanas i 2005:**

**N2** - Ó Thuaidh ó Chill Dhéagláin go Ráth na Croise agus ó Thuaidh ó Sweep

**N3** - Piercetown Junction; Stáisiún Dóiteáin na hUaimhe go Flowerhill; and Bloomsbury to Cill Mhaighneann

**N51** - Baile Átha Buí go Baile an Chaisleáin; Mullaghstones to Ballyboy; and Stigh Colláin.

**N52** - Droichead Chearbhalláin go Normanstown.

# Na Mórscéimeanna ag an gcéim Pleanála/Deartha – Na Bóithre

**Sa bhliain 2005 bhí na scéimeanna seo a leanas de Chomhairle Chontae na Mí ag an gcéim pleanála/deartha:**

### M3 Cluain Aodha/ó Dheas ó Sheachród Achadh an Iúir

Is é an comhlacht roghnaithe sealadach maidir leis an tairiscint seo ná Eurolink.

### N3 Mórlána Bus

Críochnaíodh leis an bpleanáil agus an dearadh agus cuirfear tús leis na hoibreacha i 2006.

### N2 Seachród Bhaile Shláine

Ag an gcéim deartha i 2005.

### N51 Bóthar Faoisimh Laistigh na hUaimhe, Céim 2A

Plean curtha le chéile le bealach a dhéanamh do chóras tráchta dhá threo ón Timpeallán 'O' go dtí an Stáisiún Dóiteáin, san Uaimh.

### N51 Bóthar Faoisim Laistigh na hUaimhe, Céim 2B

Ag céim tairisceana. Na hoibreacha le tosú i 2006.

### R150 Damhliag/Baile Iúiliain Céim 2 - Kilsharvan go Baile Iúiliain

Dhearbhaigh An Bord Pleanala Ordú Ceannaigh Éigeantaigh i 2005. Tosóidh na hOibreacha i 2006.

### R158 Baile Átha Troim/Cnoc an Línsigh/ Cill Choca Céim 2 – Cnoc an Línsigh go Cill Choca.

Cuireadh an chuid is mó de na himeachtaí reachtúla ar an tionscnamh seo i gcrích. Tá cinneadh ón mBord Pleanála maidir le hOrdú Ceannaigh Éigeantaigh le teacht ag deireadh 2005.

### R161Rathnally/Balreask Sean, Céim 2

Thosaigh na hoibreacha réamh-chonartha. Na hOibreacha le tosú ag deireadh 2006.


### R161/R153 An Bóthar Ceangail – Gleann Springfield, An Uaimh go Bóthar Bhaile Átha Troim, san Uaimh.

Ag deireadh 2005 bhí an scéim seo ag an staid deartha









## SEIRBHÍSEI SLÁINTÍOCHTA:

## Clár Seirbhísí Sláintíocha

**Seo a leanas Clár Seirbhísí Sláintíocha Chomhairle Contae na Mí:**

- Príomhchlár Infheistíochta Caipitil
- Clár Uisce Tuaithe
- Clár do Thailte le Seirbhísí

### Straitéis

An Clár Infheistíochta do Sheirbhísí Uisce 2005 – 2007 a chur i bhfeidhm.

Caithfear na cláir a aimsíodh sa Mheasúnú ar na Riachtanais Seirbhíse Uisce, a cheadaigh Comhairle Chontae na Mí, a chur san áireamh do Chláir Infheistíochta Seirbhíse Uisce sa todhchaí.

Tá Comhairle Chontae na Mí ag iarraidh laghdú a dhéanamh ar an méid a bhraithimid ar Údaráis Áitiúla eile le haghaidh seirbhísí uisce agus dramhuisce. Tá an Chomhairle ag lorg ionaid mhóir um Chóireáil Fuíolluisce a chur ar fáil i gCeantar Bhaile Mhic Gormáin le freastal ar na riachtanais a bhfuil measta le bheith in Ionaid Uirbeacha an Oirthir agus an Oirdheiscirt sa Chontae.

## Príomhchlár Infheistíochta Caipitil

**Is iad seo a leanas na scéimeanna a cuireadh i gcrích/ a raibh á dtógáil le linn 2005.**

### Scéim Séarachais Bhaile Íomhair

Críochnaithe i 2005 le costas measta de € 5 mhilliún

### Scéim Séarachais Dhún Seachlainn

Tá an Príomhscéim Séarachais seo le freastal ar Dhún Seachlainn, Dhroim Rí, Dhún Samhnaí, Chaisleán Killen, Dowdstown agus Ballinter. Tá leathnú amach molta do Clowanstown, Ringlestown, Br. Bective agus Baile an Chaisleáin, Teamhair. Tá an obair ar siúl ag costas measta de € 34 milliún

### Scéim Séarachais Mhaigh Dearmhaí

Críochnaíodh na hoibreacha seo i 2005 ag costas measta de € 3.2 milliún.

### Malartú ar Phríomhlíne Suiminte Aspeiste na hUaimhe – Céim 1

Críochnaíodh leis na hOibreacha i 2005 ag costas € 1.8 milliún.

### Malartú ar Phríomhlíne Suiminte Aspeiste na hUaimhe – Céim 2

Thosaigh na hOibreacha i mí na Nollag 2005 agus tá siad le bheith críochnaithe sa Fómhar 2006.


### Scéim Sholáthar Uisce Chnoc an Línsigh

Uasghrádú ar an soláthar uisce don sráidbhaile. Thosaigh na hOibreacha i mí Mheán Fómhair 2005.









## Príomhscéimeanna á bPleanáil/ á nDearadh

**Chomh maith leis sin tá na Scéimeanna seo a leanas ag céimeanna éagsúla pleanála:**

### Scéimeanna Sholáthar Uisce

Príomhscéim Sholáthar Uisce Dhún Seachlainn
Scéim Sholáthar Uisce Oirthir na Mí, Dhroichead Átha agus Lú Theas
Soláthar Uisce na hUaimhe agus Lár na Mí

### Scéimeanna Séarachais

Scéim Séarachais an tSeanchaisleáin
Scéim Séarachais Steach Maoilín/ Bhaile Mhic Gormáin
Scéim Séarachais Kiltale
Scéim Séarachais Kilcloon

### Scéimeanna Dramhuisce

Scéim Mhór Grúpa Dramhuisce – Córais Cóireála do Dhamhliag, Chnoc an Línsigh, Cill Mhaighneann, Mhaigh nEalta, Dhún Uabhair, Bhaile Átha Buí, Ráth Cairn agus Ráth Moliain faoin Ghnás Dearaidh, Tógála agus Feidhmithe.

### Tionscnamh Caomhnaithe Uisce ar fud an Chontae

Tá i gceist ag an gComhairle leathnú amach a dhéanamh ar an gclár caomhnaithe uisce chuig gach scéim soláthair uisce sa Chontae. Ceapadh comhairleoirí ag deireadh 2005.

## Clár Uisce Tuaithe



### Straitéis

Na bearta faoin gClár Uisce Tuaithe a chur i bhfeidhm le caighdeán, iontaofacht agus éifeachtúlacht na soláthar uisce a fheabhsú dóibh siúd a bhfuil cónaí orthu faoin tuath.

### Scéimeanna Beaga Uisce agus Séarachais

Le linn 2005 tugadh isteach cláir éagsúla lena n-áirítear iad seo a leanas:

- Soláthar Uisce Dhroim Conrach
- Uasghrádú ar Sholáthar Uisce an Bhóthair Bhuí
- Soláthar Uisce Bhaile Íomhair
- Soláthar Eatramhach Uisce na hUaimhe – an chuid is mó de na hOibreacha curtha i gcrích
- Soláthar Uisce Bhaile Shláine – Na hOibreacha beagnach críochnaithe
- Scéim Séarachais Chill Dealga – Na hOibreacha beagnach curtha i gcrích
- Séarachas Chnoc Teamhrach



### Grúpscéimeanna


Cuireadh na 3 Grúpscéim Uisce i gcrích i 2005:

Grúpscéim Uisce Ardglassan, Chrosa Caoil
Grúpscéim Uisce Chnoc na Mí
Lána Tiermurrin, Grúpscéim Uisce Cheanannais



Tá na hOibreacha ag leanúint ar aghaidh le Grúpscéim Uisce Kilcloon a chur i gcrích.

Bhí na Grúpscéimeanna Uisce seo a leanas á bPleanáil i 2005:
Ráth Moliain; Mooretown / Realtogue, An Uaimh; agus Gilbertstown, Maigh Dearmhaí.



## Scéim Tionscnaimh Service Land Initiative Scheme

### Straitéis

Uasghrádú a dhéanamh ar na háiseanna uisce agus dramhuisce reatha, ina bhfuil siad gann, leis na Rialacháin um Uisce Óil agus na Treoracha/ Rialacháin um Dramhuisce Uirbeach a chomhlíonadh.

### Scéim Séarachais an Bhóthair Bhuí, Céim 2 – Uasghrádú Líonra

Cuireadh an chuid is mó de na hoibreacha i gcrích sa bhliain 2005, le huasghrádú ar líonra séarachais agus stáisiún caidéalaithe nua a chur ar fáil. Costas Measta de € 3 mhilliún.

## TIONSCCNAIMH SPEISIALTA:

## Seo a leanas na Tionscnaimh Speisialta a bhí á bpleanái dtógáil sa bhliain 2005

### Láithreán Conláiste Cathartha Cheanannais

Ceapadh Conraitheoir agus tá na hoibreacha le tosú go luath sa bhliain 2006 le háis Conláiste Cathartha a chur ar fáil ar thailte na Comhairle ag Páirc Tionscail Lyoyd.

### Ionad Ealaíon na Mí, an Uaimh

Sa bhliain 2005 cuireadh an chuid is mó de na móroibreacha i gcrích san Amharclann nua le 320 suíochán, an tIonad Ealaíon agus spás Taispeántais ag costas de thart ar € 13 mhilliún.

### Spás Cathrach Bhóthar an Chinnéidigh, An Uaimh

Cuireadh Spás Cathrach ar fáil ar Bhóthar an Chinnéidigh ina mbeidh páirceáil, suíocháin, soilse poiblí agus troscáin sráide. Ceapadh luacháláí le tuairisciú a dhéanamh ar cheisteanna cúitimh.

### Páirc Phoiblí, An Uaimh

Soláthar a dhéanamh do pháirc phoiblí nua le 68 acra le freastal ar chaitheamh aimsire sámh agus ar chaitheamh aimsire gníomhach, agus páirceanna peile, áit shúgartha agus áit do cheolchoirmeacha neamhfhoirmeálta a chur ar fáil.

### Athfhorbairt ar an bhFaiche, An Uaimh

Tá ullmhúchán ar siúl maidir le dearadh do pháirceáil faoi thalamh nua, d'fhorbairtí oifige, tráchtála, cónaithe agus le spás cathartha san áireamh ar an bhFaiche.

### Ionad Spóirt & Fóillíochta Bhaile Átha Troim

Ionad Spóirt agus Fóillíochta a chur ar fáil lena n-áirítear linn snámha, spórtlann, ionad aclaíochta, páirceanna uile-aimsire, faiche bollaí agus carrchlós. Comhairleoirí le ceapadh le tabhairt faoi mhiondhearadh.

### Scéim Réigiúnach Leathanbhanda

Soláthar Infreastruchtúir Leathanbhanda san Uaimh, i mBaile Átha Troim, i gCeanannas, i nDún Seachlainn agus i Dún Búinne/ i gCluain Aodha. Ceapadh comhairleoirí leis an scéim a dhearadh agus a bhainistiú. Ceapadh Comhairleoirí leis an scéim a dhearadh agus a bhainistiú. Lorgaíodh tairiscintí i mí an Mheán Fómhair 2005 do Chonraitheoirí Innealtóireachta Mheicniúla agus Shibhialta leis an líonra snáthoptaice a chur isteach i 5 bhaile. Pleananna curtha le chéile chomh maith le Leathanbhanda a chur ar fáil i mBaile Átha Buí, i nDamhliag, san Inse/ i mBaile an Bhiataigh agus i Ráth Tó. Déanfaidh An Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha maoiniú ar 90% de chostas caipitil n-oibreacha.


### Oibreacha Maolaithe Tuile na hAbhann Tolka


Pleananna curtha le chéile le tabhairt faoi tuilleadh oibreacha le tuile a mhaolú sa cheantar Dhún Búinne/ Chluain Aodha agus san áireamh beidh gá le hathsholáthar a dhéanamh ar Dhroichead Loch Sailí agus Droichead Sheanbhóthar na hUaimhe, i nDún Búinne. Tosóidh na hoibreacha sa bhliain 2006.











# PLEANÁIL & FORBAIRT EACNAMAÍOCHTA





## PRÍOMHGHNÍOMHAÍOCHTAÍ:

Tá an Roinn Pleanála freagrach as feidhmiú na bhforálacha den Acht um Phleanáil & Fhorbairt 2000 agus de na Rialacháin um Phleanáil agus Fhorbairt 2001 a chur i bhfeidhm. Faoi seo clúdaítear na nithe seo a leanas:

· Polasaí do phleanáil fhisiciúil a dhéanamh.

· Ullmhú agus athbhreithniú de Phleanna Forbartha/ Ceantair Áitiúil cuí.

· Iarratais ar chead pleanála a mheas.

· Smacht ar fhorbairt agus forfheidhmiú ar reachtaíocht pleanála.

· Comhairle a thabhairt ar chúrsaí pleanála don phobal agus do Ranna eile sa Chomhairle

· Forbairt tionscail agus forbairtí eile sa Chontae a chur chun cinn.

· Gníomhaíochtaí eacnamúla agus turasóireachta a chur chun cinn.

### CUSPÓIR STRAITÉISEACH

Córas pleanála fhisiciúil a fheidhmiú laistigh de ghréasáin lonnaíochtaí inbhuanaithe a éascaíonn agus a sholáthraíonn spreagadh d'fhorbairt eacnamúil i gContae na Mí, agus an t-am ar fad ag cosaint na timpeallachta nádúrtha agus tógtha sa Chontae.





# Iarratais Pleanála

## Straitéis

Seirbhís ar ardchaighdeán, éifeachtúil agus éifeachtach a chur ar fáil trí fhoireann atá oilte agus inspreagtha, ag baint úsáid as na pacáistí Teicneolaíochta Faisnéise comhtháite is mó suas chun dáta.

Comhlíonann ár séirbhís an dualgas reachtúil maidir le cinneadh a dhéanamh ar gach iarratas pleanála ag cloí go docht le riachtanais reachtúla agus amscálaí ar leith, agus an t-am ar fad ag tabhairt aird ar na prionsabail maidir le forbairt inbhuanaithe agus an pleanáil cheart agus forbairt inbhuanaithe sa cheantar.

## STAITISTICÍ

Sa bhliain 2005 fuair Comhairle Chontae na Mí agus na trí Comhairlí Baile, an Uaimh, Ceanannas agus Baile Átha Troim, 2616 iarratas pleanála san iomlán. Bhí na rátaí ceadaithe do gach iarratas ar tugadh cinneadh faoi i 2005 thart ar 74% ar an meán tugadh cinneadh ar 65% de na hiarratais ar fad laistigh den tréimhse reachtúil 8 seachtainí gan gá le tuilleadh eolais. Le linn 2005 tugadh cinneadh maidir le 740 iarratas pleanála do thithe aonair tuaithe faoin dtuath agus do 113 forbairtí tithíochta. Bhí Ráitis Thionchar Chomhshaoil in éineacht le 10 iarratas pleanála a fuarthas le linn 2005. I gcásanna inar deineadh achomharc chuig an mBord Pleanála ar chinntí an Údaráis Phleanála dhearbhaigh an Bord cinntí na Comhairle i 77% de chásanna, agus chuir sé cinntí ar ceal i 22% de chásanna.







**Staitisticí –Tithíocht Aonuaire do 2001 go 2005**

| TOGHCHEANTAR | NA hIARRATAIS AR FAD | IARRATAIS AONUAIRE | CEADAITHE AON UAIRE | DIÚLTAITHE AONUAIRE | AISTARRAINGTHE AONUAIRE |
|---|---|---|---|---|---|
| An Uaimh | 3113 | 1080 | 527 | 358 | 123 |
| Baile Átha Troim | 2779 | 1205 | 540 | 482 | 90 |
| Ceanannas | 3078 | 1490 | 756 | 461 | 142 |
| Dún Seachlainn | 2899 | 807 | 354 | 226 | 145 |
| Baile Shláine | 2413 | 769 | 323 | 277 | 92 |
| **IOMLÁN** | **14282** | **5351** | **2500** | **1804** | **594** |

### San áireamh sna hIarratais Pleanála Mhóra a fuarthas nó ar tugadh cinneadh faoi le linn 2005:

· Forbairt Lár Bhaile sa Seanchaisleán
· Leathnú a dhéanamh ar Oibreacha reatha Suiminte Platin
· Áis nua clóphreasa ag Loyd, Ceanannas
· Meascán d'fhorbairtí cónaithe, tráchtála, miondíola agus fóillíochta sa Phríomhshráid, Dún Seachlainn.
· Forbairtí tithíochta san Uaimh, i gCill Dhéagláin, Donacarney, Baile Átha Troim agus Ráth Tó.
· Áiseanna Athchúrsála/ Múirínithe i mBaile Mhic Gormáin agus i mBaile Uilcín.



# Pleananna Forbartha

## Straitéis

Athbhreithniú agus ullmhúchán a dhéanamh ar na Pleananna Forbartha ar fad, Pleananna Ceantair Áitiúil & Pleananna Limistéir Gníomhaíochta chomh maith le doiciméid reachtúla eile de réir na bprionsabail maidir le forbairt inbhuanaithe.







### Athbhreithniú ar Phlean Forbartha Chontae na Mí

I 2005 deineadh dul chun cinn mór leis an ullmhúchán ar Phlean Forbartha Corparáideach nua nuair a foilsíodh Páipéar comhairliúcháin maidir le saincheisteanna straitéiseacha, ina mbreathnaítear go suntasach ar na ceisteanna pleanála a dtabharfar faoi sa chéad Phlean Forbartha Corparáideach eile.

Tugadh cuireadh do bhaill ón bpobal agus do chomhlachtaí forordaithe aighneachtaí nó tuairimí a chur isteach maidir le hathbhreithniú ar an bplean reatha, a cuireadh le chéile i 2001, agus maidir le hullmhúchán ar phlean forbartha nua. Ag eascairt as an gcéad chéim den chomhairliúchán poiblí cuirfear dréachtphlean ar taispeáint i ndiaidh do chomhaltaí tofa na Comhairle na haighneachtaí agus na tuairimí ar fad a thógáil san áireamh.

I nDréachtphlean Forbartha an Chontae beidh cuspóirí forbartha straitéiseacha ann don Chontae agus in éineacht leo beidh Taifead ar Dhéanmhais Chosanta, moltaí ina sonraítear Limistéir Caomhantais Ailtireachta ar fud an Chontae, Measúnú ar Thréithe Tírdhreacha den Chontae agus Straitéis Tithíochta don Chontae. Moltar go gcoimeádfar i bhfeidhm an Ráiteas Scríofa reatha agus na Mionchuspóirí do Bhailte agus do Shráidbhailte lena n-áirítear leabhair léarscáileanna i bPlean Forbartha an Chontae 2001, go dtí go n-ullmhaítear agus go nglactar leis na Pleananna Ceantair Áitiúil aonair do na lárionaid seo. Ullmhófar na Pleananna Ceantair Áitiúil seo laistigh de dhá bhliain de Phlean Forbartha an Chontae a bheith ceadaithe agus baineann siad le próiseas ar leith.

Tá Pleananna Forbartha i bhfeidhm sna Comhairlí Baile san Uaimh (ceadaithe i mí na Samhna 2003), i gCeanannas (ceadaithe i mí Dheireadh Fómhair 2001) agus i mBaile Átha Troim (ceadaithe i mí an Mhárta 2002). Thosaigh an próseas athbhreithnithe do Phlean Cheanannais i 2005 nuair a foilsíodh Páipéar Comhairliúcháin maidir le Ceisteanna Straitéiseacha. Deineadh athbhreithniú ar Phlean Forbartha Oirthear na Mí 2000 agus glacadh leis le linn 2005 mar dhá phlean ar leith de Phleananna Ceantair Áitiúil (LAPs). San LAP ó thuaidh tá an ceantar uirbeach de Donacarney, Baile Uí Mhornáin, Baile an Bhiataigh, an Inse agus Baile Iúiliain. San LAP ó dheas tá an ceantar uirbeach de Steach Maoilín, sráidbhaile Bhaile Mhic Gormáin agus an fhorbairt uirbeach a bhfuil molta ó thuaidh den áit a bhfuil sráidbhaile Bhaile Mhic Gormáin faoi láthair, lena n-áirítear an tAeradróm Míleata agus Campa Mhaigh Muirí.

### Pleananna Ceantair Áitiúil (LAPS)

Féadfaidh údárás pleanála Plean Ceantair Áitiúil a ullmhú do cheantar ar bith ina limistéar feidhme.
Caithfear Pleananna a chur le chéile do cheantair le daonra de 2,000 agus beidh Plean Ceantair Áitiúil Plans i gcomhréir le cuspóirí an Phlean Fhorbartha. Nuair atá cinneadh pleanála á dhéanamh, tabharfaidh an tÚdarás Pleanála agus An Bord Pleanála aird ar na forálacha den LAP don cheantar sin.
Tá Pleananna Ceantair Áitiúil tar éis a bheith ceadaithe ag Comhairle Chontae na Mí do roinnt mhaith ceantar, lena n-áirítear na ceantair de Bhaile Átha Troim, Ráth Tó agus Cill Choca. San áireamh sa Phleananna Forbartha den Uaimh, de Cheanannas agus de Bhaile Átha Troim tá cuspóirí le roinnt Pleananna Ceantair Áitiúil agus/ nó Pleananna Limistéir Gníomhaíochta, agus thosaigh roinnt díobh le linn 2005.



# Fordheidhmiú ar Smacht Pleanála

### Straitéis

Lánúsáid a bhaint as sceideal docht na bhforálacha forfheidhmithe den Acht Pleanála 2000, lena chinntiú go gcoinnítear sláine an chórais phleanála agus go ndéantar an gníomh forfheidhmithe cuí i gcoinne na ndaoine a dtugann faoi fhorbairt neamhúdaraithe.

Mar fhreagra ar an méadú as cuimse atá tagtha ar fhorbairt le blianta beag anuas, tá acmhainní breise curtha ar fáil ag Comhairle Chontae na Mí do réimse an fhorfheidhmithe, foireann ag an leibhéal Teicniúil agus Riaracháin san áireamh. Mar thoradh air seo tá méadú suntasach tagtha ar leibhéal na gcigireachtaí agus béim ar leith curtha ar thograí a mhaoirsiú sna céimeanna tosaigh. Le linn 2005 fuair Comhairle Chontae na Mí 410 gearán san iomlán agus tar éis fiosruithe orthu seo eisíodh 238 Litreacha Foláirimh agus 57 Fógraí Forfheidhmithe. Bhí gá le cásanna Cúirte a thosú maidir le 10 gcás le linn 2005.

# Seirbhísí Réamhphleanála agus Comhlaireacha

### Straitéis

Comhairle a thabhairt maidir le ceisteanna pleanála don phobal agus do chomhlachtaí eile, chomh maith le leanúint leis na clinicí réamhphleanála ag leibhéal ceantair maidir le tithíocht aonuaire nó d'fhaduithe tí.







Tá an tionscnamh seo ag díriú ar chaighdeán iarratais phleanála amach anseo a fheabhsú, nuair is féidir seachnóidh sé an gá le tuilleadh eolais a fháil agus i gcásanna áirithe laghdófar an costas ar iarratas a gceaptar a bheith gan toradh.

Le linn 2005 chuir na hoifigigh níos mó ná 1300 clinic réamhphleanála ar siúl maidir le forbairt beartaithe, lena n-áirítear forbairtí móra cónaithe, tráchtála, tionscail agus miondíola.

## Treoirlínte ar Thithíocht Inbhuanaithe Tuaithe

I mí Márta 2004 d'eisigh an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil dréacht-threoirlínte d'Údaráis Pleanála ar Thithíocht Inbhuanaithe Tuaithe do chomhchomhairle phoiblí. Nuair a deineadh measúnú ar na tuairimí ar fad a léiríodh le linn an phróisis chomhchomhairligh eisíodh na treoirlínte mar Threoirlínte Aireachta faoin Acht Pleanála 2000 i mí Aibreán 2005.

Tá na dréacht-Treoirlínte bunaithe ar an tuairim go dtabharfar cead pleanála le haghaidh tithe do dhaoine a bhfuil fréamhacha acu i gceantair tuaithe nó naisc acu leo, agus a bhfuil rannpháirteach sa phobal tuaithe. Tugtar é seo ar an gcoinníoll go gcomhlíontar na gnáthriachtanais ar an láithreán a bhfuil beartaithe le forbairt, maidir le nithe ar nós sábháilteachta ar bhóithre agus dramhuisce a dhiúscairt.



### Bainistiú Forbartha Development – Dréacht-Chomhairliúachán Treoirlínte d'Údaráis Phleanála

I mí na Samhna 2005 d'fhoilsigh an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil Treoirlínte mar dhréacht-Chomhairliúchán, d'Údaráis Phleanála, ina bhfuil i gceist na cleachtais is fearr a chur chun cinn ag gach céim sa phróiseas bainistithe fhorbartha. Sna Treoirlínte tá i gceist tógáil ar chultúr sa tseirbhís phleanála, a mbeidh dearfach, sofhreagrach agus ina gcuirfear ardchaighdeáin chun cinn. Is éard atá i gceist leis na cleachtais is fearr ná gnéithe éagsúla lena n-áirítear éifeachtúlacht ag déileáil le hiarratais phleanála, cinntí réasúnacha agus comhsheasmhacha a dhéanamh, cumarsáid éifeachtach a dhéanamh agus a bheith in ann cinntí a mhíniú chomh maith le forfheidhmiú pleanála éifeachtach. Rinne Comhairle Chontae na Mí aighneacht maidir leis na dréacht-Treoirlínte agus ceaptar iad a bheith curtha i gcrích le linn 2006.

### Caomhnú

Tá sé mar pholasaí ag Comhairle Chontae na Mí oidhreacht luachmhar an Chontae a chosaint agus bheith cinnte go gcaomhnaítear na foirgnimh agus na déanmhais ina dtugtar sainmhíniú orthu mar Dhéanmhais Chosanta san Acht Rialtais Áitiúil um Phleanáil agus Fhorbairt 2000.

Tugann an tOifigeach Caomhnaithe, a bhfuil fostaithe ar bhonn comhroinnte le Comhairle Chontae Lú, comhairle phroifisiúnta d'úinéirí ar dhéanmhais chosanta maidir le Ceisteanna Caomhnaithe agus bainistíonn sí an Scéim Deontais Caomhnaithe Náisiúnta, a dtugann cuidiú d'oibreacha caomhnaithe cuí do dhéanmhais incháilithe. Chomh maith leis sin cuireann an tOifigeach Caomhnaithe aighneachtaí le chéile ar iarratais phleanála a ndéantar atreorú chuici in áit a bhféadfadh tionchar a bheith ag an bhforbairt beartaithe ar an Oidhreacht thógtha.

## Rialacháin Tógála







### Straitéis

A chinntiú go gcuirtear na Rialacháin Tógála i bhfeidhm go beacht lena chinntiú go mbeidh na cleachtais is fearr in úsáid agus foirgnimh á ndearadh agus á dtógáil mar thairbhe do shláinte, shábháilteacht agus leas na ndaoine a mbaineann úsáid as foirgnimh.

### Cigearacht Forginimh

Molann an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil go ndéanfadh Oifigigh um Smacht Tógála cigireacht ar 12% go 15% d'fhoirgnimh. Mar sin féin, sa chás seo, d'éirigh le Comhairle Chontae na Mí ráta cigireachta thar 90% a bhaint amach le linn 2005.



# Forbairt agus Dul Chun Cinn Turasóireachta

## Straitéis

Contae na Mí a chur chun cinn mar áit thurasóireachta sa mhargadh sa bhaile agus sa mhargadh thar lear.

Sa bhliain 2005 rinne Comhairle Chontae na Mí agus Turasóireacht na Mí (Meath Tourism) coimisiúnú ar straitéis 'Príomháit Oidhreachta na hÉireann – ag Déanamh Margaíochta ar Thurasóireacht na Mí 2005 – 2010' (Ireland's Heritage Capital- Marketing Tourism in Meath 2005-2010). Ba phríomhchuspóir na straitéise ná an bealach a dtabharfar faoi infheistiú san fhorbairt go hinmheánach agus faoin mhargaíocht don chontae, a threorú san earnáil thurasóireachta thar na cúig bliana seo. Rinneadh dul chun cinn suntasach sa chéad bhliain leis an straitéis a chur i bhfeidhm le linn 2005.

## Comharthaíocht

Le linn 2005, sholáthraigh coiste comharthaíochta Chomhairle Contae na Mí agus Turasóireacht na Mí comharthaíocht nua 'Fáilte an Chontae. San áireamh sa chomharthaíocht tá comharthaíocht fáilte ar na bóithre isteach chuig 14 bhaile agus shráidbhaile ar bhóithre náisiúnta, ar mhótarbhealaí agus ar bhóithre nach cinn náisiúnta iad ag teorainneacha an Chontae.

## Bealaí Siúil agus Rothaíochta

Rinne Comhairle Chontae na Mí agus Turasóireacht na Mí iarratas chuig Fáilte Ireland le maoiniú le meaitseáil ó Chomhairle Chontae na Mí le bealaí marcáilte le haghaidh siúil agus rothaíochta a fhorbairt.

## Forbairt Táirge

Deineadh athstruchtúrú ar Thurasóireacht na Mí le hionchorprú a dhéanamh ar fhobairt táirge mar chuid dá ról. Tá cuidiú tar éis a bheith tugtha do mhéid suntasach de thionscnaimh thar an 12 mhí dheiridh.

## Comhoibriú

Ba thionscnamh tosaigh margaíochta a bhí i dTionscnamh Turasóireachta an 4 Chontae a raibh ar siúl ag na hÚdaráis Áitiúla i Muineachán, sa Lú, sa Chabhán agus sa Mhí le margaíocht a dhéanamh ar an gceithre chontae le chéile. Bhí tráthnóna líonraithe ag Turasóireacht na Mí agus Cumann Tráchtála Cheanannais.

## Tionscnaimh Nua Margaíochta

Rinne Turasóireacht na Mí dearadh, cló agus dáileachán ar 150,000 bróisiúr le linn 2005 agus bunaíodh gréasán de 'Faisnéis do Chuairteoirí maidir le Tithe Tábhairne' (Visitor Information Pubs) le faisnéis turasóireachta a dháileadh.
Chuir Turasóireacht na Mí bróisiúr nua gailf le chéile i gcomhar le clubanna gailf mar ullmhúchán don Chorn Ryder 2006.
Cuireadh bróisiúr nua ceirdeanna le chéile agus seoladh é i mí na Samhna in Oifigí Cathrach Chill Dhéagláin.
Thar an tSamhraidh cuireadh grianghrafanna agus scannán nua maidir le Contae na Mí ar fáil ar Dhlúthdhiosca.

## Ionaid Chuairteoirí

Moladh sa straitéis go mbeadh ról na hoifige turasóireachta agus an ionaid chuairteoirí ar nós na gComhairlí Baile. Cuireadh é seo i bhfeidhm.

## Turais Fheasachta

Chuidigh Turasóireacht na Mí le Turais Fheasachta chuig an gContae a fhorbairt d'fhoireann 'Tour Operators and Tourism Ireland.'

## Feachtas na Meán go Náisiúnta

Cuireadh feachtas náisiúnta cláir fógraí agus raidió náisiúnta i bhfeidhm le haird a tharraingt ar Chontae na Mí mar áit thurasóireachta.

## Taispeántais Tionscnamh sa bhaile agus thar lear

D'fhreastail Turasóireacht na Mí ar an-chuid taispeántas díolacháin in Éirinn (Béal Feirste), san Eoraip (Sa Bheilg, San Ollainn, i bPáras), sa Ríocht Aontaithe (i Londain, Birmingham, Yorkshire) agus sna Stáit Aontaithe (Iascaireacht eitleoige i Massachussets agus Tionscnaimh ó Chósta go Cósta le Noel V Ginnity).











# COMHAIRLE BHAILE CHEANANNAIS

| | |
|---|---|
| Ainm | An Comhairleoir Peter Caffrey |
| Páirtí Polaitíochta | Fianna Fail |
| Seoladh | Cavan Road, Ceanannas, Co. na Mí. |
| Uimhir Ghutháin | 087 2618605 |
| Ríomhphost | pcaffrey@members.kellstc.ie |



| | |
|---|---|
| Ainm | An Comhairleoir Brian Collins |
| Páirtí Polaitíochta | Labour |
| Seoladh | Cavan Road, Ceanannas, Co. na Mí. |
| Uimhir Ghutháin | 087 6829205 |
| Ríomhphost | bcollins@members.kellstc.ie |



| | |
|---|---|
| Ainm | An Comhairleoir Brian Curran |
| Páirtí Polaitíochta | Neamh – Pháirtí |
| Seoladh | 4 St Colmcille's Villas, Ceanannas, Co. na Mí. |
| Uimhir Ghutháin | 046 9249984 |
| Ríomhphost | bcurran@members.kellstc.ie |



| | |
|---|---|
| Ainm | An Comhairleoir Sean Drew |
| Páirtí Polaitíochta | Fianna Fail |
| Seoladh | 8 Kenlis Crescent, Ceanannas, Co. na Mí. |
| Uimhir Ghutháin | 087 4121803 |
| Ríomhphost | sdrew@members.kellstc.ie |



| | |
|---|---|
| Ainm | An Comhairleoir A.O. Farrelly |
| Páirtí Polaitíochta | Fianna Fail |
| Seoladh | Moy Cottage, Maudlin Street, Ceanannas, Co. na Mí. |
| Uimhir Ghutháin | 086 8625142 |
| Ríomhphost | afarrelly@members.kellstc.ie |



| | |
|---|---|
| Ainm | An Comhairleoir Conor Ferguson |
| Páirtí Polaitíochta | Sinn Fein |
| Seoladh | Navan Road, Ceanannas, Co. na Mí. |
| Uimhir Ghutháin | 087 2211103 |
| Ríomhphost | cferguson@member.kellstc.ie |



| | |
|---|---|
| Ainm | An Comhairleoir Tommy Grimes |
| Páirtí Polaitíochta | Labour |
| Seoladh | 14 Fr Mc Cullen Park, Ceanannas, Co. na Mí. |
| Uimhir Ghutháin | 087 9806688 |
| Ríomhphost | tgrimes@members.kellstc.ie |



| | |
|---|---|
| Ainm | An Comhairleoir Oliver Sweeney |
| Páirtí Polaitíochta | Fine Gael |
| Seoladh | Hurdlestown, Ceanannas, Co. na Mí. |
| Uimhir Ghutháin | 046 9240518 |
| Ríomhphost | osweeney@members.kellstc.ie |



| | |
|---|---|
| Ainm | An Comhairleoir Bryan Reilly |
| Páirtí Polaitíochta | Fianna Fail |
| Seoladh | Rockfield Road, Ceanannas, Co. na Mí. |
| Uimhir Ghutháin | 046 9240122 086 2599184 |
| Ríomhphost | bryan@bryanreillyauctioneers.com |









## Struchtúr & Seirbhísí

Is í Comhairle Bhaile Cheanannais an t-údarás áitiúil do cheantar uirbeach Cheanannais. Tá sé déanta suas de naonúr comhairleoirí tofa a thoghtar ar feadh tréimhse 5 bliana.

### Príomhghníomhaíochtaí

Cuireann an Chomhairle réimse leathan de sheirbhísí ar fáil atá ríthábhachtach d'fhorbairt agus d'fheidhmiú an bhaile. San áireamh sna seirbhísí seo tá
• tithíocht,
• rialú pleanála, pleanáil forbartha,
• seirbhísí sláintíochta (i gcomhar le Comhairle Chontae na Mí), bóithre uirbeacha agus comhshaol.

Chomh maith leis seo tugann an Chomhairle airgead don Chomhairle Contae le tacú le seirbhísí ar fud an chontae, lena n-áirítear seirbhísí dóiteáin, linnte snámha agus leabharlanna.

Faoi láthair tá buiséad €2.6 milliún ag an gComhairle, agus caitear cuid suntasach de sa bhaile seo, agus caitheadh €7.5 milliún i 2005 ar thionscnaimh caipitil.

Is í Comhairle Bhaile Cheanannais an príomhsholáthraí seirbhíse i gCeanannas a bhfuil ag forbairt i láthair na huaire, agus chomh maith leis seo cuireann sí fóram daonlathach agus ionadaíoch ar fáil do mhuintir Cheanannais.

### Ionad Ilfhreastail Cheanannais

Dhear William Caldeback Halla Bhaile Cheanannais ar dtús mar bhanc in 1853 agus deineadh Halla an Bhaile de i 1974. Sa bhliain 2005, thosaigh obair ar fhorbairt leathan ar an bhfoirgneamh chun é a dhaingniú mar lárionad riaracháin don Údarás Aitiúil sa bhaile agus sa toghcheantar. Tá an foirgneamh á leathnú ó c. 3,000 troigh cearnach go c. 9,500 troigh cearnach ar chostas €5 mhilliún. Tá an-chúram á dhéanamh chun deathréithe ailtireachta an fhoirgnimh agus na háite ina bhfuil sé lonnaithe a chaomhnú. Great care and attention is being given to preserve the architectural merits of the building and the setting in which it is located. Nuair a osclaíonn sé, cuirfidh an tIonad Ilfhreastail réimse seirbhísí de chuid an údaráis áitiúil don phobal lena n-áirítear pleanáil, tithíocht agus mótarcháin. Nuair a chríochnófar i Samhradh 2006 é, is foirgneamh é Halla Bhaile Cheanannais a léireoidh baile atá ag féachaint ar aghaidh agus bródúil as a stair. Déanfar athchóiriú iomlán ag Plás Headfort idir Halla an Bhaile agus reilig Naomh Eoin. Tá an obair seo le bheith críochnaithe faoi dheireadh 2006 agus sí san áireamh sa mhaoiniú do thionscnamh Halla Bhaile.

## Forbairt Eacnamaíochta i gCeanannas

### Lárionad Fiontraíochta agus Teicneolaíochta Cheanannais

Tá áthas ar Chomhairle Bhaile Cheanannais seoladh Lárionad Fiontraíochta agus Teicneolaíochta Cheanannais (KETC) a fhógairt. Tá an lárionad, a bheidh lonnaithe i bPáirc Thionsclaíoch Lloyd, Bóthar an Chabháin, le hoscailt i mí Meán Fómhair 2006. Bunaíodh Kells Enterprise & Technology Centre Ltd. chun forbairt an lárionaid a mhaoirsiú. Is í príomhfheidhm an chomhlachta ná aonaid cuidithe/spás oibre a sholáthar d'earnáil an déantúis agus na seirbhíse teicneolaíochta ar cháin eacnamaíoch chun cuidiú le fás ghnólachtaí beaga agus chun costais tosaithe a laghdú. Foirgneamh dhá-stór atá sa Lárionad, le hachar de 2280m2 agus tá aonaid ann idir 20m2 agus 750m2. Tá an lárionad inrochtana ina iomláine. Tá dearadh an lárionaid ag freastal ar infreastruchtúr nua-aimseartha TF, seomraí cruinnithe, seomra oiliúna agus áis fhíschomhdhála. Soláthróidh an lárionad seirbhísí fáiltithe/rúnaíochta, áiseanna cruinnithe agus comhdhála maraon le comhairle ghnó.Tá tacaíocht ag KETC ó Chomhairle Bhaile Cheanannais, Enterprise Ireland agus Bord Fiontair Chomtae na Mí. Tugadh maoiniú don togra faoin bPlean Náisiúnta Forbartha 2000-2006, ón Aontas Eorpach agus Rialtas na hÉireann.

### Páirc Ghnó Cheanannais

Go déanach sa bhliain 2004, cheannaigh Comhairle Bhaile Cheanannais thart ar 10 n-acra breise ar Bhóthar an Chabháin chun Páirc Thionsclaíoch Lloyd a chruthú. Tá an fhorbairt ag dul ar aghaidh le 23 acra san iomlán ar fáil. Tá tionscnaimh tar éis a bheith aontaithe ar 15 acra, agus faoi láthair tá na tionscnaimh seo sa chóras pleanála.








# COMHAIRLE BHAILE NA hUAIMHE

| | |
|---|---|
| Ainm | An Comhairleoir Andy Brennan |
| Páirtí Polaitíochta | Neamh – Pháirtí |
| Seoladh | 3 Parnell Park, An Uaimh, Co. na Mí. |
| Uimhir Ghutháin | 046 9022253 |
| Ríomhphost | abrennan@members.navantc.ie |



| | |
|---|---|
| Ainm | An Comhairleoir Shane Cassells |
| Páirtí Polaitíochta | Fianna Fail |
| Seoladh | 8 Moatlands Drive, An Uaimh, Co. na Mí. |
| Uimhir Ghutháin | 086 3399198 |
| Ríomhphost | scassells@members.meathcoco.ie |



| | |
|---|---|
| Ainm | An Comhairleoir John Duffy |
| Páirtí Polaitíochta | Fine Gael |
| Seoladh | Balreask Old, An Uaimh, Co. na Mí.. |
| Uimhir Ghutháin | |
| Ríomhphost | jduffy@members.navantc.ie |




| | |
|---|---|
| Ainm | An Comhairleoir Padraig Fitzsimons |
| Páirtí Polaitíochta | Fianna Fail |
| Seoladh | Rathdaldron, An Uaimh, Co. na Mí. |
| Uimhir Ghutháin | 086 8238636 |
| Ríomhphost | pfitzsimons@members.navantc.ie |



| | |
|---|---|
| Name | An Comhairleoir Anne Gibney |
| Political Party | Sinn Fein |
| Address | 8 Claremount Estate, An Uaimh, Co. na Mí. |
| Phone Number | |
| Email | agibney@members.navantc.ie |




| | |
|---|---|
| Ainm | An Comhairleoir Jim Holloway |
| Páirtí Polaitíochta | Fine Gael |
| Seoladh | Farganstown, An Uaimh, Co. na Mí. |
| Uimhir Ghutháin | 086 2355236 |
| Ríomhphost | jholloway@members.meathcoco.ie |



| | |
|---|---|
| Ainm | An Comhairleoir Christopher Reilly |
| Páirtí Polaitíochta | Fianna Fail |
| Seoladh | Ardsallagh, An Uaimh, Co. na Mí. |
| Uimhir Ghutháin | 087 7736545 |
| Ríomhphost | creilly@members.navantc.ie |



| | |
|---|---|
| Ainm | An Comhairleoir Tommy Reilly |
| Páirtí Polaitíochta | Fianna Fail |
| Seoladh | Ardsallagh, An Uaimh, Co. na Mí. |
| Uimhir Ghutháin | 087 2786945 |
| Ríomhphost | treilly@members.navantc.ie |



# COMHAIRLE BHAILE ÁTHA TROIM






| | |
|---|---|
| Ainm | An Comhairleoir Ray Butler |
| Páirtí Polaitíochta | Fine Gael |
| Seoladh | 7 Swift Court, Baile Átha Troim, Co. na Mí. |
| Uimhir Ghutháin | 046 9437051 |
| Ríomhphost | rbutler@members.trimtc.ie |



| | |
|---|---|
| Ainm | An Comhairleoir Phillip Cantwell |
| Páirtí Polaitíochta | Neamh – Pháirtí |
| Seoladh | Villa Maria,Manorland, Baile Átha Troim, Co. na Mí. |
| Uimhir Ghutháin | 046 9431515   087 2880288 |
| Ríomhphost | pcantwell@members.meathcoco.ie |



| | |
|---|---|
| Ainm | An Comhairleoir Trevor Golden |
| Páirtí Polaitíochta | Non - Party |
| Seoladh | Church Lane, Baile Átha Troim, Co. na Mí. |
| Uimhir Ghutháin | |
| Ríomhphost | tgolden@members.trimtc.ie |



| | |
|---|---|
| Ainm | An Comhairleoir Robbie Griffith |
| Páirtí Polaitíochta | Neamh – Pháirtí |
| Seoladh | The Bungalows, Blackfriary, Baile Átha Troim, Co. na Mí. |
| Uimhir Ghutháin | |
| Ríomhphost | rgriffith@members.trimtc.ie |



| | |
|---|---|
| Ainm | An Comhairleoir Vincent Mc Hugh |
| Páirtí Polaitíochta | Fianna Fail |
| Seoladh | St John's, Baile Átha Troim, Co. na Mí. |
| Uimhir Ghutháin | 087 0506414 |
| Ríomhphost | vmchugh@members.trimtc.ie |




| | |
|---|---|
| Ainm | An Comhairleoir Margaret Mc Givern |
| Páirtí Polaitíochta | Sinn Fein |
| Seoladh | 4 Haggard Street, Baile Átha Troim, Co. na Mí. |
| Uimhir Ghutháin | 086 8640011 |
| Ríomhphost | |

| | |
|---|---|
| Ainm | An Comhairleoir Danny O' Brien |
| Páirtí Polaitíochta | Labour |
| Seoladh | 74 Eldergrove, Baile Átha Troim, Co. na Mí. |
| Uimhir Ghutháin | 087 2875293 |
| Ríomhphost | dobrien@members.trimtc.ie |



| | |
|---|---|
| Ainm | Jimmy Peppard |
| Páirtí Polaitíochta | Fianna Fail |
| Seoladh | Manorlands Close, Manorlands, Baile Átha Troim, Co. na Mí. |
| Uimhir Ghutháin | 086 0600500 |
| Ríomhphost | jpeppard@members.trimtc.ie |



| | |
|---|---|
| Ainm | Gerry Reilly |
| Páirtí Polaitíochta | Fianna Fail |
| Seoladh | Teaguestown House, Effernock, Baile Átha Troim, Co. na Mí. |
| Uimhir Ghutháin | 087 2402386 |
| Ríomhphost | greilly@members.trimtc.ie |









# AGUISÍN I

## Tuairisc Bhliantúil Airgeadais Chomhairle Contae na Mí 2005

| | IONCAM (€ M) | CAIPITIL (€ M) |
|---|---|---|
| **CAITEACHAS** | | |
| Tithíocht & Tógáil | 6.579 | 23.986 |
| Bóithre Iompar & Sábháilteach | 28.632 | 144.424 |
| Uisce & Séaracha | 17.190 | 26.466 |
| Spreagadh & Smacht Forbartha | 7.149 | 1.454 |
| Cosaint ar Chomhshaoil | 8.458 | 1.150 |
| Conláistí & Áineas | 4.636 | 8.248 |
| Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte & Leasa | 5.485 | 0.179 |
| Ilghnéitheach | 4.387 | 1.714 |
| **TOTAL** | 82.516 | 207.621 |
| **INCAM** | 42.484 | 224.837 |
| **(Féach foinsí maoinithe thíos)** | | |
| Glan-aistrithe | | 0.345 |
| Glan-chostas Ioncaim le maoiniú ón Chontae | (40.032) | |
| Rátaí | 14.083 | |
| Ciste an Rialtais Áitiúil | 24.018 | |
| Táillí Cathrach | 1.220 | |
| Aistriú ó (go) Cúlchistí | (0.121) | |
| Farasbarr/(Easnamh) don bhliain | (0.832) | 16.871 |
| Comhardú Oscailte | (9.934) | 10.608 |
| **COMHARDÚ DÚNTA** | (10.766) | 27.479 |
| **FOINSÍ MAOINITHE** | | |
| Deontais & Fordheontais Stáit | 24.237 | 179.604 |
| Iasachtaí | | 0.698 |
| Fáltais eile | | 44.535 |
| Cíosanna ó thithe | 4.243 | |
| Iasachtaí Tithíochta | 0.957 | |
| Uisca agus Séarachas | 1.627 | |
| Táillí Pleanála | 2.108 | |
| Imeachtaí Conláistí & Áineasa | 0.328 | |
| Táillí Dóiteáin | 1.005 | |
| Ranníocaíochtaí Pinsin | 1.237 | |
| Ilghnéitheach | 6.742 | |
| **IOMLÁN** | 42.484 | 224.837 |





# AGUISÍN II

## Briseadh síos na n-iarratas i 2005 de réir poist agus inscne

| Title | Rannán | Fir | Mná |
|---|---|---|---|
| Oifigeach Cúnta Foirne | Riarachán | 25 | 3 |
| Oifigeach Cúnta Foirne | Riarachán | 2 | 22 |
| Pleanálaí Feidhmiúcháin Gníomhach | Proif/Teic | 1 | 4 |
| Oifigeach Sinsir Foirne Gníomhach | Riarachán | 3 | 7 |
| Oifigeach Riaracháin | Riarachán | 13 | 14 |
| Oifigeach Ealaíne Sealadach | Riarachán | 4 | 12 |
| Príomhoifigeach Dóiteáin Cúnta | Proif/Teic | 8 | 0 |
| Innealtóir Deartha Cúnta - Bealtaine | Proif/Teic | 4 | 1 |
| Innealtóir Deartha Cúnta - Samhain | Proif/Teic | 3 | 0 |
| Innealtóir Cúnta - Iúil | Proif/Teic | 9 | 1 |
| Innealtóir Cúnta - Samhain | Proif/Teic | 8 | 1 |
| Leabharlannaí Cúnta | Riarachán | 3 | 16 |
| Pleanálaí Cúnta | Proif/Teic | 22 | 26 |
| Innealtóir Cónaitheach Cúnta | Proif/Teic | 9 | 0 |
| Oifigeach Foirne Cúnta | Riarachán | 36 | 193 |
| Leabharlannaí Brainse | Riarachán | 5 | 21 |
| Reconciliation Accounting Technician | Riarachán | 1 | 12 |
| Airíoch - Damhliag | Allamuigh | 17 | 0 |
| Teicneoir Sibhialta Grád 1 | Proif/Teic | 4 | 5 |
| Oibrí Ealaíon Pobail | Riarachán | 3 | 18 |
| Oifigeach Forbartha TF Pobail | Riarachán | 10 | 8 |
| Oibrí Pobail | Riarachán | 8 | 75 |
| Oibrí Ceirde - Baile Átha Troim | Allamuigh | 20 | 3 |
| Innealtóir Deartha - Samhain 04 | Proif/Teic | 3 | 1 |
| Teicneoir Comhshaoil G1 | Proif/Teic | 9 | 13 |
| Teicneoir Comhshaoil G2 | Proif/Teic | 18 | 20 |
| Innealtóir Feidhmiúcháin | Proif/Teic | 14 | 1 |
| Pleanálaí Feidhmiúcháin | Proif/Teic | 2 | 6 |
| Pleanálaí Feidhmiúcháin - Bealtaine 05 | Proif/Teic | 3 | 8 |
| Pleanálaí Feidhmiúcháin - Samhain 04 | Proif/Teic | 5 | 7 |
| Oibritheoir Ginearálta - Dún Seachlainn | Allamuigh | 43 | 1 |
| Oibritheoir Ginearálta - An Uaimh | Allamuigh | 60 | 9 |
| Oibritheoir Ginearálta - Baile Átha Troim | Allamuigh | 48 | 5 |
| Maor Seirbhísí Ginearálta - Damhliag | Allamuigh | 8 | 0 |
| Maor Seirbhísí Ginearálta - An Uaimh | Allamuigh | 7 | 0 |
| Innealtóir Deartha Iarchéime - Bealtaine | Proif/Teic | 9 | 1 |
| Innealtóir Deartha Iarchéime | Proif/Teic | 4 | 1 |
| Oifigeach Imscrúdú Tithíochta | Riarachán | 13 | 7 |
| Forbróir Anailíse Córas Faisnéise (IS) | Riarachán | 22 | 17 |
| Ceannaire Tionscadail Córas Faisnéise (IS) | Riarachán | 21 | 9 |
| Maor Scoile - Dún Seachlainn | Allamuigh | 11 | 10 |
| Airíoch oibreacha uisce - Baile Shláine | Allamuigh | 41 | 01 |
| Leabharlannaí Cúnta | Riarachán | 15 | 66 |
| Cúntóir Oifige | Riarachán | 11 | 212 |
| Garda Tarrthála - Ceanannas | Allamuigh | 4 | 3 |
| Innealtóir Cónaitheach - Ionad Ealaíon | Proif/Teic | 4 | 0 |
| Innealtóir - Márta | Proif/Teic | 7 | 0 |
| Comhraiceoir Dóiteáin Coimeádta - Cill Dhéagláin | Dóiteán | 5 | 1 |
| Comhraiceoir Dóiteáin Coimeádta - An Uaimh | Dóiteán | 13 | 1 |
| Maor Scoile - An Uaimh | Allamuigh | 0 | 1 |
| Maor Scoile - Ráth Tó | Allamuigh | 0 | 1 |
| Innealtóir Sinsir Deartha | Proif/Teic | 4 | 0 |
| Oifigeach Sinsir Foirne | Riarachán | 10 | 22 |
| Ceannaire Tionscadail Seirbhísí Spásúla | Proif/Teic | 1 | 3 |
| Oifigeach Foirne | Riarachán | 11 | 74 |
| Maor Tráchta Maoirseachta | Allamuigh | 12 | 1 |
| Teicneoir G 1 - Dearadh Bóithre | Proif/Teic | 2 | 0 |
| Airíoch Oibreacha Uisce Sealadach - Cill Dhéagláin | Allamuigh | 14 | 0 |
| Oifigeach Idirchaidrimh Tionónta | Riarachán | 0 | 3 |
| Maor d'Fheabhsú Shráidbhaile Bhaile Shláine | Allamuigh | 11 | 0 |
| Airíoch Fuíolluisce - An Uaimh | Allamuigh | 19 | 1 |
| Airíoch Uisce/ Fuíolluisce - Ceanannas | Allamuigh | 57 | 0 |
| | Iomláin | **737** | **710** |